www.gaelsceal.ie

**An féidir tuiscint a fháil ó na réalta?** L. 25

**Ar an gclaí** Le John Allen L. 30

**Gaelscéal ar Scoil** L. 19 - 24

**Focail le Gaoth** Le Concubhar Ó Liatháin L. 8

**An focal deireannach** Le Síle Ní Bhraonáin L. 28

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 13

# Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

28.03.2012

EISIACH

# Baol eile cois Laoi

## Contúirt dóiteáin san Aonad Duánach Cairdiach in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh

**Colm Ó Broin**

TÁ Gaelscéal ag tuairisciú inniu go bhfuil guaiseanna suntasacha dóiteáin in ospidéal eile i gCorcaigh. Léirigh an nuachtán seo an tseachtain seo caite go raibh baol dóiteáin leis an gcarrchlós faoi thalamh atá in Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Corcaigh, ach ní ansin amháin atá fadhbanna nár réitíodh.

Tá lochtanna 'criticiúil' le doirse dóiteáin san Aonad Duánach Cairdiach in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, a d'oscail an t-iarThaoiseach Brian Cowen ar 22 Deireadh Fómhair 2010 ar chostas €85 milliún. Bhí a fhios ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go raibh fadhb ann nuair a osclaíodh an áit agus deir siad nár deisíodh na doirse ó shin toisc go ndeachaigh na tógálaithe, Pierse Construction, as gnó.

Dar le saineolaí a bhreathnaigh ar cháipéisí a fuair Gaelscéal ón FSS, theipfeadh ar stráitéis sábháilteachta dóiteáin an ospidéil dá mbeadh tine ann de bharr na bhfadhbanna leis na doirse.

In Aibreán 2010 tháinig an Bhriogáid Dóiteáin ar an uafás lochtanna san aonad. Réitigh na tógálaithe an chuid ba mhó acu roimh an oscailt oifigiúil, ach níor réitigh siad fadhb leis na doirse dóiteáin. Ba cheart go gcuirfeadh na doirse seo cosc ar lasracha agus deatach bogadh ó chuid amháin den aonad go dtí cuid eile de ach tá imní ar an mBriogáid Dóiteáin faoin mbealach a suiteáladh na doirse.

Léirigh cáipéisí a fuair Gaelscéal ón FSS, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, go bhfuil imní ar an mBriogáid Dóiteáin faoi na "fire doorsets on all floors".

Rinne oifigigh dhóiteáin cigireacht ar an aonad ar 28 Deireadh Fómhair 2010, sé lá tar éis an áit a oscailt go hoifigiúil.

"We examined the prototype door solution and are concerned that the gap over the door solution which accommodates the closer is of a width which compromises the fire rating of the door. There is also a lack of continuity of the smoke and intumescent seals over the doors."

Dúirt siad chomh maith nach raibh eolas faighte acu faoi "electro-magnetic hold open devices" a úsáideadh ar na doirse dóiteáin.

*Ar lean ar leathanach 2*

## Scléip 2012!

GRIANGHRAF LE PAURIC MCGRODER

**Máirín Ní Chéileachair, Uachtarán Ghaelscoileanna, ag bronnadh Phríomhdhuais an chomórtais tallainne, Scléip 2012, ar an amhránaí óg Sinéad Toomey ó Ghaelcholáiste Luimnigh, ag an deireadh seachtaine. Scéal iomlán ar leathanach 2.**

IDIRNÁISIÚNTA

## "Ná cuirtear Romney sa Teach Bán" - fear de bhunú Chonamara a d'oibrigh leis

**Máirtín Ó Catháin**

BA throm an buille é do Stáit Aontaithe Mheiriceá agus don domhan dá dtoghfaí Mitt Romney ina Uachtarán.

Sin barúil fir a d'oibrigh ar feadh roinnt blianta le Romney ar réiteach an chórais nua sláinte poiblí i Stát Mhassachusetts.

"Dhéanfadh Romney rud ar bith a chuirfeadh chun cinn é féin sa bpolaitíocht" arsa an tOllamh John E. McDonough in Ollscoil Harvard. "Tá súil agam nach leagfaidh sé a chos sa Teach Bán mar Uachtarán".

De bhunú Charna i gConamara é an tOllamh John E. McDonough. Tá sé anois ina Ollamh le Polasaí Sláinte Poiblí i Harvard. Chuaigh sé i mbun an phoist sin tar éis do cúpla bliain a bheith caite aige in oifig an tSeanadóra Ted Kennedy i Washington agus é ag cur leis an reachtaíocht nua faoi chóras sláinte poiblí do Mheiriceá uilig. Roimhe sin a chuir sé aithne mhaith ar Mitt Romney.

*Ar lean ar leathanach 6*

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

# NUACHT NÁISIÚNTA

## Ard-Fheis an Chonartha in Inis

**Katie McGreal**

BEIDH Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 2012 ar siúl san Óstán Auburn Lodge in Inis, Co an Chláir, an deireadh seachtaine seo, 30 Márta go dtí 1 Aibreán. Is é téama na hArd-Fheise i mbliana ná Comhstraitéis Ghníomhach Uile-Éireann don Ghaeilge.

Táthar ag iarraidh béim a chur ar thraenáil idirghníomhach do theachtaí le linn na hArd-Fheise chomh maith le comhpháirtíocht a spreagadh iontu. Beidh cruinniú gréasáin agus seisiún traenála leis na Scéimeanna Pobail Gaeilge ar siúl tráthnóna Dé hAoine ag 11rn agus ceann eile ag 2in. "Ag brath ar na rúin a nglacfar leo, táim ag siúl le treoir oibre a fháil as," a deir Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge faoin Ard-Fheis i mbliana. Labhróidh Ferdie Mac an Fhailligh, Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, Páidí Ó Lionáird, láithreoir 7 Lá ar TG4 agus colúnaí leis an nuachtán seo, agus Maolsheachlainn Ó Caollaí, iarUachtarán Chonradh na Gaeilge faoi chomhstraitéis don teanga i ndiaidh na hoscailte oifigiúla ag 8in ar an Aoine. Labhróidh siad faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 sa Deisceart agus an Straitéis Ghaeilge sa Tuaisceart chomh maith le píosa beag cainte ar an tSamhail Nua Mhaoinithe le linn na na cainte. Ar an Satharn, pléifear cuntais Chonradh na Gaeilge agus beidh deis ag éinne ceisteanna a chur faoi na cuntais. Pléifear neart rúin ina dhiaidh sin, ina measc, an Bille Gaeltachta, an fhéidearthacht atá ann ceiliúradh a dhéanamh ar Éirí Amach na Cásca 1916, an tSamhail Nua Mhaoinithe agus conas a bhaineann sé leis an gComhairle Aireachta Thuaidh agus Theas agus neart ábhar eile.

Tabharfaidh na heagraíochtaí atá faoi scáth Chonradh na Gaeilge tuairisc ar an obair atá déanta acu agus a ndul chun cinn ag 12.30 agus díreach roimh lón, déanfar toghchán na huachtaránachta.Is é Donnchadh Ó hAodha, uachtarán reatha Chonradh na Gaeilge, an t-aon duine atá ainmnithe don toghchán sin i mbliana. Beidh comhdháil Gaeilge d'Aontas na Mac Léinn ar siúl ag 1.30in.

Tosóidh an comórtas peile Seachtar an Taobh ag 2in agus ag an am céanna, beidh neart ceardlanna ar siúl. Is féidir foghlaim faoi na meáin shóisialta agus conas is féidir le Facebook, Twitter agus araile cabhrú le hobair CnaG. Beidh ceann eile faoi scéimeanna maoinithe atá ag Foras na Gaeilge do choistí áitiúla agus conas airgead a thiomsú agus ceardlann eile faoin nGaeilge sa chóras oideachais agus conas í a chur chun cinn sa Deisceart agus sa Tuaisceart.

Déanfar toghcháin don choiste gnó ag 3.15in agus cuirfear neart ceardlanna eile ar siúl ina dhiaidh sin. Tabharfaidh na ceardlanna seo cabhair d'éinne atá ag iarraidh imeachtaí a eagrú sa phobal, ar nós Seachtain na Gaeilge, ranganna Gaeilge, ciorcal comhrá, agus mar sin. Beidh céilí agus dinnéar na hArd-Fheise ar súil ar oíche Shatharn ag 8.30in.

Beidh Aifreann na hArd-Fheise ar siúl ag 10.30rn ar an Domhnach agus eagróidh Craobh na hInse siúlóid stairiúil timpeall Bhaile na hInse ag 12in. Tá tuilleadh eolais faoin deireadh seachtaine ar fáil ó www.cnag.ie agus is féidir é a leanúint ar Twitter nó chuile rud a fheiceáil beo ar chainéal UStream Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 2012 ar www.ustream.tv.

An Taoiseach ag an am, Brian Cowen, agus Micheál Martin, in éineacht le Nora Harris ag oscailt Aonad Duánach Cairdiach Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, in 2010.

## Baol eile cois Laoi

*Ar lean ó leathanach a haon*

Níor réitíodh fadhbanna eile le doirse dóiteáin san aonad ach oiread, ina measc, ceann nach raibh ag dúnadh go hiomlán toisc go raibh sé ag bualadh in éadan an urláir agus ceann eile ina raibh an mheicníocht féindúnta briste.

Scríobh David King, Oifigeach do Chosc Dóiteáin le Comhairle Chathair Chorcaí, chuig ailtirí an aonaid, Watkins Gray International, ar 26 Samhain 2010 ag rá: "The performance of a fire door critically depends on the correct installation of the complete door assembly strictly in accordance with the terms of the relevant test certificate"

Ar 17 Eanáir 2011 scríobh King: "This issue has been ongoing for some time and we are now under pressure to bring it to a conclusion so that all these fire doors, which are critical to the fire safety strategy for the building, are brought to a satisfactory standard."

Tá na doirse criticiúil don aonad toisc go bhfuil stráitéis aslonnaithe 'cothrománach' aige. Dá mbeadh tine i seomra san aonad, bhogfaí othair go dtí seomra eile ar an leibhéal céanna nó go gcuirfí smacht ar an tine, seachas chuig urlár eile.

Ach de réir an tsaineolaí dóiteáin, CJ Walsh, theipfeadh ar an stráitéis toisc nach n-oibreodh na doirse dóiteáin mar is ceart.

"Léiríonn na cáipéisí go bhfuil go leor leor fadhbanna leis na doirse agus nach bhfuil bealach ar bith go stopfadh siad lasracha agus deatach ag bogadh timpeall an ospidéal," a dúirt an tUas Walsh.

"Bheadh gá na hothair, daoine atá i leapacha agus na meaisíní scagdhealuithe a aslonnú ón ospidéal go hingearach, ach tá fadhbanna leis sin chomh maith," a dúirt sé.

"Níl ach ardaitheoir amháin san ospidéal a d'oibreodh le linn dóiteáin de bharr go bhfuil foinse cumhachta neamhspleách aige, mar sin bheadh na hothair agus na fir dhóiteáin, a bheadh ag iarraidh dul go dtí leibhéal an dóiteáin, ag baint úsáid as ardaitheoir céanna ag an am céanna" a dúirt Walsh.

Tá staighrí éalaithe san ospidéal ach bheadh sé deacair othair i leapacha, tralaithe nó cathaoireacha rothair a aslonnú orthu. I ráiteas chuig Gaelscéal, dúirt an FSS nár réitíodh an fhadhb leis na doirse de bharr go ndeachaigh na tógálaithe, Pierse Construction, as gnó.

Dúirt siad áfach go gceapfaidh an glacadóir conraitheoir "go luath" chun an obair a dhéanamh.

Cháin an tUasal Walsh an ráiteas seo go géar áfach.

"Is cuma Pierse Construction a bheith as feidhm nó gan a bheith, is leis an FSS an t-ospidéal agus tá dualgas orthu i dtaca le lear mór rialachán sláinte agus sábháilteachta chun a chinntiú go bhfuil an t-ospidéal ina bhfuil othair lonnaithe sábháilte," a dúirt sé.

"Tá an méid a léiríonn na cáipéisí faoin gcaighdeán tógála agus sábháilteachta san ospidéal ar mire glan, d'fhéadfaí lochtanna beaga a maitheamh ach tá fadhbanna móra ansin leis agus caithfear iad a réiteach scun scan.

"Tá daoine ag rá gur 'barr an chnoic oighir' atá in Halla na Príóireachta agus tugann an scéal seo léargas dúinn ar cé chomh fairsing agus tromchúiseach is atá an cnoc oighir seo."

## Sár-thallann léirithe ag Scléip 2012

**Katie McGreal**

BHÍ lucht Ghaelscoileanna Teo thar a bheith sásta le caighdeán na n-iarrthóirí a ghlac páirt i gcraobhchomórtais Scléip in amharclann an Axis, Baile Munna ar an Satharn seo caite. Ghlac 15 scoil páirt sa chomórtas tallainne seo d'iarbhunscoileanna Gaeilge.

Ba í Sinéad Toomey as Gaelcholáiste Luimnigh a thóg léi Grand Prix an chomórtais, príomhdhuais an chomórtais le hamhrán a scríobh sí féin.

Bhuaigh Cór Cois Life ó Choláiste Cois Life agus Na Comrádaithe ó Ghaelcholáiste Mhuire sa rannóg ceoil nuaaimseartha do ghrúpaí. Bhuaigh Na Jaffa Cakes ó Ghaelcholáiste Cheatharlach agus Áine Pollock agus Sinéad Ní Buachalla ó Choláiste de hÍde sa rannóg rince cruthaitheach de ghrúpaí. Bhí rannóg dhrámaíochta/mhíme ann a bhuaigh Gaelcholáiste Chill Dara agus Pobalscoil Ghaoth Dobhair agus bhuaigh Clíona Ní Ghallchóir ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair agus grúpa ceoil An Daingean ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne sa rannóg ilchineálach. Phioc na moltóirí Scléipeoirí ó Choláiste Chilliain mar ghrúpa a sheas amach sa chomórtas ach nár bhuaigh ina rannóg féin.

Bhí triúr moltóirí i láthair ag an gcraobh, Sinéad Ní Uallacháin, Tomaí Ó Conghaile agus Jen Ní Mhathúna agus mhol siad na hiomaitheoirí uile as an dul chun cinn a bhí déanta acu ó na réamhbabhtaí.

"Is ceart go mbeadh siad uilig an-bhródúil astu féin," a deir Clare Spáinneach ó Ghaelscoileanna, "Bhí caighdeán thar a bheith ard ann."

Sa bhliain 2005 a reáchtáladh an comórtas Scléip den chéad uair.

**Gaelscéal**

**Ciarán Dunbar**
*Eagarthóir*
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

**Patricia Ní Chonghaile**
*Comhordaitheoir Táirgíochta*
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

**Katie McGreal**
*Iriseoir*
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

**Caroline Ní Chualáin**
*Comhordaitheoir Oideachais*
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

**Gráinne McElwain**
*Soláthróir Ábhair Spóirt*
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

**Oifig an Spidéil:**
**00353-91-897766**

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

# Conas a bhaineann tú duais mhór Ghlór na nGael?

Caitheann **Anton Mac Cába** tamall le buaiteoirí Ghlór na nGael, Gaelphobal an tSratha Báin, chun níos mó a fháil amach faoina ndóigheanna buacacha

NÍ thar oíche a tharla an bua ag Gaelphobal an tSratha Báin i gcomórtas Ghlór na nGael.

Ba 15 bliain i ndiaidh a bhunaithe a tharla an t-éacht. Sna 90idí bhí Craobh Mhic Crosáin de Chonradh na Gaeilge ann.

Ansin tháinig Naíscoil an tSratha Báin, as ar eascair Gaelscoil Uí Dhochartaigh. Faoi 1997 bhí sé riachtanach go mbeadh comhordú idir an trí dream agus bunaíodh Gaelphobal mar scáth-eagras ar an bhaile.

Níor scaifte mór iad. Ba "thart ar dhosaen duine" a bhí ann, dar le Máirtín Ó Maolmhuaidhe, oifigeach forbartha Ghaelphobail.

Bhí thart ar dhosaen i gCraobh Mhic Crosáin, nár Ghaeilgeoirí líofa uilig iad, nó "cuid acu ag foghlaim na Gaeilge," dar le hÓ Maolmhuaidhe.

Cé nár léir é, ba thús le borradh a bhí anseo. Ag an am sin, bhí thart ar 30 le Gaeilge ar an bhaile. Bhí leibhéil dhifriúla líofachta acu.

Tá sé mar bhuntáiste ag an Srath Bán go bhfuil sé ar an teorann. Ar feadh tamaill bhí tréan daoine as Dún na nGall ag aistriú isteach ann, mar go raibh tithe níos saoire ar fáil ansin.

Bhí Gaeilge acu ón scoil. "Ní raibh ach an Ghaeilge sin a athmhúscailt," arsa Ó Maolmhuaidhe.

Ó bunaíodh Gaelphobal, tháinig borradh mór faoin Ghaeilge ar an bhaile agus tá níos mó ná 200 duine, ar a laghad, ann anois agus Gaeilge acu. Tá níos mó teaghlaigh ag tógáil clainne le Gaeilge ann ná in am ar bith ó thús an 19ú céad, roimh an Ghorta Mór. Tá ar a laghad scór teaghlach i gceist.

**Ceannasaí Ghlór na nGael, Lorcán Mac Gabhann (ar chlé) , in éineacht le Cathaoirleach Ghaelphobal an tSratha Báin, Seán Mór Ó Daimhín, tar éis gur bronnadh príomhdhuais Ghlór na nGael ar na hEoghanaigh i mbliana.**

Bíonn ranganna ag leibhéil dhifriúla ar siúl ceithre oíche den seachtain agus thart ar 100 duine ag freastal orthu. Leis an dá scoil, tá ráchairt ó tuismitheoirí. Bhí neart acu ag iarraidh a fháil amach cad é bhí ar siúl ag a bpáistí.

Cuireann Gaelphobal múinteoir ar fáil do rang tacaíochta i Scoil na Croise Naofa, an mheánscoil Chaitliceach atá ar an bhaile. Mic léinn AS (séú bliain) agus A-Leibhéal (seachtú bliain) a bhíonn sa rang seo.

Tuigeann Gaelphobal nach leor ranganna. "Thiocfadh leat ranganna a eagrú ó thús deireadh na bliana, ach nuair a thagann daoine amach as na ranganna de ghnáth stadann siad de bheith ag caint Ghaeilge," arsa Ó Maolmhuaidhe.

Mar sin, bíonn club óige ar siúl uair sa tseachtain agus tá grúpa drámaíochta ann. Déanann Gaelphobal freastal ar riachtanais na dteaghlach atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge. Bíonn ar a laghad ceithre dheireadh seachtainí sa bhliain acu sin.

Bíonn, leis, cúpla deireadh seachtaine tum-cónaí trí Gaeilge do dhaoine ó 20 bliain suas. Déantar achan rud thar an deireadh seachtaine i nGaeilge.

Tá an-bhuntáiste leis na deiridh seachtaine seo, ón taithí atá ag Ó Maolmhuaidhe. "Nuair a bhíonn deireadh seachtaine ag daoine agus iad ag labhairt Ghaeilge an t-am ar fad, is cuma má tá siad ag déanamh cócaireachta, ag dul amach ag siúl, agus ag labhairt Ghaeilge nuair a bhíonn siad le duine nó beirt eile, tógann sé féinmhuinín sna daoine sin, feiceann siad go dtig leo a bheith ag maireachtáil tríd an Ghaeilge an t-am ar fad," ar seisean.

Tá rudaí ar siúl ag Gaelphobal nach mbeifeá ag súil leo. Tá dhá ghrúpa páistí acu, thart ar 24 ar fad, faoin scéim Surestart. Is togra seo ag rialtas na Breataine, é dírithe ar pháistí faoi cheithre bliana d'aois atá i gceantracha faoi mhíbhuntáiste.

Ar ndóigh, tá gné amháin d'obair Ghaelphobail nach mbeadh ina ábhar iontais. Bhí sé riamh amuigh ar an Srath Bán gur baile mór siopadóireachta é a mbíonn sladmhargaidh ar fáil ann. Tá sin fíor i gcás na Gaeilge fosta.

Tá sladmhargadh ann d'aon duine atá ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim.

Tá sé amuigh ar an Srath Bán gur ann atá na ranganna is saoire sa tír, £2 (€2.40) ar rang.

# Atmaisféar ar dóigh Cois Mhughdhorna

**Anton Mac Cába**

TÁ Oifig agus Ionad Buail-Isteach Ghaelphobal an tSratha Báin ar imeall láir an bhaile. Seomra mór amháin atá ann, le cistin bheag agus leithreas. Tá sé fá 100 slat den phríomhshráid, ar thaobhshráid ag an droichead thar an Mhorn (Mughdhorn sa tSeanGhaeilge).

Bíonn duine le Gaeilge ar fáil ann an chuid is mó den am: Máirtín Ó Maolmhuaidhe, an tOifigeach Forbartha, ach go háirithe. Ní cúrsaí riaracháin amháin a bhíonn ar shiúil ann. Is áis mhaith ag lucht na Gaeilge ar an bhaile é.

Tá an t-atmasféar breá neamhfhoirmeálta. Tá daoine ábalta suí síos i gcathaoir uilleach agus a scíth a ligint. Tá áiseanna ann le tae agus caifé a dhéanamh. Le ceann de na ballaí tá cúpla ríomhaire, don duine atá ag cuartú na n-acmhainní Gaeilge ar líne.

Tá acmhainní san Ionad chomh maith agus roinnt leabhair Ghaeilge á ndíol ann, téacsleabhair don chuid is mó. Leis, tá leabharlann de leabhair Ghaeilge ar fáil d'éinne atá ag iarraidh Gaeilge a léamh. Tá seo ag fás an t-am ar fad.

Tá an t-atmasféar ar dóigh do chiorcal comhrá ach go háirithe, mar sin, bíonn dhá cheann ar siúl ann, ceann don mhuintir atá líofa go maith, ceann eile chun cuidiú leo siúd ar mhaith leo a bheith líofa.

**Oifig Ghaelphobal an tSratha Báin**

# Díograis Uí Dhochartaigh

**Anton Mac Cába**

I MEASC bhailte móra an Tuaiscirt, ní raibh cáil na Gaeilge ar an Srath Bán riamh, cé nach raibh sin iomlán cothrom, nó tá cúlra láidir Gaeilge ann.

Le cuimhne na ndaoine, bhí Gaeilge sna Speiríní, thart ar dhosaen míle den bhaile. Más ag dul siar atá tú, tá an baile fá 25 míle den Ghaeltacht i nGleann Fhinne, Dún na nGall. Bhí an Srath Bán ar an Lagán sa tsean-am. Tréan den mhuintir as Gaeltacht Dhún na nGall a bhí ar fostó ann, shocraigh siad síos fán bhaile agus tá a sliocht ann ar fad.

Le blianta, ní raibh Gaeilge á teagasc sa mheánscoil Chaitliceach ba mhó ar an bhaile, St Colman's. Mhair gríosach Gaeilge faoi thalamh.

Choinnigh Gearóid Ó Dochartaigh agus cúpla seanfhondúir eile an teanga beo. Fhear aráin ab ea an Dochartach. Chaith sé seal faoi ghlas as bheith ina phoblachtach. Bhíodh sé ag reáchtáil ranganna Gaeilge. Bhí Risteard Mac Dáibhéid ag freastal ar rang i 1984. Ní raibh ann ach eisean agus a mhúinteoir, an Dochartach, iad ina suí i seomra le téiteoir Superser.

Fuair an Dochartach bás thart ar 10 mbliana ó shin, é thar an ceithre scór. Mhair sé le borradh na Gaeilge ar an Srath Bán a fheiceáil.

### *Our Fada*

Eire = Ualach
Éire = Ainm chomórtha ó Éiriú, ceann de thriúr bhandéithe an Tuatha Dé Danann. Banba agus Fodhla an bheirt eile.

## Folúntas

**múnlaigh do Thodhchaí**

**OIFIGEACH FOIRNE (GAEILGE)**

**TAG: IRC124728**
**TUARASTAL: £27, 115 - £30,520**

**ROINN: An Roinn Oideachais (RO)** | **LÁTHAIR: Beannchar**

D'fhéadfaí tuilleadh ceapachán a dhéanamh ón chomórtas seo má tharlaíonn sé go mbíonn poist fholmha i Státseirbhís Thuaisceart Éireann a mbíonn dualgais agus freagrachtaí comhchosúla acu.

Le foirm iarratais a fháil, mar aon le heolas níos mine, lena n-áirítear dualgais agus freagrachtaí an phoist, agus na critéir a úsáidfear le linn an phróisis earcaíochta agus roghnúcháin, scríobhtar, cuirtear ríomhphost chuig nó cuir fón ar HRConnect ag:

**HRConnect, PO Box 1089, The Metro Building, 6-9 Donegall Square South, Béal Feirste, BT1 9EW. Guthán: 0800 1 300 330. Ríomhphost: recruitment@hrconnect.nigov.net**

Moltar d'iarratasóirí iarratas a chur isteach ar líne ag an seoladh seo a leanas: **www.nicsrecruitment.gov.uk** Cuirtear fáilte roimh iarrataí le haghaidh iarratas cruachóipe, áfach, agus caithfear go cothrom le gach iarratas bíodh siad i bhfoirm chruachóipe nó ar líne.

Ní mór d'ainm, do sheoladh agus an uimhir thagartha IRC124728, a bheith san áireamh le gach iarratas.

Caithfear foirmeacha iarratais comhlánaithe a sheoladh ar ais le sinn a bhaint amach tráth nach déanaí ná **12:00 nóin (am na Ríochta Aontaithe) Dé hAoine 30ú Márta 2012.**

Is Fostóir Comhionannas Deiseanna é Státseirbhís Thuaisceart Éireann.
**IS AR BHONN FIÚNTAIS AMHÁIN A MHEASFAR GACH IARRATAS AR FHOSTAÍOCHT**

**Státseirbhís Thuaisceart Éireann**

**www.nicsrecruitment.gov.uk**

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 28 Márta, 2012

# Ospidéal Máithreachais Chorcaí 'slán sábháilte'

## Freagra tugtha ag FSS tar éis gur nochtadh imní an Bhriogáid Dóiteáin ar Gaelscéal

**Colm Ó Broin**

TÁ sé ráite ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil Ospidéal Máithreachais na hOllscoile Chorcaí 'iomlán comhlíontach' leis na rialacháin sábháilteachta dóiteáin.

Thuairiscigh Gaelscéal go heisiach an tseachtain seo caite go raibh imní ar Bhriogáid Dóiteáin Chorcaí faoi ábhar inslithe indóite i gcarrchlós atá faoin ospidéal a osclaíodh i Márta 2007 ar chostas €75 milliún.

Nochtaigh Gaelscéal gur chuir an Bhriogáid Dóiteáin a n-imní in iúl faoin ábhar don FSS ó Samhain 2007 i leith. Dúirt siad nach raibh an t-ábhar mar chuid den Deimhniú um Sábháilteachta Dóiteáin a d'eisigh siad don fhoirgneamh agus nach raibh ábhar indóite ceadaithe i gcarrchlóis faoi thalamh.

"In view of the above, and considering that the location of the carpark in CUMH is directly underneath the Neo-Natal unit, Cork City Council Fire Authority is not in a position to approve a design which includes combustible materials being affixed to the soffit of the car park," a dúradh i mí Bealtaine 2008.

Fuair an FSS comhairle ó thriúr comhairleoirí dóiteáin a dúirt gur comhlíon an t-ospidéal rialacháin dóiteáin agus nach raibh gá le córas spréite uisce de bharr go raibh an t-insliú "99% dodhóite".

Rinne Príomh-Oifigeach Dóiteáin Chorcaí, John Ryan, moladh in Eanáir 2009 go dtabharfaí "serious consideration to installing an automatic fire suppression (sprinkler) system" bunaithe ar thuairisc a scríobh an Dr Ray Connolly ó Fire and Risk Solutions Ltd.

Scríobh an Dr Connolly: "We concluded that the combustible insulation material will ignite and thus will, in absolute terms, increase the overall fire severity" agus "Our analysis concludes that the retention of the in-situ soffit would pose an increased fire severity compared to a fully non-combustible soffit design."

Níor thosaigh an Fheidhmeannacht ar phróiseas tairisceana don chóras spréite uisce go dtí gur chuir Gaelscéal iarratas um shaoráil faisnéise chucu faoin gceist in Eanáir na bliana seo, áfach.

Dúirt an FSS le Gaelscéal gur moladh amháin a bhí sa mhéid a dúirt an Briogáid Dóiteáin faoin gcóras agus nár eisigh Comhairle Chathair Chorcaí Ordú Feidhmiúcháin ina leith.

Dúirt siad chomh maith go raibh siad ag fanacht ar thaighde faoi charrchlóis faoi thalamh a bhí ar bun sa Bhreatain, a luaigh Dr Ray Connolly, agus a eisíodh i mí na Nollag 2010.

De réir an tsaineolaí sábháilteachta dóiteáin, CJ Walsh, bheadh an baol ann go scaipfeadh lasracha agus deatach ó thine sa charrchlós chuig an gcuid eile den ospidéal ag brath ar cé chomh slán ó thaobh sábháilteachta dóiteáin de atá na poill do phíopaí agus do shreanganna atá i ndíon an charrchlóis. Léirigh sé imní faoi shábháilteacht na bpoll ach deir an FSS go bhfuil cosc cuí dóiteáin (appropriate fire stopping) orthu agus go dtógadh sé ar a laghad 90 nóiméad ar thine scaipeadh chuig an gcuid eile den ospidéal.

## 31 Márta: Dáta an Reifrinn

**D'fhógair an Tanáiste Eamon Gilmore inné go mbeidh pobal na tíre ag dul chuig na botháin vótála Déardaoin 31 Márta lena mbreithiúnas a thabhairt ar an Chonradh Eorpach maidir le Comhshocrú Fioscach. Ciallaíonn sé sin go bhfuil 65 lá ag na páirtithe tionchar a imirt ar an phobal chun tacú leis an Chonradh nó diúltú dó, conradh atá le teacht i bhfeidhm 1 Eanáir 2013.**

**Oifigeach Foilsitheoireachta (1 bl)**

COIS LIFE
www.coislife.ie

**COIS LIFE FOILSITHEOIRÍ GAEILGE**

Oifigeach Foilsitheoireachta de dhíth.
Post lánaimseartha ar conradh bliana.
Sonraí iomlána ar an suíomh.

**www.coislife.ie**
**Spriocdháta le hiarratais: 30 Aibreán 2012**

Foras na Gaeilge

arts council / an chomhairle ealaíon — funding literature — artscouncil.ie

# Spriocdháta don mhuirear teaghlaigh ag teannadh linn

## Ach líon mór teaghlach fós gan an táille a íoc

**Katie McGreal**

TÁ spriocdháta an mhuirir theaghlaigh ag teacht ar an Satharn beag seo, 31 Márta.

Bhí an muirear seo íoctha ag 386,121 teaghlach as an 1.6 milliún atá sa tír ar fad faoi 12in inné. D'íoc 22,643 teaghlach idir 4in ar an Luan agus 12in ar an Máirt. Bhí 8,942 úinéir tí i dteagmháil ag iarraidh tarscaoilte a fháil. Fuaireadar €38,612,100 as na daoine a d'íoc go dtí seo. Tá an rialtas ag siúl le €160,000,000 a bhailiú leis an gcáin seo ina iomláine.

D'íoc 82% de na daoine seo ar líne. Is féidir an íocaíocht a chur tríd an bpost freisin.

Tháinig tuairisc go dtí Comhairle Contae na Mí inné go bhfuil daoine ag dul timpeall an chontae ag ligean orthu gur as an gComhairle Chontae iad agus go bhfuil siad chun an cháin a bhailiú. Deir siad nach bhfuil aon oibrithe acu ag dul ó dhoras go doras ag bailiú na cánach. Tá air éinne a bhfuil sealúchas cónaithe acu €100 a íoc in aghaidh an tí agus má tá árasáin sa teach, caithfidh siad €100 a íoc in aghaidh an árasáin. Mar shampla, má tá teach le 4 árasán agat, caithfidh tú €400 a íoc.

Mura n-íocann tú an cháin roimh an Satharn seo ach má íocann tú taobh istigh de sé mhí í, beidh ort táille breise de 10% a íoc agus i ndiaidh sé mhí ach taobh istigh de 12 mhí, beidh ort táille breise 20% a íoc. Rachaidh sé suas go dtí táille 30% den mhéid iomlán atá le n-íoc ina dhiaidh sin agus ardóidh an fhigiúir 1% eile in aghaidh na míosa ina dhiaidh sin. Caithfear an méid iomlán atá gan íoc a ghlanadh sular féidir an teach a dhíol.

Cáin nua is ea an muirear teaghlaigh a tháinig i bhfeidhm ag tús na bliana seo faoin Acht um Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011 agus na Rialúcháin um Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2012. Tugadh isteach an cháin de bharr comhaontaithe leis an Aontas Eorpach (AE) agus leis an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI). De réir bileog eolais ón rialtas ar an gcáin, úsáidfear an t-airgead chun tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí áitiúla.

Tá tuilleadh eolais faoin gcáin agus conas é a íoc le fáil ar an suíomh www.household-charge.ie.

# CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

## Mahon, mionchaimiléireacht agus mórchaimiléireacht

Tá Bertie Ahern, Padraig Flynn agus a leathbhádóirí náirithe os comhar an tsaoil mhóir go deo na ndeor ag Binse Fiosraithe Mahon. £215,000 a fuair Ahern thar dhá bhliain, gan aon mhíniú sásúil a thabhairt ar cén áit as ar tháinig sé. Dúirt Mahon go raibh £50,000 a fuair Flynn éillitheach.

Bhain cuid mhór de thuairisc Mahon le Gleanntán an Choiréil in iarthar Bhaile Átha Cliath. Is ansin a tógadh Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life. Seans maith go bhfuil sé feicthe agat ar an N4 idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh. Rud amháin atá le tabhairt faoi dheara ná go bhfuil aghaidh an ionaid ag breathnú sa treo mícheart. Bhí sé in ainm is a bheith mar ionad baile do Bhaile Néill, nó tuaisceart Chluain Dolcáin mar a ghlaoitear air chomh maith.

Ceantar le lear mór eastát tithíochta poiblí atá i mBaile Néill a tógadh sna 1970í ar imeall na cathrach. Bhí sé mar chuid den phlean forbartha in 1972 go mbeadh croílár ann don phobal le sráideanna, siopaí, áiseanna pobail agus gnóthaí. Bhí stráice de thalamh zónáilte míle ó dheas ó Ghleann na Life don ionad seo. Ach níor tógadh riamh é agus fágadh Baile Néill ar an imeall, buailte le fadhbanna ollmhóra bochtanais, dífhostaíochta, hearóin, iompair fhrithshóisialta agus coiriúlachta. Shíl Owen O'Callaghan go bhféadfaí níos mó brábúis a dhéanamh le hionad siopadóireachta a bheadh suite in aice le trácht an N4 agus an M50. Mar sin bhain Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath an zónáil de Bhaile Néill agus bhronn siad zónáil nua ar Ghleanntán an Choiréil. Níor tharla sé seo thar oíche agus bhí ar O'Callaghan go leor brú agus stocaireachta a dhéanamh ar chomhairleoirí. Dúirt Mahon go raibh íocaíochtaí a thug O'Callaghan do roinnt comhairleoirí éillitheach, agus ina measc sin bhí duine ó shráidbhaile Chluain Dolcáin, Colm McGrath. Ní hamháin go bhfuair sé siúd airgead, ach bhronn O'Callaghan conradh slándála d'Ionad Ghleann na Life ar chomhlacht McGrath.

**Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life.**

Deirtear gur tír bheag í Éire, agus léiríonn Tuairisc Mahon é sin go maith. Ainmníodh comhairleoir áitiúil eile, Colm Tyndall, sa tuairisc, fear ar imir mé peil leis roinnt blianta ó shin. Ní bhfuair Tyndall airgead ón bhforbróir, ach d'éirigh lena chomhlacht árachais gnó ar luach £1.2 milliún a fháil uaidh thar thréimhse deich mbliana tar éis an vóta athzónála.

Ní raibh iompar Tyndall éillitheach, de réir Mahon, ach bhí sé míchuí. Is mór an trua é gur chosain an tuairisc €300 milliún agus gur thóg sé 15 bliain, ach tá léargas iontach tugtha aige ar an gcaimiléireacht a bhí ar siúl i gcroílár shaol pholaitiúil na hÉireann. Ach ní fiú na polaiteoirí agus an lucht gnó a cháineadh mura gcuirfear leasuithe i bhfeidhm a laghdóidh an baol go dtarlóidh sé arís. Ní mór srian a chur ar an méid brábúis is féidir a dhéanamh má dhéantar athzónáil ar do thalamh agus, thar aon ní eile, caithfear deireadh a chur le maoiniú príobháideach na bpáirtithe polaitiúla. Faoi láthair tá dhá mháistir ag polaiteoirí, na vótóirí agus na daoine a íocann as a bhfeachtais polaitiúla, agus tagann leas an dá dream salach ar a chéile go minic.

Cothaíonn an córas reatha mionchaimiléireachta ar nós na nithe a nochtaigh Mahon. Ach tá mórchaimiléireacht ag baint leis an gcóras seo chomh maith. Fiú mura bhfuil duine a thugann airgead do pháirtí ag lorg buntáiste as, tá an córas éillitheach toisc go dtugann sé buntáiste do pháirtithe a bhfuil polasaithe acu atá chun leas lucht an rachmais thar na páirtithe a dhéanann ionadaíochta ar dhaoine nach bhfuil an méid sin airgid acu. Ní bheidh daoine sásta leis an moladh seo, ach níl aon dul as dúinn ach páirtithe polaitiúla a mhaoiniú le hairgead an Stáit amháin má táthar le dul i ngleic leis an míchothromaíocht seo.

## 'Maoirseoir' le scoileanna aon-oide a tharrtháil?

Tuairiscíonn Gaelscéal inniu faoi na deacrachtaí a bheas ag scoileanna beaga tuaithe má fhágtar iad le múinteoir amháin de bharr ciorruithe atá beartaithe i mbliana. Chuir Éamon Ó Cuív ceist ar an Aire Oideachais an tseachtain seo caite an gcreideann sé go mba cheart go mbeadh dhá oide ar a laghad i ngach bunscoil mar gheall ar chúinsí sláinte agus sábháilteachta. Thug an tAire Ruairí Quinn freagra fada, nó fadálach a ba cheart a rá, ar an gceist, ach níor dhéileáil sé leis an ábhar go dtí an deireadh.

"Luíonn an fhreagracht as scoileanna a bhainistiú ó lá go lá, bainistiú cúrsaí sláinte agus sábháilteachta san áireamh, leis an scoil féin ag an leibhéal áitiúil," ar seisean.

"Éilítear ar na scoileanna uile gach réamhchúram réasúnta a ghlacadh chun sábháilteacht na ndaltaí a chinntiú, agus a bheith rannpháirteach i maoirsiú daltaí nuair atá na daltaí ar áitreabh na scoile, i rith am scoile, agus/nó i rith gníomhaíochtaí scoile. Ina leith seo, is ceart a nótáil go n-íoctar, de réir na socruithe atá ann faoi láthair, deontas maoirsithe le scoileanna aon-oide le haghaidh soláthar seirbhísí maoirsithe ir féidir a éascú trí mhaoirseoir seachtrach a cheapadh," a dúirt an tAire.

Mar sin is cosúil nach gcreideann sé gur cheart go mbeadh dhá oide ar a laghad ag gach bunscoil, agus go mbeidh múinteoir amháin móide maoirseoir, ó ham go chéile, ag scoileanna beaga tuaithe amach anseo. Dúirt an tAire cheana nach raibh an rialtas ag cur iallach ar aon scoil dúnadh, ach mar a mhínigh príomhoide ó Loch Garman a labhair leis an nuachtán seo, ciallaíonn na ciorruithe go mbeidh sé nach mór dodhéanta do na scoileanna fanacht ar oscailt. Tá buntáiste don Aire agus don rialtas anseo, gan amhras, sa mhéid is gurb iad na boird bhainistíochta a bheidh ag fógairt dhúnadh na scoileanna seachas iad féin.

**COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE**

**County Galway Vocational Education Committee**

Fáilteoidh an Coiste ainmnithe thuas roimh iarratais ó iarrthóirí cáilithe go cuí, a thacóidh le hobair na Seirbhíse Litearthachta d'Aosaigh in Ionad Foghlama Chasla.

- **Oibrí Acmhainne Páirtaimseartha sa Litearthacht d'Aosaigh**
- **Teagascóirí sa Litearthacht d'Aosaigh**

**(disciplíní éagsúla – Matamaitic, Ríomhairí, Gaeilge, Cumarsáid, agus araile)**

Is féidir sonraí iomlána na bpost seo a fháil
ó shuíomh Gréasáin an Choiste
**www.countygalwayvec.com**

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 28 Márta, 2012

# Abair Leat, trí seachtainí ar an bhfód

**Maire Treasa Ni Dhubhghaill, Des Bishop agus Síle Ní Bhraonain ag seoladh AbairLeat! i mBaile Átha Cliath i mí Fheabhra 2012.**
PHOTO MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND

**Katie McGreal**

TUGANN, ar an méan, 1000 duine cuairt ar an ngréasán sóisialta nua do Ghaeilgeoirí, Abair Leat, chuile lá agus tá os cionn 5,000 duine cláraithe leo i ndiaidh trí seachtainí. Tá lucht an tsuímh thar a bheith sásta leis na figiúirí sin.

"Tá muid sásta le líon na ndaoine atá tar éis clárú - ach d'fheadfadh níos mó ábhair a bheith á chur ar an suíomh, go háirithe óna meáin agus ó eagraíochtaí Gaeilge," a deir Mícheál Ó Foighil ó Abair Leat.

Níl siad sásta leis an méid scoláirí atá cláraithe leo go fóill ach táthar chun tuilleadh poiblíochta a dhéanamh orthu. Daoine atá taobh amuigh den chóras oideachais an dream is mó atá cláraithe go dtí seo.

Is príomhoide é Ó Foighil sa choláiste samhradh, Coláiste Lurgan, in Indreabhán, Conamara. Tá sé ag díriú ar na scoláirí a dtiocfaidh go dtí an coláiste le linn an tsamhraidh, agus a dtuismitheoirí, chun an méid scoláirí ar an suíomh a ardú.

Tá an suíomh Abair Leat in Gaeilge go hiomlán Gaeilge agus é dírithe ar dhaltaí agus ar mhic léinn atá ag staidéar na Gaeilge. Tá seiceálaí litrithe agus córas aistrithe ionsuite sa suíomh, agus is féidir le héinne clárú leo chun spraoi agus taitneamh a bhaint as úsáid na Gaeilge.

Cláraigh leo anois ar www.abairleat.com

IDIRNÁISIÚNTA

# "Ná cuirtear Romney sa Teach Bán" - fear de bhunú Chonamara a d'oibrigh leis

*Ar lean ó leathanach a haon*

Saineolaí é John E. McDonough ar chórais sláinte; tá dochtúireacht aige ó Ollscoil Michigan sa ngairm sin agus tá máistreacht bhainistíochta aige ó Ollscoil Harvard. Chaith sé cúig bhliana déag ina fheisire Daonlathach sa bPáirlimint Stáit i Massachusetts agus é ina chathaoirleach ar an gCoiste Sláinte ansin. In 2003 ghlac sé le post an stiúrthóra ar an eagraíocht "Health Care For All" i Massachusetts; bhíodar siúd ag iarraidh go mbeadh seirbhís sláinte ar chomhchéim ag an bpobal uilig. Sin í an bhliain chéanna ar toghadh Mitt Romney mar Ghobharnóir ar Massachusetts. Chur seisean roimhe mar sprioc freisin go mbeadh córas níos fearr agus níos iomláine sláinte poiblí i Massachusetts.




Mitt Romney

"D'oibrigh muid leis ceart go leor," arsa John E. McDonough. " Bhí muid ar an téad chéanna ach bhí moltaí Romney lag go maith. Sa deireadh d'éirigh linne, agus tacaíocht againn ó Dhaonlathaigh na Páirliminte Stáit lorg na moltaí sin againn féin a chur go láidir ar an dlí nua. Ceart go leor shínigh Romney an Bille ach silim go raibh sé ar cheann de deiseanna stocaireachta a bhí sé a réiteach le haghaidh an fheachtais Uachtaránachta," a dúirt McDonough.

Glactar leis go raibh obair John McDonough ina cuid mhór den reachtaíocht sláinte poiblí i Massachusetts - ag tabhairt cosaint níos fearr do dhaoine nach raibh árachas sláinte acu - agus go bhfuil an plean náisiúnta a chuir an tUachtarán Obama chun cinn bunaithe air sin. Tá leabhar scríofa ag John E. McDonough faoin ábhar ar fad.

Mar a thárlaíonn sé, tá an cheist faoin gcóras sláinte ina hábhar cainte sa bhfeachtas le hiarrthóir Poblachtach a roghnú; d'fhéadfadh a chuid oibre i Massachusetts a bheith ina bhuntáiste - agus ina mhíbhuntáiste in áiteacha do Mitt Romney. Ach chomh fada agus a bhaineann sé le John E. McDonough ní bheadh sé ina bhuntáiste do Mheiriceá go gcuirfí Romney i gceannas na tíre.

Ba é Josie Joe Phatcheen as an Aird Thiar athair John E. McDonough. Col ceathrar leis é Joe McDonagh an Príomhfheidhmeannach ar Choiste Gairmoideachais na Gaillimhe agus iarUachtarán ar CLCG.

# Scéim Focus ó na Gardaí

**Katie McGreal**

CHUIR na Gardaí an scéim 'Focus' ar siúl in Iarthair na tíre an tseachtain seo caite chun tuilleadh eolais a fháil faoi thiománaithe ar na bóithre agus na fáthanna go dtarlaíonn timpistí bóithre. De réir taighde atá déanta acu, is iad na príomhfháthanna le timpistí ná, alcól, drugaí, ag tiomáint róthapa, úsáid fón póca agus ag tiomáint gan crios sábhála.

Scéim is ea 'Focus' ina ndíríonn na Gardaí a n-acmhainní ar fad in áiteanna ardriosca in aon réigiún amháin ar feadh 24 uair an chloig. Táthar ag iarraidh a chur in iúl do dhaoine go bhfuil siad i gcónaí ag faire amach i gcomhair daoine a bhíonn ag tiomáint go dainséarach nó atá ag briseadh an dlí agus iad ag tiomáint.

Dhírigh siad isteach ar thiomáint róthapa in áiteanna le luasteorainn 80 agus 100 ciliméadar in aghaidh na huaire san Iarthar. De réir anailís na nGardaí, bhásaigh 84% de na daoine sa réigiún sin a maraíodh ar na bóithre toisc go raibh siad ag dul róthapa in áiteanna le luasteorainn 80 agus 100 ciliméadar san uair. Fuair 20% de phaisinéirí bás de bharr nach raibh crios sábhála á chaitheamh acu.

Ó 2005 i leith tá an méid daoine a fuair bás ar na bóithre tar éis ísliú. Fuair níos lú ná 200 duine bás in 2011. Go dtí seo i mbliana, tá 35 duine maraithe ar na bóithre, 13 in Iarthar na tíre agus seachtar i nGaillimh.

Bhí timpiste i mBóthar na Trá i gCathair na Gaillimhe san oíche Luain agus fuair beirt bhás i dtimpiste taobh amuigh de Bháinseach i dTiobraid Árann ar an Luan freisin.

**Ollscoil na hÉireann, Má Nuad**

**Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht (ar líne)***

Tá ráchairt i gcónaí ar dhaoine a bhfuil ardscileanna acu sa Ghaeilge scríofa, san aistriúchán agus san eagarthóireacht.

Is cúrsa páirtaimseartha ar líne thar dhá bhliain é seo do dhaoine atá ag iarraidh barr feabhais a chur ar a gcuid scileanna aistriúcháin agus eagarthóireachta agus cáilíocht ghairmiúil a bhaint amach. Díreofar sa chúrsa ar raon leathan téacsanna a aistriú go Gaeilge, ar chruinneas Gaeilge agus cúrsaí stíle agus ar fhadhbanna coitianta a aithint agus a réiteach.

Tuilleadh eolais ó Stiúrthóir an Chúrsa, an Dr. Antain Mac Lochlainn, ag antain.maclochlainn@nuim.ie nó ó teanga@nuim.ie

**Suíomh gréasáin:** http://www.nuim.ie/language/courses/hdip-trans.shtml

**Teil:** 01 7086417 / 7083737 00353 (0)1 / 7086417

**Ionad na dTeangacha**
**Ollscoil na hÉireann, Má Nuad**
**Má Nuad**
**Co. Chill Dara**

Beidh an cúrsa teoranta do 30 duine.
Dáta deiridh do na hiarratais: 1 Meitheamh 2012
*leibhéal 9

# Cáinaisnéis na Breataine ina buntáiste cois teorann

**Anton Mac Cába**

BEIDH Cáinaisnéis na Breataine ina bhuntáiste ag lucht gnó cois teorann sa Phoblacht.

Ní bheidh lucht caite toitíní ag ceannach ó thuaidh níos mó mar gur cuireadh méadú 37p (44cent) ar phaicéad 20 toitíní. Fágann sin praghsanna beagnach ar chomhchéim ar dhá thaobh na teorann. Dúirt Martin McCafferty as Leitir Ceanainn go raibh an teaghlach ábalta ar a laghad €8 a shábháil roimh an gcáinaisnéis trí trí chartún toitíní a cheannach ó thuaidh.

"Beimid anois chomh maith as ag ceannacht anseo," ar seisean.

Beidh méadú 3p (3.6cent) ar an cháin ar lítear breosla. Is €1.659c an meánphraghas ar lítear peitril ar an taobh ó dheas den teorann, agus €1.599c an meánphraghas ar lítear díosail.

Roimh an méadú, baé an meánphraghas ó thuaidh ná £1.401 (€1.676) ar lítear peitril, agus £1.465 (€1.67585) ar líoear díosail. Cinnte, beidh níos mó tiománaithe, agus lucht leoraithe ach go háirithe, ag dul ó dheas.

Is comhairleoir de chuid an SDLP agus miondíoltóir ar an tSrath Bán é Patsy Kelly. Dar leis go gcuirfidh an Cháinaisnéis deireadh le tomhaltóirí Conallacha ag teacht do dtí an tSrath Bán le toitíní a cheannach. "Ach is maith an rud é má thugann sé ar chúpla daoine na toitíní a thabhairt suas," ar seisean.

# Comhdháil litríochta den scoth i gColáiste Phádraig

## Tuairisc lenár gcomhfhreagraí litríochta, **Meadhbh Ní Eadhra**

DEN dara bliain as a chéile, bhí comhdháil iontach spreagúil agus spéisiúil ar siúl i gColáiste Phádraig i nDroim Chonrach i mBaile Átha Cliath. Comhdháil litríochta na nÓg an t-ainm a bhí ar an gcomhdháil seo, a reáchtáladh ar an Aoine agus Satharn seo caite. Is í Ríona Nic Congáil, le cabhair agus tacaíocht ó Roinn na Gaeilge sa choláiste, a d'eagraigh an ócáid seo agus tá ard-mholadh ag dul di as an obair chrua a chuir sí isteach ann.

Bhí réimse leathan ábhair á phlé ag an gcomhdháil agus éagsúlacht cainteoirí ann freisin. An rud ba thábhachtaí, dar liom féin, ná go bhfuair scríbhneoirí, foilsitheoirí, léitheoirí agus daoine ó chúlraí eile, deis a theacht le chéile in aon áit amháin agus dul i mbun comhrá faoin litríocht. Is é an comhrá seo, agus an plé, atá riachtanach chun todhchaí litríocht na Gaeilge a chinntiú agus a fheabhsú sa tír seo agus thar lear.

An t-údar Áine Ní Ghlinn in éineacht leis an Dr Ríona Nic Congáil, a d'eagraigh an Chomhdháil Litríochta.

Cuid den slua a bhí i láthair ag an gcomhdháil ag baint suilt as na leabhair a bhí ar taispeáint i rith an deireadh seachtaine.

Tá dóchas uainn go léir na laethanta seo, go háirithe leis na deacrachtaí ollmhóra airgeadais atá sa tír agus ar fud an domhain. Agus, i mo bharúil féin, bhí an dóchas sin ann an deireadh seachtaine seo caite nuair a thángamar go léir le chéile den dara bliain as a chéile. Bhíomar go léir ann le bheith ag foghlaim óna chéile, le smaointe a roinnt, le bheith spreagtha, agus le litríocht na n-óg a chíoradh ar an mbealach is fearr gur féidir. Bhí cuid de na cainteanna níos acadúla ná a chéile, agus ba dheas an éagsúlacht sin a bheith ann idir stíleanna na gcainteanna agus na gcainteoirí thar an dá lá.

Dé hAoine, tar éis do Harold Hislop an comhdháil a oscailt go hoifigiúil, bhí trí sheisiún cainte ar siúl agus ansin aoichaint spreagúil ó Thadhg Mac Dhonnagáin, a bhí díreach tar éis filleadh ó Bologna, áit a raibh aonach leabhar na bpáistí ar siúl. I measc na gcainteoirí a bhí ag na seisiúin éagsúla, bhí Máire Mhic Mhathúna, Mairéad Mac Con Iomaire, Tina Hickey, Orla Ní Chuilleanáin, Iarla Mac Aodha Bhuí, Pádraig Ó hÉalaí, Deirdre Nic Mhathúna agus neart eile. Bhí mé féin ag caint chomh maith, agus an déaglitríocht faoi chaibidil agam. Bhain mé an-sult ar fad as an gcaint a thabhairt agus bhain mé an oiread suilt céanna as a bheith ag éisteacht le tuairimí an lucht féachana ar an méid a dúradh i rith an lae, mar is tríd an bplé agus an chaint sin a thagann tograí nua ar an bhfód, dar liom.

Sheol Máire Nic Mhaoláin 'Codladh céad bliain', leabhar úr le Ríona Ní Chongáil, oíche Dé hAoine. Bailiúchán d'aistí atá sa leabhar, a d'eascair as Comhdháil na bliana seo caite, agus tá cuma álainn ar fad ar an leabhar. Bhí sé iontach deas domsa agus do dhaoine eile cosúil liom, an deis a fháil bualadh le daoine ar nós Máire agus comhrá a dhéanamh leo, mar tá neart le foghlaim againn óna chéile.

Maidin Dé Satharn, bhí lucht na comhdhála réidh le tús a chur leis an dara lá d'imeachtaí, agus bhí bricfeasta liteartha Comhar ar siúl ag a deich a chlog. Bhí sé iontach daoine ar nós Seán Ó Dubhchon a fheiceáil ag glacadh páirte san ócáid, scríbhneoir atá ag teacht chun cinn agus ag déanamh iarrachta a bheith gníomhach in imeachtaí ar nós na comhdhála seo.

Sheol Laureate na nÓg, Siobhan Parkinson, an pictiúrleabhar nua 'Ó Chrann go Crann' le Caitríona Hastings agus Andrew Whitson ar an lá freisin, agus bhí gach éinne thar a bheith tógtha leis an leabhar, atá ainmnithe ar ghearrliosta Ghradam Leabhar na Bliana CBI (tuilleadh eolais ar an leathanach litríochta).

Labhair Áine Ní Ghlinn, Éilís Ní Dhuibhne, Ríona Nic Congáil, Conall Ó Grianna agus go leor eile ar an Satharn freisin, agus ba é an t-ealaíontóir agus an maisitheoir Andrew Whitson a thug an chaint deireanach an lá sin.

Bhí go leor topaicí agus ceisteanna difriúla á bplé ag na cainteoirí uilig agus tá moladh ar leith ag dul do na Cathaoirligh go léir as an tréaniarracht a rinne siad i rith na seisiún go léir. Bhí an-spéis agam féin i gcuid de na ceisteanna agus na tuairimí a bhí ag an lucht féachana, agus cé nach rabhadar ag labhairt ag comhdháil na bliana seo, chuir údair ar nós Anna Heussaff go mór leis an gcomhdháil, trí na tuairimí spéisiúla a roinn siad linn. Bhí sé deas, freisin, gur thug gach éinne tacaíocht dá chéile agus bhí atmaisféar den scoth sa choláiste mar gheall air sin.

Bhí taispeántas leabhar ar siúl i rith na comhdhála, i 'Seomra Caidrimh' na hollscoile, agus ba dheas an rud é na leabhair Ghaeilge ar fad a fheiceáil ar thaispeáint sa seomra.

Le linn don chomhdháil a bheith ar siúl, bhí mic léinn Choláiste Phádraig ag cuidiú go mór le gach rud a choinneáil ag imeacht go héifeachtach, agus iad ag tabhairt aire mhaith do na cuairteoirí. Is cinnte go bhfuil éacht déanta ag Paula Melvin, Oifigeach Gaeilge an Choláiste, chun spiorad na Gaeilge a chothú agus a fhorbairt san ollscoil, agus bhí sé sin thar a bheith soiléir ag an deireadh seachtaine.

Cé gur tháinig deireadh le himeachtaí agus le cainteanna na comhdhála ag a sé a chlog ar an Satharn, bhí dinnéar speisialta ann i ndiaidh na comhdhála chomh maith, agus gach seans go raibh neart comhráití spéisiúla ar siúl an oíche sin i nDroim Chonrach.

Mar a dúirt Caitríona Hastings Dé hAoine, ní minic a fhaighimid go léir deis a theacht le chéile agus a bheith ag plé litríocht na Gaeilge, go háirithe litríocht do dhaoine óga. Nochtadh go leor tuairimí éagsúla i rith na comhdhála, cuid acu conspóideach, agus beidh le feiceáil an dtarlóidh aon rud amach anseo mar thoradh ar an bplé agus ar na cainteanna ar fad a bhí ar siúl i gColáiste Phádraig an deireadh seachtaine seo caite.

NUI MAYNOOTH
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Ollscoil na hÉireann,
**Má Nuad**

**LÉACHTAÍ CHOLM CILLE XLIII**

'SAOTHRÚ AN LÉINN CHEILTIGH AG SCOLÁIRÍ THÍORTHA NA GEARMÁINISE'

Roinn na Nua-Ghaeilge
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

30–31 Márta 2012

**Cainteoirí:** Erich Poppe, Bernhard Maier, Gearóid Mac Eoin, David Stifter, Meidhbhín Ní Úrdail, Arndt Wigger, Ruairí Ó hUiginn, Ailbhe Ó Corráin, Brian Ó Catháin

Urraithe ag Foras na Gaeilge

Foras na Gaeilge

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 28 Márta, 2012

# Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

# Gearr costais na bpáirtithe polaitiúla

TÁ fearg an domhain orm. Tá mé ar deargbhuile. Tá mé ar mire....bhuel is scéal eile ar fad é sin.

Is breá liom leabhair ar nós Lord of the Rings agus, le déanaí, The Game of Thrones, agus is den sliocht chéanna é An Tuarascáil i nGnóthaí Áirithe Pleanála agus Íocaíochtaí ó pheann an údair, an Breitheamh Alan Mahon. Ar eagla na míthuisceana nílim ag cur fantasaíochta i leith an údair - níl aige ach cur síos agus anailís chruinn ar an ábhar a tharla os comhair a shúile i gCaisleán Átha Cliath.

Sa deireadh thiar, breis is ceithre bliana deag ó cuireadh tús leis faoin mBreitheamh Fergus Flood, tá an tuarascáil, 3270 leathanach de, foilsithe. Chosain sé isteach is amach le €250m. Deineadh milliúnaithe de bheagnach scór dlíodóir. Tá iriseoirí ag caitheamh a gcuid ama á léamh agus tuairisciú á dhéanamh faoi sna meáin cló agus ar na haerthonnta. Is léir gurb é seo an foilseachán oifigiúil rialtais is mó a raibh súil leis le glúin.

Agus, ar ndóigh, níl leagan Gaeilge de ann. Níl a fhios agam cé mhéid a chosnódh sé leagan Gaeilge a chur ar fáil - an bhféadfaí Gaeilge a chur ar chaint Bhertie Ahern? - ach tá sé maith a dhothain milliúnaithe a dhéanamh de dhlíodóirí, tá sé maith a dhothain milliúnaí a dhéanamh de chorr-aistritheoir fánach.

Saothar in aisce é Tuarascáil Mahon ar shlí. Cé ná raibh sé 'saor in aisce', ní bhfuaireamar aon rud amach ná raibh ar eolas againn roimhe. Dhíolamar go daor as séala an bhreithiúin a bheith á chur ar an méid a thuigeamar. Tá a fhios againn go mbionn polaiteoirí ag fáil deontais bheaga anseo agus ansiúd. Ní haon iontas é go mbeadh Bertie Ahern ina pholaiteoir coimeádta an oiread le duine ar bith acu. An t-aon mhistéir atá ann ná cad a rinne sé leis an airgead a fuair sé - níl aon chosúlacht air agus é ag cónaí i dtigh leathscoite i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath agus ag tiomáint gnáthghluaisteán cosúil le duine ar bith eile go bhfuil sé saibhir mar a bhí, abair, Charlie Haughey. Sin ceist nár fhreagair Tuarascáil Mahon.

Cuireann sé múisc orm a bheith ag éisteacht leis an alltacht bhréagach atá á léiriú sna meáin faoin mhéid a tuairscíodh sa tuarascáil i leith Bertie Ahern agus a chomhleacaithe i FF agus i bpáirtithe eile. Amhail is ná raibh a fhios againn seo.

Bhí a fhios againn. Bhí sé soiléir go raibh an stát lofa amach is amach, go háirithe ó thaobh cúrsaí pleanála de, agus forbairtí ollmhóra de thithe leathscóite á dtogáil sna cathracha agus sna bailte móra agus teaghlaigh óga ag briseadh a gcroí ag iarraidh cead pleanála a fháil chun tigh a thógáint fán dtuath ina gceantar dúchais.

Aon duine nár thuig go raibh caimiléireacht ar chúl an éagothromais sin, ní hé go raibh sé nó sí dall ach is cirte a rá nár theastaigh uaidh nó uaithí é a thabhairt faoi ndeara agus é a rá os ard.

Is measa i bhfad na líomhaintí atá déanta in éadan Gerry Adams, go raibh láimh aige san eachtra a d'fhag lán teaghlaigh de pháistí gan máthair i mBéal Feirste agus a thuilleadh eachtraí seachas fuadach agus marú Jean McConville. Ba é sin an líomhain a rinne duine dá chomhleacaithe is dílse, Brendan 'the Dark' Hughes. Nár cheart bínse fiosruithe a bheith ann faoi sin agus uafáis eile an IRA agus eagraíochtaí dá leithéid, 'poblachtach' nó 'dílseach'? Ceannaire an lae inné é Bertie Ahern, cé nach beag a rinne sé chun roinnt na cumhachta a éascú ó thuaidh den teorainn, ach d'fhéadfadh Gerry Adams a bheith ina Thánaiste nó fiú ina Thaoiseach tar éis an chéad olltoghcháin eile. Nár cheart dó na ceisteanna tromchúiseacha atá á chur air a fhreagairt?

Cad é an malairt ar pholaiteoirí cama agus iad ag iarraidh airgead a chnuasú chun a chinntiú go mbeidh siad i ndán feachtais toghcháin atá costasach a reáchtáil? Tá tráchtairí áirithe a rá go mbeidh ar an Státchiste páirtithe polaitiúla a mhaoiniú go heisiach amach anseo - chun baol na caimiléireachta a sheachaint.

Más amhlaidh go bhfuil ciorruithe á ndéanamh ar scoileanna náisiúnta, cuireadh deireadh le scéim chun teangacha iasachta a mhúineadh ar mhaithe le €2.5m a choigilt, an féidir linn airgead a thabhairt do pháirtithe polaitiúla chun póstaeirí a cheannach agus a chur in airde?

B'fhéidir go bhfuil sé in am córas Shinn Féin a chur i bhfeidhm. Is é sin go gcuirfí iachall ar na polaiteoirí méid áirithe dá dtuarastal a thabhairt don pháirtí agus gurb é sin an t-airgead a bheadh le caitheamh acu ar phóstaeirí agus acmhainní polaitiúla eile. (Anois is fiú ceist a chur cad é an méid go díreach a thugann TD nó Seanadóir ó Shinn Féin don pháirtí agus cad é an mhéid a choinníonn siad dóibh féin - cad é an meán thuarastal a bhíonn siad ag caint faoi go minic. Ní hé go bhfuil TD de chuid SF níos saoire don cháiníocóir ná mar a bhíonn Teachtaí Dála ó pháirtithe eile? An chostas céanna a bhíonn orthu go léir chomh fada agus a bhaineann sé liomsa agus leatsa!)

An bhfuil éinne amuigh ansan a aontaíonn liom go bhfuil polaiteoirí na linne seo ag eirí ró-chostasach? Uaireannta ceapaim go bhfuil sé amhail is go gcreideann siad gur féidir airgead a chlóbhualadh ar inneall fótachóipeála.

Má tá sé maith a dhothain a bheith ag gearradh na buiséad ar eagrais Ghaeilge, atá ag iarraidh teanga a thabhairt slán do na glúinte atá le theacht, nár cheart go mbeadh ciorruithe á gcur i bhfeidhm ar fheidhmiú na bpáirtithe polaitiúla chomh maith!

Ní raibh gá le tuarascáil €250m chun a theacht go dtí an chonclúid sin!

## Misean Titanic

CHONACTHAS gur thóg an Comhairleoir de chuid SF ar Chomhairle Bhaile Chaisleán an Bharraigh raic le déanaí faoi leacht chomórtha do bhuíon ó Mhaigh Eo a chuaigh ar bord an Titanic cothrom is céad bliain ó shin a bheith i mBéarla amháin. Mar thoradh ar an raic, d'aontaigh an Chomhairle leacht dátheangach a chur in airde agus an baile sin ag iarraidh a luach féin a bhaint as imeacht go tóin phoil na loinge úd.

Maith thú, Therese Ruane. An chéad mhisean eile, dá mba mhaith leat é, labhairt le Carál Ní Chuilinn, Aire Cultúir Shinn Féin, ar Fheidhmeannas na Sé Contae, faoin gClár Nua Rialtais atá díreach foilsithe ó Thuaidh don tréimhse 2011-15.

Ní amháin gur i mBéarla amháin atá an Clár Rialtais seo ach fiú is go bhfuil 82 'eochair choimitmintí' ann, níl ceann amháin acu ag tagairt do straitéis Ghaeilge gan tracht ar Acht Gaeilge ó Thuaidh.

Líon mór 'eochair choimitmintí' gan an Ghaeilge a bheith luaite iontu, cibé teanga atá tú ag caint faoi. Nach é seo an cineál leatroma agus neamairte a mbíodh SF ag gearán fúthu nuair ná raibh siad ag roinnt na cumhachta lena gcairde sa DUP?

## Scéal na Gaeilge dea-inste

BHAINEAS taithneamh as 'Scéal na Gaeilge' ar TG4 le déanaí. Níl aon rud chomh fiúntach le scéal dea-inste - agus bhí sé seo le rá faoin tsraith seo ó thús go deireadh. Nárbh fhada go mbeidh sé á éisiúint mar scannán do scoileanna na tíre - cuireann sé na laethanta suimiúla a chaith mé ag foghlaim 'Stair na Teanga' i gColáiste Íosagáin i gcuimhne dom... not.

Ag éisteacht le hAlan Titley, tráchtaire an chláir, bheadh sé éasca a theacht ar an dtuairim gurb iad na hollúin a choinnigh an Ghaeilge beo san am anallód. B'fhéidir go raibh sin fíor - ach an bhfuil sé fíor inniu? Is féidir libh a bheith ag plé na ceiste sin go ceann coicíse!

# Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

## Dhá bhliain ag cothú phobal na Gaeilge

DHÁ bhliain don tseachtain seo ó tháinig Gaelscéal ar an bhfód agus tá go leor feicthe ag an nuachtán sa tréimhse chéanna.

Bhí Brian Cowen go fóill ina Thaoiseach ag an am, níor chuala aon duine trácht ar an Troika agus bhí muintir na príomhchathrach fós ag fanacht ar ghreim a fháil ar Chorn Shomhairle Mhic Uidhir den chéad uair sa mhílaois nua. Go deimhin ní raibh cos leagtha ar thalamh neamhspleách na hÉireann ag aon Bhanríon Bhriotanach agus ní raibh mórán cainte i measc na nGael faoin tSamhail Nua Mhaoinithe ach an oiread.

Má tá an saol mór thart orainn athruithe, tá na bunluachanna a leag an nuachtán seo síos ag tús ár n-aistir, tá siad againn go fóill agus eagrán uimhir 104 á léamh agat inniu.

Nuachtán ardchaighdeáin seachtainiúil i nGaeilge an sprioc a chuir muid romhainn ón chéad lá amach, nuachtán a dhéanann tuairisciú ceart cothrom ar chúrsaí reatha go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ar chúrsaí spóirt, beatha, comhshaoil, oideachais agus eile, agus a thugann léargas ar leith ar an saol thart orainn.

Is tionscnamh gan stad é nuachtán cuimsitheach a chur ar fáil ar bhonn rialta agus tá muid sásta a rá go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh againn i rith an ama.

Agus mar a luaigh muid sa chéad eagrán sin dhá bhliain ó shin, cuireann muid fáilte roimh ionchur agus comhfhreagras uaibhse, ár léitheoirí, i gcónaí.

Mar aon le seirbhís nuachta atá ar chomhchaighdeán le haon nuachtán náisiúnta eile a sholáthair do phobal na Gaeilge, tá sé mar aidhm ag Gaelscéal an pobal sin a spreagadh agus a thabhairt le chéile.

'Ag Cothú Phobal na Gaeilge' an mana atá againn agus, i bhfianaise na gciorruithe airgeadais agus i bhfianaise na ndíospóireachtaí is déanaí i saol na teanga, is tábhachtaí an cuspóir sin anois ná riamh.

Ach níl Gaelscéal ag feidhmiú i bhfolús. Tá muid mar chuid d'earnáil bheoga na meán Gaeilge a chlúdaíonn teilifís, raidió, idirlíon agus na foilseacháin eile chlóite agus a bhfuil ról á imirt acu ar fad i gcothú agus i neartú an phobail.

Ar ndóigh tá ról lárach ag an phobal féin sa phróiseas agus páirt riachtanach ag gach duine sa phlé agus sa dioscúrsa faoinár dtodhchaí féin. Glacaimis leis.

Mar sin, go raibh maith ag gach duine a thacaíonn leis na meáin Ghaeilge ar fad agus a cheannaigh agus a léigh Gaelscéal sa chéad dá bhliain seo. Tá muid ag súil go mór le tréimhse bhisiúil eile amach romhainn, don nuachtán seo agus dár bpobal trí chéile.

**SÚIL SIAR** na Seachtaine

# Dónall Mac Amhlaigh san Irish Times

**Donncha Ó hÉallaithe**

## Donall Mac Amhlaigh san Irish Times

*Ar an 20 Márta 1972 mharaigh Sealadaigh an IRA seachtar ar Shráid Dhún na nGall, i lár Bhéal Feirste, trí buama cairr a shéideadh. Taispeánadh ar na scáileáin teilifíse ar fud an domhain, píosaí coirp á mbailiú ón smionagar agus á gcur isteach i málaí plaisteacha. Bhuail teann déistine daoine.*

*Níorbh iad na Sealadaigh amháin a bhí i mbun feachtas buamála ag an am. Mí roimhe sin, ar an 22 Feabhra, rinne na hOifigiúlaigh buama a shéideadh ag ceanncheathrú an Parachute Regiment in Aldershot, Sasana. Níor éirigh leo aon duine de na Paras a mharú ach maraíodh 6 gnáth-oibrí bialainne agus sagart. Bhí uafás ar dhaoine faoi sin chomh maith.*

*Tar éis na sléachta i nDoire ar Dhomhnach na Fola, ba chuma le go leor dá mbeadh saighdiúirí Shasana á marú ag ceachtar craobh den IRA. Scéal difriúil ab ea sibhialaigh a phléascadh san aer, mar go raibh siad san áit mhmhícheart agus buama á mhaidhmiú.*

*Ag an am bhíodh colún seachtainiúil ag an scríbhneoir Dónall Mac Amhlaigh ar an Irish Times. Lonnaithe i Sasana a bhí Dónall, ag obair leis an tsluasaid sa lá ar shuíomhanna tógála agus ag obair leis an bpeann san oíche. Léiríonn an t-alt seo, a scríobhadh tar éis an marú a tharla ar Shráid Dhún na nGall, intinn an ghnáth-Shasanaigh faoi chúrsaí an Tuaiscirt agus iad ag iarraidh ciall a bhaint as an bhfeachtas buamála.*

**Irish Times, 29 Márta, 1972**

## An Crú ar an Táirne

**Dónall Mac Amhlaigh**

"Ní raibh Lá Fhéile' Pádraig ar bith i mbliana ann anseo i Sasana. Ní cealú an mhórshiúil i Londain tá i gceist anois agam mar nár ghlac ár bhfurmhór aon pháirt ariamh ins an ealaíon sin ná níor léir dúinn aon ghá ná feidhm a beith leis. Ach ar chaoi éicint i mbliana bhí meanma Féile Pádraig ar iarraidh glan....

Tuigeann muid anois, sílim, go bhfuil an crú ag teacht ar an táirne agus nach féidir dul i bhfolach níos mó sa tír-ghrá maoithneasach seasc úd - feacadh glúine nár chosnaigh tada - a bhí mar sciath againn ar fhiricí shearbha an tsaoil leis an fhaid sin. Rudaí go mbíodh muid ag canadh fúthu 'sna tábhairní agus ag na damhsaí "Gaelacha" anseo tá siad ag tarlú in aghaidh an lae in Éirinn agus tuigtear do chuid mhaith againn anois nach mar a chéile in aon chor focla bhladhmannacha agus fírinne fhuilteach an scéil....

Na Sasanaigh féin anseo is lú a ghoilleann bás saighdiúra dá gcuid féin orthu ná bás nó leonú shibhialtaigh ar bith nuair a shiabtar na siopaí is na h-árais eile seo i nDoire agus i mBéal Féirsde. Bíonn 'Can't understand it, Pat, blowing up their own people like that. T'aint even as if they were killing soldiers," ina sheamsán acu dom féin agus dom macasamhail eile.

Agus cén freagra a thabharfá air sin? A rá leo nach mbeadh trioblóid ar bith ann dá dtarraingeodh An Bhreatiain Mhór amach as Éirinn ar fad? Ach fiú dá mbeadh sin fíor níl aon fheidhm leis mar freagra agus tú ag caint le gnáoibrithe, arae níl duine sa chéad acu, sílim, nach mbeadh lúcháir an t-saoil air ar maidin amárach dá scuirfeadh a thír d'Éirinn ar fad.

"Can's see why they don't give all Ireland back to the Irish once and for all", arsa duine acu an lá cheana tar éis an phléascadh mór i Sráid Dhún na nGall.

"Is there any solution?" a d'fhiafraigh an fear eile.

"Raffle the f----- g place" arsa an tríú fear...

**Múrphictiúr de Dhomhnach na Fola i nDoire Cholm Cille.**

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 28 Márta, 2012

# Boladh níos measa ná éisc lofa i bhFianna Fáil

Conall Ó Móráin

An mise amháin nach dtuigeann cén fáth go bhfuil aon phlé, in aon chor, faoi Bertie Ahern agus é le caitheamh amach as páirtí Fianna Fáil ? A leithéid de chur amú ama ar chláir raidió, teilifíse agus na hacraí nuachtpháipéar agus na crainn a leagadh chun an páipéar sin a chur ar fáil. An cuma le haon duine má tharlaíonn a leithéid, nó an bhfuil scéal Fhianna Fáil anois chomh suarach agus nach bhfuil aon spéis ann ach amháin ag baill an chluib bhig sin (atá ag éirí níos lú).

Dúirt an t-aisteoir grinn Groucho Marx na blianta ó shin nach mbeadh sé ina bhall d'aon chlub ina scaoilfí é féin isteach ann mar bhall. Cén fáth a bhfuil oiread agus duine amháin fágtha i 'club' Fhianna Fáil, fiú má fhágann Bertie é? Cén dúil atá ag daoine a bheith ceangailte lena leithéid de bhuíon atá iomlán cam. Nach féidir leo an boladh lofa a fháil uathu cúpla céad ón láthair? Thart ar thríocha bliain ó shin bhí cara agam a bhíodh ag díol éisc agus lá amháin (ní dhearna mé an dara huair é) bhí orainn putóga lofa na n-iasc a chur i mbairillí agus iad a thabhairt go dtí an láthair dumpála áitiúil. A Dhiabhail, níl a leithéid de bholadh nimhneach aon áit. Fuair mé an boladh céanna le seachtain anuas ó foilsíodh tuairisc Mahon.

Caithfidh go raibh rud éigin faoi bholadh ann thart ar an tráth céanna, nuair a bhí mé ag caitheamh amach an éisc, mar thriall Hollywood ar chúpla ócáid Smellovision a thabhairt chugainn agus muid ag breathnú ar scannáin. Ba é an choincheap ná, agus tú ag dul isteach sa phictiúrlann go dtabharfaí do thicéid agus bileog duit. Ar an mbileog bheadh cúpla stráice a ndéanfaí scríobadh orthu nuair a thabharfaí nod duit ón scáileáin. Má cheapann tú gur finscéal atá sa mhéid sin ceannaigh irisleabhar mná agus gheobhaidh tú an rud céanna sna fógraí cumhráin atá iontu - is féidir boladh Chanel No. 5 d'fháil ón pháipéar. Maidir leis na scannáin, níor éirigh leis mar choincheap, buíochas le Dia. Mar chomh maith le mo HD, 3D, Sky Plus srl, dá mbeadh Smellovision ar mo ghléas teilifíse ní bhfaigheann ábalta breathnú ar an nuacht le cúpla lá anuas.

Tá cúlra agus spéis sa mhargaíocht agam féin agus ní gá dom a rá, go proifisiúnta, gur cumhrán i bhfad níos láidre ná Chanel atá ag teastáil ó mhuintir na hÉireann chun boladh Haughey, Pee Flynn, Bertie, Ray Burke...(tá an liosta fada) a chur uathu. I mo thuairim-se, má tá fonn ar Mícheál Martin agus a chomhghleacaithe drochobair na bhfear thuasluaite a chur taobh thiar díobh ní dóigh go bhfuil aon dul as ach athbhrandáil iomlán a dhéanamh ar Pháirtí Fhianna Fáil. Is é sin nó deireadh iomlán a chur leis an pháirtí.

Is cuid den fhadhb é Mícheál Martin féin mar go raibh seisean i gcroílár an pháirtí i rith an ama ar tharla roinnt mhaith de na nósanna gránna a rinne a chomhbhaill. Níl an pobal chomh dúr nár thug siad an mhéid sin faoi deara agus an t-aon iontas ná go bhfuil (nó go raibh) 16% de mhuintir na tíre fós sásta tacú leis an pháirtí. Beidh an-spéis agam sa chéad phobalbhreith eile chun feiscint an bhfuil athrú (diúltach) tagtha ar an uimhir sin.

Céard is ann d'Fhianna Fáil mar pháirtí nó mar ghluaiseacht polaitíochta? An bhfuil puinn difríocht anois idir iad féin agus Fine Gael seachas go bhfuil gaol clainne ag comhaltaí gníomhacha an pháirtí leis an pháirtí a théann siar na glúinte go minic. Is é sin, níl aon fhealsúnacht pholaitíochta taobh thiar de. Cúrsaí treibhe is mó a chuireann daoine ag caitheamh vóta dóibh sa lá atá inniu ann. Cuireann sé díomá orm nach bhfuil d'aibíocht ionainn fós, mar thoghthóirí, fíor dhifríochtaí idir na páirtithe uile a lorg chun ár rogha a dhéanamh um toghchán. Dá gcuirfinn an cheist cén moladh atá ag aon cheann de na páirtithe móra faoi chonas an éagothroime idir chaiteachas an rialtais agus an teacht isteach acu a laghdú ní dóigh liom go bhféadfainn freagra ciallmhar a fháil ar an gceist. Níl a leithéid ann. Níl aon duine ag cur smaointe úra faoin tír os comhair an pobal.

Tá an-dainséar ann maidir leis an daonlathas sa tír seo. Gan freasúra láidir is féidir le rialtas a rogha rud a dhéanamh. Gan freasúra láidir roghnaíonn daoine, a cheapann nach bhfuil a nguth á chloisteáil, bealaigh neamhdhaonlathacha chun a mianta a chur os comhair na ndaoine. Is fiú cuimhneamh a choimeád i gcónaí ar fhealsúnacht Thomas Hobbes a mhair sa 17ú aois, maidir linn ar fad a bheith ag cloí leis na rialacha ar a bhfuil muid aontaithe. Fiú mura n-aontaíonn tú le polasaí is féidir cur ina choinne go daonlathach ach má bhriseann tú an dlí d'aon ghnó chun cur ina choinne lagaíonn tú na rialacha nó na dlíthe iomlána eile. Sin atá ag tarlú maidir leis an cháin tithíochta faoi láthair agus sin díreach an sórt ruda a chuireann deireadh leis an daonlathas. B'shin an tsotalacht a bhí ag na cumannaigh, a chreid go raibh an 'fhírinne' acu féin agus gur acu a bhí an ceart a gcuid tuairimí agus a gcuid dlíthe dá réir a chur i bhfeidhm ar thromlach nár aontaigh leo - tríd bhairille an ghunna.

Ní féidir liom féin smaoineamh ar aon fháth, in aon chor, nach nglacfadh Micheál Martin an chéim mhór radacach agus páirtí Fianna Fáil a chomhcheangal le Fine Gael. D'fhágfadh sé sin páirtí an Lucht Oibre agus Sinn Féin agus daoine ar nós Mick Wallace agus Ming ar thaobh amháin, mar fhreasúra láidir.

Ní dóigh go n-aontóinn le focal as béal éinne acu, ach ní hé sin an pointe. Ní fúmsa, ní faoi Mícheál Martin, ní faoi Fhianna Fáil an mhéid sin. Seo ar san an daonlathais agus b'fhéidir go gcabhródh sé chun deireadh a chur leis an mboladh uafásach sin ata mórthimpeall.

# Deis eile caillte ag Fianna Fáil

Páidí Ó Lionáird

"Drochlá d'Fhianna Fáil!" sin a bhí le rá ag urlabhraithe sinsearacha Fhianna fáil, an páirtí polaitíochta atá faoi léigear i ndiaidh fhoilsiú na tuairisce ó Bhínse Fiosraithe Mhahon.

Botún! Bhí deis ag Fianna Fáil an tseachtain seo caite talamh slán a chur idir an páirtí agus peacaigh na staire. Bhí deis acu na peacaigh a dhíbirt go brách agus a theacht amach as an ngéarchéim agus ceiliúradh a dhéanamh ar an ngaisce a bhí bainte amach acu.

Bhí fadhb amháin ann, áfach. Deineadh an scéal a láimhseáil go héagórach ón gcéad nóiméad. In áit "drochlá", ba chirte i bhfad dóibh "dealá", "lá íontach", "lá den scoth" nó fiú "lá cinniúnach" a thabhairt ar an Déardaoin seo chaite. Lá a bhí ann a thug deis don páirtí iad fhéin a chur ar ais ar na bunaibh dhearfacha an athuair.

In áit a bheith ag umhlú nó ag aontú le Gavin Jennings ar an gclár Morning Ireland, ná aon cheann de na hiriseoirí meáin eile a bhí ag glacadh an líne úd gur drochlá a bhí i bhfoilsiú na tuairisce Mahon d'Fhianna Fáil, bhí sé de cheart ag Michael McGrath TD a rá gur lá iontach a bhí ann don Fhianna Fáil ar ghlac seisean ballraíocht ann - an Fianna Fáil a bunaíodh ar son cosmhuintir na hÉireann. An Fianna Fáil a chaith na glúnta ag lorg agus ag buachan cothrom na Féinne dóibh siúd nach raibh glór dá gcuid féin acu. An Fianna Fáil ionraic, macánta a dhein a dhícheall don oibrí in áit an fhostóra.

Is léir domsa go bhfuil drochchomhairle á fháil ag Fianna Fáil - ón mbarr anuas. Tá comhairle mar seo daor agus de rigeur de réir inoibritheachta páirtithe polaitíochta na linne seo. Braitheann siad an oiread sin ar an gcomhairle a fhaigheann siad ó chéimithe polaitíochta in áit a gcosmhuintir go mbíonn amhras ar ardbhainistíocht na bpáirtithe glacadh le focal a muintire féin in áit glacadh go fonnmhar lena ndeireann giollaí an chomhlachta caidrimh phoiblí leo.

Bítear de shíor ag lorg an 'líne' a tharraingeoidh an aird dhearfach is mó ar an bpáirtí an fhad is a seachnaítear aon ní diúltach.

# Oidhreacht Ervine ag teacht chun tosaigh giota ar ghiota

**Eoghan Ó Néill**

**David Ervine**

Is mór a chronaíonn muid David Ervine. Cé nach raibh sé riamh ar na 'mór-imreoirí' sa Tuaisceart rinne iarCheannasaí an PUP iarracht guth neamhspleách a thabhairt do sciar den phobal aontachtach.

Chuir sé iad ag caint ar dhóigh nua faoi rudaí nár mhaith le cuid acu a phlé. Thug sé smaointe úra chun tosaigh agus anailís dúshlánach ar ról a phobail féin sna trioblóidí. Agus thug sé ar náisiúnaigh athmhachnamh a dhéanamh ar an treascairt a thug siadsan do phobal s'aige.

Is mó ná riamh atá a macasamhail de theanga is d'anailís, de smaointe is de cheannasaíocht de dhíth ar aontachtaigh.

Seachas sin táimid fágtha leis an DUP agus leis an UUP.

Cén uair a dúirt duine ar bith aitheanta i gceachtar den dá pháirtí sin gur sléacht a bhí i nDomhnach na Fola?

Cén uair a dúirt aon Aontachtach aitheanta gur údar náire dóibh an 50 bliain de míriail a bhí ar bun acu ag Stormont?

Nó go bhfuil leithscéal ag dul do na pobail Chaitliceacha éagsúla a d'fhulaing na blianta fada de chiapadh ó bhaill áirithe den Ord Oráisteach?

In ainneoin gach a maítear faoin DUP nó faoin UUP a bheith ag roinnt cumhachta le náisiúnaigh, ní fheicim mórán fianaise go bhfuil siad dáiríre faoi.

Tugadh ar Aontachtaithe cumhacht a roinnt le Sinn Féin / SDLP. Throid siad a raibh ina gcorp ina choinne ach ní raibh an dara rogha acu.

Dá mbeadh rogha ann ní dhéanfadh an DUP ná an UUP cumhacht a roinnt le náisiúnaigh ag aon leibhéal.

Léirigh Peter Robinson sin go foirfe ar na mallaibh.

Rinne sé caint bhreá faoi bheith ag imeacht ón seandearcadh 'them and us.'

Ansin láithreach bonn bhagair sé éirí as oifig dá ndéanfaí siombalacha na hÉireann a chur le taobh siombalacha na Breataine sa tseirbhís phríosúin ó thuaidh.

An tseachtain seo caite bhí gach urlabhraí de chuid na bpáirtithe aontachtacha, ó Mike Nesbitt, UUP, go Jimmy Spratt, DUP, ar aon ghuth go mba ionsaí ar phobal an Tuaiscirt é 'The Police Athletic Association of Northern Ireland' a bhaisteadh ar eagras spóirt an PSNI.

An 'RUC Athletic Association' an t-ainm atá ar an eagras go fóill.

Seachas spás neodrach a chruthú do náisiúnaigh le dul isteach san phéasfhórsa nua tá an DUP/UUP ag iarraidh go gcaithfidh earcaigh an PSNI dul ar a nglúine os comhair altóra an RUC sula ligfear isteach sna péas iad.

Tá na páirtithe Aontachtacha mar a bhí siad riamh.

Riamh stucáilte i gclábar na staire. Riamh maíte ar an 'status quo' a chosaint.

Cuir sin i gcomparáid le Sinn Féin.

Ar na mallaibh, thug baill an pháirtí i mBéal Feirste le fios go mbeidh siad ag tacú le maoiniú poiblí a bheith curtha ar fáil i gceantair dhílseacha do cheiliúradh 50 bliain ó rinneadh Banríon d'Éilís II Shasana.

Polasaí atá ar aon dul leis na hiarrachtaí atá déanta acu le roinnt blianta anuas i mBéal Feirste le theacht ar dhóigh neodrach chun a bheith páirteach i gcomóradh an Somme.

Ar na mallaibh, thug Martin Mc Guinness le fios go bhfuil sé chun athmhachnamh a dhéanamh ar pholasaí fadbhunaithe Shinn Féin gan a bheith ag bualadh le Banríon Shasana.

Agus anois deir Ard-Rúnaí Shinn Féin, Declan Kearney, gur gá do Phoblachtaigh a theacht ar bhealaí chun 'Tá brón orm' a rá agus a chur in iúl ar shlí téagartha a aithníonn an mhéid a d'fhulaing aontachtaigh.

Ní léir cruth ná teorannacha an dioscúrsa seo aige ach is léir gur seo cuid d'iarracht ag Poblachtaigh chun plé leis an léirscrios a rinne siad ar Aontachtaigh i mblianta an fhornirt.

Tá náisiúnaigh sa Tuaisceart ag bogadh i dtreo an athmhuintearais.

Déanfaidh siad amhlaidh cionn is go bhfuil sé ar a leas agus cionn is go bhfuil athmhuintearas idir Protastúnaigh agus Caitlicigh, náisiúnaigh is aontachtaigh ina chuid lárnach dá bpolasaí chun an tír a athaontú.

Is é mo bharúil go bhfuil Poblachtaigh ag tuiscint go mbeidh aontachtaigh ina mBriotanaigh in Éirinn Aontaithe - cibé bealach a chuirfidh siad an Briotanachas sin in iúl.

Beidh sin dúshlánach do Phoblachtaigh is do náisiúnaigh i gcoitinne ach ní bheidh Éire Aontaithe ann gan é.

Má tá ábhar dóchais ann go bhfuil Poblachtaigh is náisiúnaigh ag bogadh sa treo ceart, is amhlaidh an scéal leis an chléir Phrotastúnach fosta.

Le tamall maith anuas tá siadsan ag déanamh iarrachtaí nach beag chun cur le hathmhuintearas sa Tuaisceart.

Agus tá sciar de na paraimíleataigh dhílseacha agus de ghrúpaí pobail Aontachtacha i ndiaidh eachtaí a dhéanamh chomh maith, ní amháin chun baint den teannas ina bpobal féin ach chun na pobail sin a chur ag plé le ceisteanna achrannacha, ó cheist na Gaeilge go mórshiúlta an Dóú Lá Déag.

Tá an DUP is an UUP san áit a raibh siad riamh.

Taobh thiar de na ballaí, i bhfolach in íochtar na dtrinsí. Stucáilte in 1690 agus 1912.

Ach is mó agus is mó dá bpobal atá ag ceistiú agus ag bogadh agus ag tastáil rudaí nua. Sin oidhreacht David Ervine.

---

Tá gnáthmhuintir Fhianna Fáil ar dearg bhuille le ceannasaíocht an pháirtí. Ceapann a lán acu go bhfuil i bhfad an iomarca leithscéalta gafa acu cheana féin agus gur cóir a bheith ag díriú ar éinne a bhí bainteach leis an dtréimhse ina raibh caimiléireacht ar bun ó thaobh pleanála nó aon 'ghar' eile, a dhíbirt as an bpáirtí, tosnú arís agus cód iompair an pháirtí a chur i bhfeidhm go docht daingean.

Tá deis ag an páirtí aon drochbhlas a ruaigeadh ón scornach, deireadh a chur leis an eachtra ar fad agus fód nua a iompú chun saothair.

Ba é seo an chéad teist ar cheannasaíocht Mhichíl Martin agus theip air. I ndiaidh dá leathbhádóir dáilcheantair, McGrath, a theachtaireacht siúd a thabhairt, bhí ar an páirtí ar fad gníomhú dá réir.

Níorbh fhada gur chualamar é ag fógairt go mbeadh rún díbeartha le moladh aige in aghaidh an iarThaoisigh, Bertie Ahern, an iarChoimisinéir AE agus iar-Aire rialtais, Pádraig Flyn, agus comhairleoirí údaráis áitiúil a bhí ainmnithe sa tuairisc.

Níorbh fhada ina dhiaidh sin gur sciob Bertie an ghaoth as seolta Martin a rá go raibh sé ar intinn aige eirí as an bpáirtí d'ainneoin nach raibh ach an fhírinne inste aige don Bhínse Fioscuithe, dar leis féin.

Arís, bhí cinntí Mhartin fágtha gan mhaith. Ba chirte dó seasamh os comhair táirsigh cheanncheathrú an pháirtí ar Shráid an Mhóta Íochtair, comharthaíocht an pháirtí go soiléir taobh leis agus a rá go raibh gliondar air go raibh an cinneadh seo tógtha ag Bertie, nach stopfadh sé an próiseas díbeartha agus go gcinnteodh sé todhchaí an pháirtí mar rogha ceart agus cóir freasúra nó rialtais amach anseo.

Mar atá, tá a cheannasaíocht ar an bpáirtí ag eirí níos cosúla le ceannas chaptaen Edward Smith na loinge Titanic i ndiaidh an chnoic oighre a bheith buailte.

Agus na creatlacha caite ar leataoibh, cad is féidir a rá faoin eispéaras ar fad? Cad tá bainte amach ag na seacht mbliana déag de dhianfhiosrú, na céadta mílte cáipéisí scrúdaithe, sé chead fínné agus costas nach féidir a ríomh go foil? Tá a fhios againn go bhfuil costas d'os cionn €300,000,000.00 (sin thart fá €100,000 in aghaidh an leathanaigh) caite leis an togra go dtí seo. É sin sula ndáiltear na costais.

Nuair a bheidh an mhéid ríomhaireachta sin ar fad déanta, táthar den tuairim go mbeidh an costas suas le trí oiread na méide a bhí luaite cheana ar an tuairisc. An bhfuil luach saothair ann dúinn? Gearradh tréimhsí príosúin ar pholaiteoirí agus ar stocaire polaitíochta agus ciorraíodh tréimhse oifige Taoisigh.

Bheadh moladh nó dhó le déanamh agam ina leith seo ar fad. Os rud é go bhfuil an tír beo bocht, nach féidir leis na comhlachtaí dlí, abhcóidí agus breithiúna eile a bhí páirteach san imscrúdú seo laghdú nó 'bearradh gruaige' a thógaint ar chomhchéim na méide atá faighte ag gach éinne eile le cúig bliana anuas?

Abraímis 60%? Agus má tharlaíonn sé sin, b'fhéidir go bhféadfaí a rá go bhfuaireamar luach éigin ar ár gcuid airgid.

# I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Buaiteoirí agus aíonna speisialta ag an comórtas Abair Amach i Rann na Feirste le déanaí. PIC EOIN MCGARVEY.

Na buaiteoirí faoi ocht, ó Scoil Cholmcille, An Tulaigh, sa gcomórtas ealaíne a d'eagraigh Cluichí Pobail Chois Fharraige le gairid. Ó chlé: Iú áit, Lughan Mac an Iomaire, Baile an tSléibhe, Ros an Mhíl; 2ú áit, Colm Ó Curraoin, Na Minna, Indreabhán; 3ú áit, Caomhlú Ó Fathaigh, Na Minna, Indreabhán.

Na múinteoirí Pauline Ní Chualáin, Donna Mulchrone, Érin O'Hara, Máire Bhríd Ní Mhaoilchiaráin agus Michelle Hession ó Choláiste Dhaibhéid, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo ag bronnadh geansaí Choláiste Dhaibhéid ar Bharbara Nic Dhonnacha ó IRadio. PIC JOY HEVERIN

Neart daltaí ó bhunscoileanna na háite a bhuaigh duaiseanna ó Ghlór Bhréifne i Leabharlann Cheannais Mhic Seáin i gCabhán le linn Sheachtain na Gaeilge; tá siad in éineacht le hIognáid Ó Muircheartaigh agus Carmel Uí Chíosóg Mhic Gabhann ó Ghlór Bhréifne.

Conal O'Gara, Kathleen Gallagher, Brid Sweeney agus John Joe O'Donnell ón 'Honda Run' i Loch an Iúir ag bronnadh seic de os cionn €800 ar Joan Rodgers le haghaidh an Ionaid Chúram Lae de Shláinte Intinne sa Chlochán Liath le déanaí.

Seaghdhan Mac Cormic, Seamús O'Broin, Conchuir Ó Loideáin agus Séan O Dúiláin Choláiste Ghearóid, Caisleán an Bharraigh i Maigh Eo, a bhuaigh an dara háit sa chomórtas Tráth na gCeist Sóisearach a d'eagraigh Conradh na Gaeilge i gCaisleán an Bharraigh le linn Sheachtain na Gaeilge. In éineacht leo sa phictiúr tá Brídín Ní Cheallaigh ó Chonradh na Gaeilge agus a múinteoir, Fiona Nic Giolla Phóil. PIC JOY HEVERIN

# NUACHT RÉIGIÚNACH

## CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

## Cor eile i gcúrsaí bhóthar Chonamara - Comhairleoirí ag iarraidh meabhair a bhaint as

**Máirtín Ó Catháin**

BAINEADH cor as Comhairleoirí Chonamara nuair a dúradh leo an tseachtain seo gur beag baint a bhí ag cúrsaí timpeallachta leis an gcúrsa atá leagtha amach don bhóthar nua as Scríb go Gaillimh.

Dúirt innealtóir sinsearach ag cruinniú i nGaillimh go raibh an bóthar ceaptha a dhul an bealach atá roghnaithe bunaithe ar chúrsaí innealtóireachta.

Thuig na Comhairleoirí - agus go leor den phobal - go dtí seo go raibh caomhnú SACs agus cosaint eile ar réimse talún ar an dris chosáin ba mhó a bhí roimh lucht pleanála an bhóthair nua. Tá na Comhairleoirí Contae, Seosamh Ó Laoi agus Seosamh Ó Cuaig, tar éis labhairt go poiblí faoin gcaoi ar tháinig an scéala seo aniar aduaidh orthu. Tá socrú déanta anois go gcuirfear cóipeanna den chúrsa is deireanaí seo atá réitithe ag na hinnealtóirí amach ar taispeáint go poiblí. Ach is cosúil nach mbeidh aon ghlacadh leis agus tá an lá a gcaithfear an plean uilig i dtraipisí - agus os cionn €3m caite ar an staidéar - ag teacht níos gaire.

Tá comhlacht saineolaithe RPS ag obair ar phleanáil an bhóthar nua le cúpla bliain anois. Roghnaíodh ceithre chúrsa i dtosach a d'fhéadfadh, a dúradh, a bheith feiliúnach le haghaidh an bhóthair. Bhí an ceann ab fhaide ó thuaidh, nó an cúrsa 'donn' - cuireadh dath donn ar an mapa ar an líne seo - ar an gceann ba mhó a raibh tacaíocht aige i gConamara. Bhí an cúrsa seo amach ó thuaidh píosa sa sliabh agus é ag teacht anuas i dtreo Ros an Mhíl. As sin chasfadh sé ó thuaidh ar an aicearra i dtreo Scríbe. Bheadh eireaball den bhóthar ag dul síos go calafort Ros an Mhíl.

Sileadh go raibh de bhuntáiste leis an gcúrsa seo go mbeadh sé coinnithe amach ó thithe agus ó ghabháltais talún, cuid mhaith, agus lena chois sin go ngiortódh sé an t-aistear idir iarthar Chonamara agus Gaillimh. Bheadh sin amhlaidh mar go mbeadh an t-aicearra ann aníos i dtreo Scríbe; bhí seo ar cheann de na pointí móra a bhí i gceist ag daoine in iarthar Chonamara.

Bhí go leor cainte ann ansin - foinsí i gComhairle Contae na Gaillimhe ina measc - go mbeadh deacracht mhór ag baint leis an gcúrsa donn mar go mbeadh sé ag trasnaíl ar thalamh caomhnaithe. Le himeacht aimsire tarraingíodh an líne sin níos faide ó dheas agus in aice tithe agus gabháltais agus baineadh as uilig an t-aicearra go Scríob. Thuig formhór na ndaoine gur dearnadh na hathruithe seo de bharr cúrsaí timpeallachta. Ach tar éis na tuairisce a thug innealtóir sa gComhairle Contae an tseachtain seo, is cosúil gur ar an gcúrsa atá leagtha amach a chuirfí an bóthar ar aon nós beag beann ar chúrsaí timpeallachta. Tá Comhairleoirí Contae Chonamara ag iarraidh meabhair a fháil ar an scéal uilig anois.

### Co. na Gaillimhe

## Scoil an Líonáin i gcontúirt a dúnta – buille mór eile

**Máirtín Ó Catháin**

CUIREADH cáil an Líonáin i bhfad agus i ngearr ceathrú céid ó shin nuair a rinneadh an scannán "The Field" sa gceantar sin atá suite ar an teorainn idir Gaillimh agus Maigh Eo. Ach níor stop an phoiblíocht agus an cháil a tarraingíodh ar an Líonán an cúlú eacnamaíochta agus sóisialta atá san áit, agus tá sé ina imní mhór i gceantar an Líonáin anois go ndúnfar bunscoil na háite uilig as seo go ceann cúpla bliain. Bheadh seo ina bhuille trom eile ar cheantar atá gaite ar gcúl go mór ó thaobh daonra de in imeacht na mblianta.

Seacht ngasúr déag atá ar an rolla ar an Líonán faoi láthair agus beirt mhúinteoirí atá ann. Tá na socruithe á ndéanamh an tseachtain seo faoin líon gasúr a bheidh ar an rolla an chéad bhliain eile, ach dúirt an Príomhoide, Gary Ó Catháin, le Gaelscéal gur cosúil go mbeidh siad taobh le cúig dhuine dhéag. Fágann sin go mbeidh an Líonán ina scoil aon oide. "Nuair a thárlaíonn sin tá tú i mbaol do dhúnta," arsa Gary Ó Catháin. De réir na bhfigiúirí atá ar fáil faoi láthair, bheadh 19 ngasúr sa scoil i mí Mheán Fómhair 2013; bheadh sin fós gann ar an lear gasúr a theastódh le haghaidh dhá oide faoin am sin. Ceaptar go mbeadh sna ficheadaí de ghasúir sa scoil faoi cheann 4 nó 5 de bhlianta ach tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag bunú a gcuid socruithe ar an líon atá ann anois. Trí cinn déag de scoileanna aon-oide atá sa tír agus tá cuid acu sin ar oileáin. "Beidh sé an-deacair scoil aon-oide a choinneáil ag imeacht má choinnítear leis an bpolasaí atá ag an Roinn Oideachais," arsa Gary Ó Catháin ar an Líonán. "Tá gearradh á dhéanamh ar an méid airgid atá ag teacht ón Roinn Oideachais; tá caint ann go dtiocfá anuas ar €173 in aghaidh an ghasúra. Ní fhágfadh sin agat ach tuairim €3,000 ina leithéide seo de scoil; is ar éigin go n-íocfá an solas, an teas agus an t-árachas as," a dúirt an Cathánach.



Anita Keane, Caroline Malone, Mary Burke, Zammir Hassan, Ann Coyne agus Katrina McHugh a fuair teastas ón Ionad Breisoideachais sa Chlochán i gContae na Gaillimhe le haghaidh cúrsa staidéir ghnó. Tá Paddy Walsh, múinteoir ar an gcúrsa; Sorcha O'Toole, stiúrthóir an Ionaid Bhreisoideachais i Leitir Fraic; Clr Eileen Mannion; Clr Jarlath McDonagh, cathaoirleach an Bhoird um Oideachas Aosach; Pat Gilmore, cathaoirleach Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe; Seamus Hempenstall ón Roinn Oideachais; Joe McDonagh, príomhoifigeach feidhmiúcháin agus Eithne Nic Dhonnchadha ó Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe in éineacht leo. PIC: SEAN O MAINNIN

## Fóram Leitir Fraic ag plé cláir Ghaeltachta ag cruinniú inniu

CEAPTAR go socróidh Bord Stiúrtha Fhóram Chonamara i Leitir Fraic inniu - Dé Céadaoin - go ngabhfaidh an eagraíocht sin i mbun cúramaí an chláir oiliúna LCDP i nGaeltacht Chonamara. Cuirfear cáipéis eolais os comhair an chruinnithe boird faoina dualgais a bheadh i gceist agus faoi phlean leis an gclár a chur i bhfeidhm sa nGaeltacht. Iarradh ar Fhóram Leitir Fraic an mbeidís sásta a dhul i mbun na hoibre seo agus tuigtear go raibh roinnt mhaith comhráití acu faoi le scaitheamh. Ach caithfidh Bord Forbartha Chontae na Gaillimhe agus Údarás na Gaeltachta glacadh leis an bplean sin sular féidir le Fóram Leitir Fraic a dhul ina chion. Tuigtear nach mbeidh cruinniú ag Bord Forbartha Chontae na Gaillimhe go dtí deireadh an Aibreán.

Is é Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teoranta (faoi leachtú) a bhíodh ag láimhsiú an chláir LCDP sa nGaeltacht nó gur chlis ar an gcomhlacht sin. Tá Fóram Leitir Fraic ag láimhsiú cúrsaí LCDP sna ceantair taobh amuigh den Ghaeltacht i gConamara. Ceaptar gur ar an dífhostaíocht agus ar an oiliúint a bhainfeadh le fostaíocht is mó a bheidh an clár LCDP dírithe sa tréimhse amach romhainn.

Beidh Fóram Leitir Fraic ag fostú cúpla ball foirne ar chonradh gearrthéarmach, nó ag déanamh socruithe le dream éicínt sa nGaeltacht ar chonradh - nó an dá rud - má thagann siad i gceannas ar an scéim LCDP sa nGaeltacht.

Idir an dá linn, tá Fóram Leitir Fraic agus Comhar na nOileán i measc na ndreamanna a bhfuil iarratais istigh acu ar reáchtáil an chláir Leader i nGaeltacht Chonamara (tá Comhar na nOileán ag iarraidh an clár a chuir i bhfeidhm freisin i nGaeltacht Thír Chonaill).

Chuir an Roinn Comhshaoil scéala amach chuig chuile chomhlacht sa tír atá ag láimhsiú na cláracha Leader faoi láthair ag iarraidh a fháil amach an mbeadh suim acu é a láimhsiú sa nGaeltacht. Seachas Fóram Leitir Fraic agus Comhar na nOileán níl a fhios cé mhéid comhlacht eile a chuir scéala isteach chuig an Roinn roimh spriocdháta an lae inné - an 27 Márta.

Ceaptar go dtógfaidh sé scaitheamh sular féidir socrú a dhéanamh leis an gclár a chur ar ais ar a chosa; bhíodh Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teo (faoi leachtú) ag láimhsiú an chláir Leader sa nGaeltacht nó gur chlis an comhlacht sin sa bhfómhar seo caite.

Daltaí ó Choláiste Naomh Sheosamh i gCaisleán an Bharraigh, Maigh Eo, a bhuaigh an chéad ait sa chomórtas Tráth na gCeist Sóisearach a d'eagraigh Conradh na Gaeilge i gCaisleán an Bharraigh le linn Sheachtain na Gaeilge. Tá Stiofán Ó Móráin ó Chonradh na Gaeilge sa phictiúr in éineacht le Niamh Ní Shuibhne, Múinteoir, Clár Balaski, Róisin Níc Raois, Gráinne Ní Gabháin agus Sinéad Ní Mhaolfabhail, Múinteoir. PIC JOY HEVERIN

# Glacadóir Ceaptha ar Óstán Glenlo

**Anton Mac Cába**

TÁ beirt ghlacadóirí ceaptha ag Bank of Scotland ar an óstán an Glenlo Abbey ar imeall chathair na Gaillimhe agus Gaeltachta Chonamara. Is iad sin Aengus Burns agus Michael McAteer ó Grant Thornton.

Is iad John Henry, Geraldine, Margaret, John Francis agus Brian Bourke na stiúrthóirí atá ar an chomhlacht ar leis Glenlo Abbey. Sna doiciméidí a comhdaíodh leis an Oifig Um Clárú Cuideachtaí, tugann siad uilig an seoladh céanna i mBóthar na Trá, Gaillimh.

Ba don bhliain 2008 na cuntais ba dheireannaí a comhdaíodh agus níor comhdaíodh iad sin go dtí mí Feabhra anuraidh Bhí caillteanas €3,263,689 ar an óstán don bhliain 2008, méadú ar an chaillteanas €37,234 a bhí ar an áit in 2007. Scríobh na cuntasóirí KPMG gur léirigh na cuntais "the existence of material uncertainties which may cast significant doubt on the company's ability to continue as a going concern."

Tá ostán an Glenlo Abbey lonnaithe i bPáirc na Sceach, Gaillimh agus tá sé ag feidhmiú go hiomlán go fóill.

**Breanndán Ó Beaglaíoch & Caoimhín Ó Raghallaigh**

© 2010 Com Kelleher

**Dé Satharn 31 Márta 2012 @ 8pm**

**Leabharlann Locha Riach** -- Loughrea Library

**Ceoltóirí & aíonna eile --** Musicians & other guests**:**

**Gearóid Ó Dubháin & Pádraig Ó Dubháin (damhsóirí), Ceathairéad Carolan, Muireann Ní Dhuigneáin, Gabriel Rosenstock**

**Cead isteach: €10 / €8**

**091-870718 / www.lochariach.com**

féile raifteirí
30 Márta - 1 Aibreán 2012
Baile Locha Riach agus Creachmhaoil, Loughrea & Craughwell

Cairde Raifteirí

# Féile Raiftearaí

**Katie McGreal**

BEIDH Féile Raiftearaí ar siúl i mBaile Locha Riach agus i gCreachmhaoil na Gaillimhe an deireadh seachtaine seo.

Tosóidh sé ar an Aoine, 30 Márta, le hAifreann speisialta Gaeilge san Ardeaglais ag 7in agus ina dhiaidh sin, tabharfaidh Micheál Ó Cuaig ceardlann amhránaíochta i dTeach Tábhairne na nÁirsí, trasna an bhóthair. Beidh seisiún amhránaíochta, scéalaíochta, filíochta agus ceoil oscailte ar siúl i ndiaidh sin. Beidh Gary Hastings, Gabriel Rosenstock, Nóirín Ní Ghrádaigh agus Mícheál Ó Fathaigh ina n-aíonna don oíche.

Cuirfidh Gabriel Rosenstock ceardlann fhilíochta ar siúl ó 11rn go dtí 1in ar an Satharn, 31 Márta, agus beidh Ceolchoirm na nÓg do na bunscoileanna ar siúl in Óstán Locha Riach ag 3in. Beidh Ceolchoirm Mhór na Féile ar siúl an oíche sin ag 8in i Leabharlann Bhaile Locha Riach leis na damhsóirí, Gearóid Ó Dubháin agus Pádraig Ó Dubháin. Beidh ceoltóirí Ceathairéad Carolan ann freisin agus costas €10 a bheidh i gceist leis.

Ar an Domhnach, 1 Aibreán, tiocfaidh daoine le chéile ag Uaigh Raiftearaí i Reilig Cillínín, Creachmhaoil ag 1in agus beidh seisiún ceoil, amhránaíochta, filíochta agus scéalaíochta ar siúl ag 2in i dTigh Raftery agus beidh na ceoltóirí, Verena Commins, Nóirín Ní Ghrádaigh agus Muintir Uí Fhlannagáin ag casadh ann ina dhiaidh. Tá tuilleadh eolais faoin bhféile ar fáil ó 091 870718.

# Trí Lionsa Sualannach – taispeántas grianghraf

**Katie McGreal**

TÁ taispeántas grianghrafadóireachta le ceathrar grianghrafadóirí béaloidis ón tSualainn ar siúl i leabharlann James Hardiman in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh go dtí an Aoine, 27 Aibreán.

Léiríonn an taispeántas saol mhuintir na tíre seo sa chéad leath den 20ú haois agus clúdaíonn sé obair, spórt, spraoi agus áiteanna cónaithe.Thóg Äke Campbell, Albert Eskeröd, Carl von Sydow agus Harriet Wetterström an 20 grianghraf agus tá siad ar iasacht ón mBailiúchán Náisiúnta Béaloidis (National Folklore Collection).

Déanann an taispeántas saor in aisce ceiliúradh ar an bpáirt a bhí ag an gceathrar seo i gcultúr na hÉireann ag an am.

## Maigh Eo

# Maoiniú faighte ag dreamanna Gaeilge

**Katie McGreal**

D'FHÓGAIR an tAire Stáit, Donnachadh Mac Fhionnlaoich gur ceadaíodh deontais do Choláiste Uisce i gContae Mhaigh Eo agus do Chlub Júdó Leitir Mealláin le déanaí. Tá €50,000 ar fáil do Choláiste Uisce le forbairt a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ar mhaithe leis an nGaeilge i gceantar an Choláiste agus tá €2,250 ceadaithe don Chlub Júdó chun cabhrú leo ábhar nua a cheannach. D'fhógair an Roinn an deontas do Choláiste Uisce ar an gCéadaoin, 14 Márta agus chuala an Coláiste faoi ar an Déardaoin, 15 Márta, go neamhoifigiúil ón Teachta Dála, John O'Mahoney.

Deir lucht an Club Júdó nach mór dóibh an t-airgead a chaitheamh ar dtús sula bhfaighidh siad aon airgead ón rialtas. Tá neart trealamh nua ag teastáil uathu. Tá siad chun éidí Júdó agus neart mataí nua a cheannach leis an airgead. Tá grúpa de thart ar 50 duine ag teacht chucu an tseachtain seo chugainn i gcomhair Campa Júdó Idirnáisiúnta. Tiocfaidh 12 dhuine ó Learpholl i Sasana agus "cabhróidh an t-airgead seo go mór leis sin," a deir Máirtín Seoige ón gClub.

Chuir an dá ghrúpa isteach ar an airgead seo i mí na Nollag agus i mí Eanáir.

# LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

## Laois

# Ionad Siopadóireachta Ráth Domhnaigh le dúnadh

**Colm Ó Broin**

TÁ sé fógartha go bhfuil Ionad Siopadóireachta Ráth Domhnaigh i gContae Laoise le dúnadh i mí Bealtaine. Tá seisear fostaithe san ionad faoi láthair ach tá imní ann go bhféadadh 50 post eile sa cheantar a bheith i mbaol de bharr a dhúnta.

Osclaíodh an t-asraon miondíola monarcha in 2002 agus bhí 30 tionónta ag díol earraí ar lascaine ann tráth dá raibh. Tá sé lonnaithe thart ar thrí mhíle ón M8.

Deir réir AWG Property, ar leo sciar mór den ionad, bhí fadhbanna ag an ionad ón tús de bharr moille ar uasghrádú a bhí beartaithe ar bhóithre agus iomaíocht ó ionaid siopadóireachta a d'oscail i gCill Dara, Port Laoise agus Cill Chainnigh. Buaileadh an t-ionad go mór de bharr an chúlú eacnamaíochta chomh maith agus níl ach seacht tionónta ann faoi láthair.

Dúirt Bainisteoir Stiúrtha AWG, Tony Donnelly: "D'oibrigh muid go han-chrua le deich mbliana anuas in ainneoin go leor iomaíochta sa cheantar agus an mhoill ar fheabhsuithe infrastruchtúir.

Lean muid le hinfheistíocht san ionad i rith an ama sin ach céad faraor cailleadh roinnt tionóntaithe tábhachtacha de bharr coinníollacha trádála in Éirinn do mhiondíoltóirí agus is dá bharr seo a tógadh an cinneadh deacair seo.

Tuigeann muid an tábhacht a bhaineann leis an asraon don phobal áitiúil mar áis agus mar fhoinse fostaíochta. Tá muid an-bhuíoch don tacaíocht a fuair muid ón bpobal agus ó Chomhairle Contae Laoise," a dúirt Tony Donnelly

Dúirt sé go raibh 41 aonad san ionad, nó 70,000 troigh cearnach san iomlán agus go raibh suim ag AWG labhairt le dream ar bith a mbeadh spéis acu é a úsáid amach anseo.

# 'Dodhéanta' scoil bheag a choimeád ar oscailt

**Colm Ó Broin**

TÁ sé ráite ag príomhoide i scoil bheag tuaithe i Loch Garman nach mbeidh an dara rogha acu ach dúnadh má ghearrtar líon na múinteoirí sa scoil.

Tá 13 dalta agus beirt múinteoirí i Scoil Náisiúnta Chill Eighnigh, ach caillfidh siad oide amháin nuair a ardófar an tairseach don dara múinteoir ó 12 go 17 i mbliana.

Léiríodh fearg leis an athrú seo timpeall na Poblachta ach tá sé ráite ag an Aire Oideachais, Ruairí Quinn, nach bhfuil iallach á chur ag an rialtas ar scoil ar bith dúnadh. De réir phríomhoide na scoile de chuid Eaglais na hÉireann, áfach, níl iomlán na fírinne sa mhéid sin.

"Tá siad ag rá nach mbeidh orainn dúnadh, ach déanfaidh an t-athrú seo cinnte de nach féidir linn fanacht ar oscailt," arsa Ciarán Kavanagh.

"Sin an toradh a bheas ar an gciorrú seo, go gcruthóidh sé go leor, leor deacrachtaí praiticiúla do scoileanna beaga. Mar shampla, beidh ocht rang ag foghlaim in aon seomra amháin agus beidh sé dodhéanta an curaclam iomlán a mhúineadh dóibh.

"Má tá spórt ar siúl leis na páistí sinsearacha beidh orm na páistí sóisearacha a thabhairt amach liom chomh maith.

"Beidh deacrachtaí le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta freisin, má éiríonn páiste tinn cé a thógfaidh é chuig an dochtúir nó chuig an ospidéal? Dá dtarlódh rud éigin domsa bheadh ar na páistí féin scairt a chur ar dhuine éigin."

Dar le Kavanagh, bheadh drogall ar mhúinteoirí, fir ach go háirithe, a bheith le daltaí i rith an lae leo féin ar eagla go ndéanfaí líomhain faoi mí-úsáid páistí.

Dá ndúnfadh an scoil is í an scoil Eaglais na hÉireann is cóngaraí do Chill Eighnigh ná ceann in Inis Córthaidh, atá naoi míle ón gceantar tuaithe.

## Baile Átha Cliath

# 'Come and Go' as Gaeilge

**Katie McGreal**

CUIRFIDH an comhlacht amharclainne, 'Mouth on Fire', an chéad léiriú den dráma, 'Come and Go' le Samuel Beckett as Gaeilge, 'Teacht is Imeacht', ar an stáitse san Amharclann Focus i mBaile Átha Cliath ón 10 Aibreán go dtí 21 Aibreán ag 8in, gach lá.

Tá sé mar chuid den ensemble 'Before Vanishing...' a chuirfidh ceithre ghearrdhráma de chuid Beckett i láthair, 'Ohio Impromptu', 'Footfalls', 'That Time' agus 'Teacht is Imeacht'. Déanfar an leagan Béarla den dráma mar chuid den ensemble freisin. Is é Gabriel Rosenstock a d'aistrigh go Gaeilge é. Beidh na haisteoirí Melissa Nolan, Jennifer Laverty, Colm O'Brien agus Nick Devlin ann. fuaireadar tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ó Fhoras na Gaeilge don ensemble uilig. Cuirfear ar siúl é in Amharclann Nuffield i Southampton Shasana sa Mheán Fómhair agus san Amharclann Axis i mBaile Munna amach sa bhliain.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.mouthonfire.ie agus tá ticéid ar fáil ó www.beforevanishing.eventbrite.ie.

# Dianchúrsa do Bhéaltriail na hArdteiste

CUIRFIDH Gaelchultúr dianchúrsaí lae do bhéaltriail na hArdteistiméireachta ar siúl i gCeatharlach agus i mBaile Átha Cliath le linn shaoire na Cásca. Beidh ceann ar siúl ar an Satharn seo, 31 Márta, san Ostán Seven Oaks i gCeatharlach agus ceann eile i bhfoirgneamh Ghaelchultúr i mBarra an Teampaill i mBaile Átha Cliath. Beidh cúrsa eile ar siúl in Óstán Central ar Shráid an Chiste i mBaile Átha Cliath ar an Máirt, 10 Aibreán.

Tosóidh na cúrsaí ag 10rn agus críochnóidh siad ag 4in. Díreofar ar na hábhair chainte a bhíonn i gceist sa bhéaltriail, ag feabhsú agus ag forbairt a gcuid scileanna cainte, ag cur lena stór focal agus lena n-eolas ar an ngramadach le linn an chúrsa. Clúdófar léamh na filíochta agus an tsraith pictiúr freisin agus cuirfear béaltriail bhréige de 15 nóiméad ar gach dalta. Gheobhaidh siad aiseolas ina dhiaidh sin. Cuirfear bileoga ar fáil le treoir ó mhúinteoirí freisin agus beidh ábhar ar fáil saor in aisce ar líne, mar aon le taifeadtaí de na sleachta léitheoireachta.. Beidh costas €95 ar gach cúrsa agus caithfidh tú d'áit a chur in áirithe. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.gaelchultur.com nó ag 1890 252 900.

# Cosán nua do rothair amháin

D'OSCAIL Ardmhéara Bhaile Átha Cliath, Andrew Montague agus an tAire Stáit, Alan Kelly, an cosán nua do rothar amháin in aice leis an gcanáil, Canal Way Cycle Route ar an Déardaoin seo caite. Tugann sé deis do rothaithe 3.6 ciliméadar de rothaíocht easbhóthair a dhéanamh taobh leis an gCanáil Mhór.

Tá 9 n-acomhal ar an gcosán seo, áiteanna a gcaithfidh na rothaithe an bóthar a roinnt le tiománaithe agus coisithe. Tá soilse tráchta nua ag na háiteanna seo do rothaithe amháin agus ní mór dóibh na soilse seo a leanúint.

Tosaíonn an cosán i bPortobello agus críochnaíonn sé ag Sráid an tSirriam, ach níl anseo ach an chéad chuid den phlean rothaíocht easbhóthair trascathrach atá beartaithe. Táthar ag siúl go gclúdóidh an cosán ar fad 14 chiliméadar, taobh leis na Canálacha Ríoga freisin.

Chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an cosán ar fáil agus fuaireadar maoiniú de €5.5 milliún ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoin tionscnamh Smarter Travel don tionscadal.

"Tá 70% níos mó rothaithe sa chathair le 7 mbliana anuas," a deir Ardmhéara na cathrach. "Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag déileáil leis seo trí na Dublin Bikes a chur ar fáil agus anois leis an gcosán nua seo."

# Níos lú daoine ag taisteal isteach go Cathair Bhaile Átha Cliath

LÉIRÍONN tuairisc ar an méid daoine a thagann isteach go lár chathair Bhaile Átha Cliath ag an mbuaicthráth tráchta sa mhaidin, 7in - 10in, go bhfuil ardú 42% tagtha ar an méid rothaithe atá sa chathair ó 2006 agus cé gur d'athraigh an méid carranna atá ag dul isteach thar na blianta sin, níl mórán athraithe sna figiúirí iomlána. Thit an méid daoine a théann isteach sa chathair 12% ó 2006 go dtí 2010, ní haon chúis iontais an figiúr sin de bharr an chúlú eacnamaíochta agus an méid daoine atá dífhostaithe.

Tháinig an tuairisc reatha seo ón Údarás Náisiúnta Iompair agus clúdaíonn sí an tréimhse idir 2006 agus 2011. Thosaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag déanamh tuairiscí den chineál seo in 2009 chun éifeacht na mbealaí taistil a mheas agus le measúnú a dhéanamh ar na polasaithe taistil a tháinig i bhfeidhm i 1997. Tá an tuairisc iomlán ar an suíomh www.nationaltransport.ie.

**Cáit Ní Dhomhnaill, Eimhin Mac Tuairisc, Ella Ní Thuirl, Cuillinn Ní hAoláin agus Mollaí Ní Mhaolmhuire ó Ghaelscoil Bharra, Cabrach i mBaile Átha Cliath a bhí ar an stáitse ag féile Choirm Gael Linn in ionad cultúrtha 'Clasach', Fionnradharc, ar na mallaibh.**

## Cill Dara

# Teach Tearmainn díomhaoin gan mhaoiniú

**Colm Ó Broin**

TÁ ionad tearmainn nua do mhná agus páistí i gCill Dara díomhaoin toisc nach bhfuil maoiniú ar fáil chun foireann a earcú. Chosain sé €1 milliún chun an Teach Tearmainn i mBaile Chill Dara a thógáil. Ní féidir leis an ionad glacadh le mná nó páistí atá ag fulaingt foréigin sa bhaile, áfach, toisc nach bhfuil maoiniú curtha ar fáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) do chostais fhoirne nó riartha an ionaid.

"Tá ionad galánta againn anseo ach ní féidir linn é a úsáid," arsa Jacinta Carey ó Teach Tearmainn.

"Ó bhog muid anseo ar 17 Eanáir tháinig 18 bean agus 44 páiste chugainn ag lorg tearmainn, ach ní raibh muid in ann é a chur ar fáil dóibh."

Tá an eagraíocht Teach Tearmainn ag cur seirbhísí eolais, cúnaimh agus comhairleoireachta ar fáil do mhná atá ag fulaingt foréigin ó bhí 1999 ann. D'fhorbair siad an t-ionad nua i gcomhar leis an FSS ach dúirt siad gur thug an Fheidhmeannacht le fios dóibh i mí Aibreán seo caite nach mbeadh maoiniú ar fáil chun foireann speisialtóirí a earcú.

Tá Teach Tearmainn ag lorg €410,000 ón FSS, €310,000 a chaithfear ar sheisear a earcú.

**Na naíonáin bheaga ó Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc ag déanamh 'An Sicín Caillte' don Fhéile Scoildrámaíochta a d'eagraigh Glór Cheatharlach in Amharclann G.B. Shaw le linn Sheachtain na Gaeilge**

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 28 Márta, 2012

# Crainn óga ag cothú an oideachais i gColáiste Ghobnatan

**Seán Ó Loingsigh**

TÁ tús curtha le ré nua i gColáiste Ghobnatan i mBaile Bhuirne agus crainn óga curtha in áit seanchrann ansin.

Sna 1950í a cuireadh crainn cheana chun scáth a thabhairt don mheánscoil a bhí mar ghairmscoil an tráth úd.

Caitheadh na crainn a bhí i mbaol titime a leagadh le déanaí agus a ngéaga cromtha le meáchan na mblianta.

Bhí iar-phríomhoide Ghairmscoil Ghobnatan, Micheál Ó Lionáird, agus iar-leasphríomhoide na scoile agus iarPhríomh-Fheidhmeannach Choiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí, Barra Ó Briain, i láthair ag Lá na gCrann mar ar cuireadh 50 crann óg sa chré úr.

Chuir an comhlacht Coillte na crainn darach, fuinseoige agus beithe ar fáil, agus dheimhnigh Príomhoide Choláiste Ghobnatan, Breandán Ó Lionáird, go raibh lámh agus cos ag gach éinne ar an tsluasaid chun iad a chur.

Bhí cuma ar Bhainisteoir Coillte do cheantar an Iardheiscirt, Pádraig Ó Tuama, go raibh taithí aige ar an gcúram, agus chuir an cumadóir áitiúil, Peadar Ó Riada, atá mar chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na scoile, ceann de na crainn óga.

Bhí Sagart Paróiste Bhaile Bhuirne, an tAthair Dónal Ó Briain, ar an láthair chun bail ó Dhia a ghuí ar an saothar, agus chuir sé féin an crann deireanach ag an searmanas curtha.

I rith an lae ghlac scoláirí an Choláiste páirt san obair, agus chuir Cathaoirleach Chumann na dTuismitheoirí, Órla Ní Ghealbháin Gríofa, ceann de na crainn.

Cuirtear béim ar leith ar chúrsaí timpeallachta i gColáiste Ghobnatan faoi stiúir phríomhoide an lae inniu, Breandán Ó Lionáird, cleachtas a cothaíodh i rith lae a athar mar phríomhoide agus ré Bharra Uí Bhriain mar mhúinteoir tuatheolaíochta.

Táthar ag súil go dtabharfaidh na crainn nua foscadh don síol oideachais i rith na haoise seo.

## MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

### Múscraí

# Súil le ceolchoirm speisialta san Ionad Cultúrtha

**Seán Ó Loingsigh**

BEIDH ceolchoirm speisialta san Ionad Cultúrtha i Múscraí oíche Dé hAoine seo chugainn, 30 Márta, nuair a sheinnfidh an veidhleadóir cáiliúil James Kelly i dteannta an tionlacaí Arty McGlynn, ceoltóir a mheastar a bheith ar an seinnteoir is fearr riamh ar an ngiotár in Éirinn, agus a cháil amuigh thar lear chomh maith de bharr a shaothair i réimse leathan a shíneann thar teorainn an cheoil traidisiúnta.

Is de chlann mór ceoil Mhuintir Uí Cheallaigh Bhaile Átha Cliath é James Kelly, a athair John a bhí mar bhall den ghrúpa Ceoltóirí Chualann, agus a dheartháir John Óg lena a dhein sé albam beirte ar na veidhlíní 40 bliain ó shin.

Tar éis bhás Sheáin Uí Riada i 1971 agus scor Cheoltóirí Chualann, bhí sean-John Kelly ó Chontae an Chláir ó dhúchas agus a mhac James mar bhaill den ghrúpa Ceoltóirí Laighean i dteannta leithéidí Mary Bergin agus ceann dá mbunaitheoirí Éamonn de Buitléir, agus na hamhránaithe Diarmuid Ó Súilleabháin agus Seán Ó Liatháin ó Ghaeltacht Mhúscraí.

Ní fada go raibh cáil an Cheallaigh amuigh mar shár-veidhleadóir agus táid san i measc cheoltóirí móra na tíre seo agus i Meiriceá a mheasann gurb siúd an ceoltóir Gaelach is fearr sa lá atá inniu ann agus le fada an lá.

Thárla sé gur tháinig James Kelly agus Arty McLynn le chéile mar bhaill den ghrúpa Planxty nuair a hathbhunaíodh an grúpa i dteannta a bpíobaire Liam Ó Floinn ar feadh tréimhse, 30 bliain ó shin.

Bhí McGlynn tagtha amach as ré caite na seó-bhannaí in Éirinn agus albam de cheol aonair ar an ngiotár - McGlynn's Fancy - déanta aige, seoid a léirigh ardchumas ceoil le scileanna fite fuaite go héifeachtach ó stíl tionlacain a d'oir ó cheol comhaimseartha. Ní nach ionadh gur dhein fear Thír Eoghain roinnt den tionlacan ar albam aonair de chuid James Kelly i 1989, le traic a mheastar a bheith ar an bpíosa is fearr ceoil a cuireadh ar téip i ré taifeadta ár linne - 'The Foxhunters' - a léirigh ardchumas tuisceana ar an gceol Gaelach idir an port agus a tionlacan.

Ní strainséirí iad ceachtar acu i gceantar Mhúscraí, an Ceallach mar chuairteoir uaireanta ar a chairde i gCúil Aodha nuair a bhíonn sé in Éirinn, agus tréimhsí caite go minic ag Arty McLynn ag taifead le ceoltóirí agus amhránaithe éagsúla i Stiúideo an tSuláin tráth dá raibh.

Tá blianta fada caite ag an gCeallach i Meiriceá agus is ann, ina cheann, a mhaireann sean-phoirt a shinsir, agus curtha aige leis an stór líonmhar leis na céadta port atá cumtha aige féin.

Is cúlra Gaelach atá mar bhonn do cheol fhear na hÓmaigh chomh maith, tionlacaí a bhfuil ceol seinnte aige le Van Morrison, na Clancy Brothers, Paul Brady, Christie Hennessy, Christy Moore, De Danann, Máire O'Connell, agus liosta le háireamh de cheoltóirí móra traidisiúnta na haoise seo agus na haoise seo caite. Is é bunús a thionlacain nach bhfuil a shárú ann chun an port fhéin a sheinnt ar an ngiotár ná b'fhéidir ar aon uirlís eile idir cumas agus tuiscint an cheoil de.

Cuirfear tús leis an gcoirm cheoil san Ionad Cultúrtha ar a 8.30 oíche Dé hAoine.

Micheál Ó Lionáird, Breandán Ó Lionáird, Barra Ó Briain, Peadar Ó Riada agus Pádraig Ó Tuama ag cur na gcrann i gColáiste Ghobnatan.

# €3,000 bailithe ar Lá Lus an Chromchinn

**Seán Ó Loingsigh**

BAILÍODH €3,000 do Chumann Ailse na hÉireann ag maidin chaife a reáchtáladh in Óstán Ghobnatan i mBaile Bhuirne Dé hAoine seo caite mar chuid d'fheachtas náisiúnta Lá Lus an Chromchinn a bhí ar bun ar fud na tíre.

Chuir gnólachtaí áitiúla i gceantar Mhúscraí táirgí éagsúla ar fáil don chrannchur a reáchtáladh i rith na maidine caife, agus dheonaigh daltaí bunscoile Scoil Abán Naofa €200 óna bpócaí féin mar chuid den bhfeachtas bailithe airgid do Chumann Ailse na hÉireann.

Ba í an tseift bhailithe airgid a úsáideadh i Scoil Abán ná gur chaith na daltaí gnáthéadaí ag dul ar scoil Dé hAoine seo caite, agus gearradh 'fíneáil' €2 an duine orthu de bharr nach rabhadar ag caitheamh na gcultacha scoile.

Ba iad Máire Uí Chonaill agus Fionn Uí Shuibhne a d'eagraigh imeachtaí Lae Lus an Chromchinn i mBaile Bhuirne, an 18ú bliain as a chéile an imeacht seo a bheith á reáchtáil acu.

Ghabh Fionn Uí Shuibhne buíochas leo siúd go léir a chabhraigh le reáchtáil na maidine caife, agus leis an bpobal a bhí flaithiúil le linn na hócáide

Agus bailíodh €400 don eagraíocht Aware ag maidin chaife a reáchtáil daltaí na hidirbhliana i gColáiste Ghobnatan Déardaoin seo caite. Bhí baill den eagraíocht sa Choláiste le déanaí chun eolas a thabhairt do na daltaí faoin obair a bhíonn ar bun acu maidir le cúnamh a thabhairt dóibh siúd a mbíonn an dubhach orthu.

Corca Dhuibhne

# Gradaim drámaíochta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

BRONNADH gradaim Fhéile Dhrámaíochta Chorca Dhuibhne a bhí ar bun ar an Aoine agus an Satharn seo caite, an 23ú agus an 24ú, i Halla na Feothanaí. Bhí freastal maith go leor ar an bhFéile ach gan a bheith chomh mór le blianta eile. Ní raibh 'fhios ag go leor daoine go mbeadh Aisteoirí Chumann Drámaíochta Ollscoile Chorcaí ann óir ní rabhadar ar an gclár. Bronnadh gradam orthu as a gcultacha sa dráma 'Eibhlís'. Ar an Aoine bhí an dráma, 'An Seomra Feithimh', le hAisteoirí Bhréanainn ar stáitse agus bronnadh gradam ar Shiobhán Ní Chathalláin as a cumas aisteoireachta agus ar Noel Ó Maoileoin ó Aisteoirí Bhréanainn as a pháirt sa dráma 'Magadh ar Mhagadh'. Thuill Gearóid Ó Tuama ó Aisteoirí an Lóchlainn, Ceatharlach gradam as a pháirt sa dráma 'Bidín' le Pádraig Standúin. Ba é Muiris Ó Súilleabhain a bhí i mbun moltóireachta.

Lisa Ruttle, Anna Budzynska, Mario Matausch, Jacques Lobe agus John Harnett ag seoladh na n-imeachtaí ag an scoil saoirseacht bád d'Fhéile Luimnigh atá ar siúl an tseachtain seo i gContae agus i gCathair Luimnigh. PIC. ALAN PLACE

# Bua i Roinn a Dó ag an nGaeltacht

AR an Satharn seo caite bhí a gcéad bhlaise le fada ag an nGaeltacht ar chaid i Roinn a Dó an chontae. Bhuaileadar Deasúnaigh Oilean Chiarraí le 0-13 V 1-6. Bhí na Deasúnaigh chun cinn 0-5- 03 ag leath ama, ach bhí an ghaoth leo rud a fhág an leoithne i gcúl fheara na Gaeltachta sa dara leath. Orthu siúd a chruthaigh go maith bhí Cathal mac Gearailt agus Conall Ua Crualaoich. Le fiche bliain bhí an Ghaeltacht i Roinn a hAon ach baineadh barrthuisle astu i mbliana agus díbríodh ó Roinn a hAon go Roinn a Dó iad. Is baolach, fad is a bhí An Ghaeltacht ag déanamh a ngaisce féin in aghaidh na nDeasúnach buadh le cúilín beag suarach amháin ar Phobalscoil Chorca Dhuibhne i leathchraobh sinsir caide na Éireann do Choláistí/meánscoileanna ar an Satharn seo caite. Thaistil slua mór ón gceantar seo go Port Laoise le hard-cluiche a fheiscint, ach caithfidh siad fanacht bliain eile le dul go dtí an gcraobh, is é sin má leanann pátrún fhoireann na Pobalscoile, cailliúint bliain agus buachaint an bhliain ina dhiaidh. Sin rud atá luaite leo le tamaillín do bhlianta.

Tá sé socair ag CLG na Gaeltachta, 'Lá Oscailte', a bheith acu an Samhradh seo. Dúirt urlabhraí gurb é atá i gceist acu ná 'Lá na Gaeltachta' a eagrú i seomraí agus ar Pháirc an Chumainn i nGallaras mar a mbeidh fáilte roimh bhaill an Chumainn agus tuismitheoirí na mball óg. Tá sé i gceist go mbeadh sólaistí ann agus deir urlabhraí ón gCumann go mbeidh fáilte roimh aon duine ar mhaith leis cabhrú ar an lá.

# An Gairdín beagnach réitithe

TAMALL ó shin bheartaigh an Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta an gairdín a bhronn Mná Rialta na Toirbhirte ar An Díseart, an institiúid léinn tríu leibhéal a bhunaigh an Fiannachtach sa Daingean, a fhorbairt. "Tá sé beagnach réitithe againn," ar sé "agus tá an beartas is mó a bhí i gceist againn, is é sin go mbeadh duine ábalta 'crann clainne', a cheannach ar 20 Euro agus plaic ar a mbeadh ainmneacha an duine nó na clainne, ceangailte don gcrann. Sea," ar sé, "tá an gairdín, nó an chuid sin de a bhí meáite don dtogra seo, lán agus tá daichead iarratas ar liosta feithimh. Chuir an Moinsíneoir a buíochas in iúl don ngarraíodóir aitheanta, Máire Ní Raghnaill, a dhear an láthair don dtogra agus ghaibh sé buíochas le Bord Soláthair an Leictreachais, a cuir cábla mórchúmhachta ffaoi thalamh dóibh ar bheagán costais mar ómós d'iar-Phríomhfheidhmeaannach an Bhoird [BSL], Pádraig Ó Muircheartaigh ná maireann, ó Dhún Sian in aice láimhe.

"Tá," arsa an Fiannachtach' "cúrsaí léinn, filíochta, ceapadóireachta agus foilsitheoireacht ag dul ar aghaidh go seó faoi scáth, 'An Sagart' agus tá sé i gceist againn eagrán ar leith den iris, 'An Sagart', a chur ar fáil go luath. Is cúis gairdis dúinn go mbeidh an leabhar mór 'Ár Slánaitheoir ag siúl ar an dTalamh seo', leis an nDr Pádraig Ó hÉalaí, á sheoladh sula fada, le Cúnamh Dé," ar sé.

# Airgead mór ar ainmhithe

CÉ a déarfadh go mbeadh oiread éilimh ar stoc agus ar chaora le bliain anuas. Is ag ardú i gcoitinne atá na praghsanna. Mar shampla, ar Mharglann an Daingin ar an Satharn seo caite bhí bulláin a dó agus a trí do bhlianta ag dul ó 500 Euro go dtí 600 Euro móide a meáchain agus suas go dtí 700 Euro móide a meáchain ar chinn taibhseacha.

Bhí caora óga ag dul idir 120 Euro agus 140 Euro agus bhícaoire le huain nó in uan ag dul breis agus 150 Euro. Nuair a dúrt le feirmeoir go mba ard-phragsanna iad, dúirt sé go raibh min agus leasú éirithe anchostasach ar fad ach go mba ardfhaoiseamh na 'mór-phraghsanna', d'fheirmeoirí a bhí ar feadh na bliana ag stracadh leis an saol.

# 'Íoc an táille tí' – Comhairle Contae

TÁ feachtas fógraíochta ar siúl ag an gComhairle Contae ag comhairliú do dhaoine an 100 Euro dleachta ar thithe cónaithe a bheith díolta roimh dheireadh na míosa. Cé go gcloisimid go bhfuil go leor daoine tar éis an 100 Euro a íoc, tá formhór mór dá bhfuil ar m'aithne tar éis gan aon aird a tabhairt ar an bhfógraíocht. Dúirt urlabhraí os na Cearta Sibhiailta ná raibh aon chuimhneamh acu dada a íoc. "Níl sa dleacht seo ach cáin eile agus é mar thús ar chíos a bheidh ag ardú bliain i ndiaidh bliana," ar sé. "D'aontaíomar", ar sé, "gan an dleacht ar dhabhchanna séarachais a íoc."

Má thug an Chomhairle Contae cead pleanála le tigh áirithe a thógaint agus gur deineadh mar a d'ordaíodar canathaobh go mbeadh siad ag teacht arís ag éileamh airgid ar scrúdú daibhche ar aontaíodar féin leis. Dúirt bean tí liom go gcuireann na dleachtanna agus an síorchreimeadh ar aon rud a bhaineann leis an nGaeltacht díomú agus olc uirthi agus dá bharr ná n-íocfadh sí pingin le 'daoine míréasúnta'! Tá an tuiscint ann leis ná mbriseadh 100 Euro aon duine in am seo an ghátair, ach mar a dúrt, níor mhór duit éadan dána a bheith ort lena leithéid a mholadh do dhaoine sa cheantar seo.

# Teachta ar shlí na fírinne

OÍCHE Dé Domhnaigh seo caite fuair an t-iarTheachta Dála, Aire Stáit agus Rúnaí Páirliminte, Mícheál Ó Beaglaoich FG, ón nDaingean bás. Saolaíodh Mícheál sa bhliain 1932. Maireann a bhean chéile Eleanor agus triúr clainne, beirt mhac agus iníon. Toghadh Mícheál ina TD do Dháilcheantar Chiarraí Theas sa bhliain 1969 agus lean sé gan briseadh ina TD gur chaill sé a shuíochán sa bhliain 1989. Chaill sé a shuíochán Comhairle Contae sa bhliain 1991.

## ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Aontroim

# Fadhbanna litearthachta ag príosúnaigh

Anton Mac Cába

TÁ fadhbanna litearthachta ag 70% d'iomlán na gcimí atá i Maigh gCabraí. B'shin a dúirt an tAire Cirt ó thuaidh, David Ford, i bhfreagra a thug sé sa Tionól ar cheist ó John Dallat. Anuraidh, ní raibh ach 30% de na cimí ábalta scríobh agus léamh ag an leibhéal a bhíonn ag gnáthdhalta scoile atá 14 bliana d'aois.

Tá cúrsaí fiú níos measa i gcás na huimhríocht. Bhí fadhbanna matamaitice ag 81% de na príosúnaigh, bhí 12% acu nach raibh fiú an leibhéal litearthachta acu a bhíonn ag páistí bunscoile atá cúig bliana d'aois, sa chéad bhliain ar an bhunscoil.

Dún na nGall

# Ionadaí nua ar bhord Aerfort Dhún na nGall

CHEAP Comhairle Contae Dhún na nGall stiúrthóir nua mar ionadaí dá gcuid ar bhord Aerfort Idirnáisiúnta Dhún na nGall. Is é sin Garry Martin, a bhfuil seoladh aige in aice le Baile Dhún na nGall.

Tá Martin ina Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Éigeandála leis an Chomhairle Contae. Is stiúrthóir é ar Bhord Fiontar Chontae Dhún na nGall agus tá sé, leis, ina Bhainisteoir Baile ar Bhun Dobhráin.

Muineachán

# Foirgneamh úrnua ag Gaelscoil Eois

DÉ Máirt seo caite, d'aistrigh an 45 dalta de chuid Gaelscoil Eois i gContae Muineachán isteach sa scoil

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 28 Márta, 2012

# Sceitheadh eolais faoi chás sibhialta bhuamáil na hÓmaí

**Anton Mac Cába**

SA chonspóid is déanaí a bhaineann le Buamáil na hÓmaí, cuireadh doiciméid a bhaineann le cás sibhialta atá ag cuid de na híobartaigh ar líne. Baineann cuid de na doiciméid le scrúdaithe síceolaíochta. Sa chás sibhialta, tá roinnt gaolta ag cur cúirte ar bheirt easaontóirí poblachtacha, as a bheith páirteach sa bhuamáil in 1998.

Ba ó shuíomh na ndlíodóirí H20 a sceitheadh na doiciméid. Dúirt urlabhraí thar cheann Oifig na gCoimisinéirí Faisnéise go raibh siad ag fiosrú na heachtra. Tuairiscíodh dhá leagan difriúla den scéal. Dúirt tuairiscí áirithe gur chuir na dlíodóirí na doiciméid ar fhreastalaí nach raibh slán. Dúirt tuairiscí eile go ndearna bradaí ionsaí ar an suíomh.

Dhíol Rialtas na Breataine £804,322.51 (€961,449.34) le H20 in 2004 as cúirt a chuir ar chúigear easaontóirí poblachtacha. Bailíodh £1.2milliún (€1.437milliún) ón bpobal don chás. Ghlaoigh Gaelscéal ar H20 cúig huaire ón Aoine. Fuaireamar teachtaireach gach uair: "Our operators are very busy and are unable to answer your call." D'fhágamar uimhir fóin, mar a hiarradh orainn, ach ní bhfuaireamar aon ghlaoch ar ais.

Bhí Laurence Rush agus gaolta eile in éadán stráitéise an 'cháis sibhialta' agus H20. Dúirt Rush go raibh sé de dhualgas ar an stát cúirt a chur ar cibé daoine a bhí ciontach as an bhuamáil. In 2009, rialaigh an tArd-Chúirt i mBéal Feirste go raibh ceathrar as an gcúigear ar ar cuireadh cúirt ciontach. D'éirigh le hachomharc a rinne beirt acu. Cé go dtugann cuid de na meáin 'Gaolta na hÓmaí' ar an mhuintir a bhí ag cur cúirte ar an chúigear, ní raibh ach baill ó 7 gcinn den 27 teaghlach a bhí páirteach ann.

Rialaigh an Ard-Chúirt go raibh baill den seachtar teaghlach i dteideal damáistí £1.6milliún a fháil. Ba bhua ina aisce é, nó nach raibh acmhainní mar sin ag na cosantóirí.

Thóg an t-iriseoir John Ware amhras faoi na táillí a ghearr H20 ar na teaghlaigh. Bhí thar £1.1milliún i gceist - sula ndeachaigh an cás chun na cúirte. Tháinig cuid mhór den bhfianaise ó chlár a rinne Panorama; tugadh sin saor in aisce do H20. Ábhar eile amhrais a bhí ag Rush ná go raibh Sean O'Callaghan i mbun cúrsaí bolscaireachta do H20. Bhíodh O'Callaghan ina ghníomhaire ag na fórsaí slándála san IRA: agus é ina ghníomhaire in 1985, d'admhaigh sé gur dhúnmharaigh sé John Corcoran as a bheith ina bhrathadóir.

Tá sé mar bhuntáiste ag H20 go bhfuil cluas na meán acu. Tá sé ina chuidiú go bhfuil an príomhpháirtí, Jason McCue, pósta ar Mariella Frostrup. Is iriseoir agus láithreoir teilifíse agus raidió ise, a scríobhann don Guardian agus don Mail on Sunday (Sasanach), agus a bhíonn ar BBC Radio 4. Tugann McCue 'dlíodóir cearta daonna' air féin. Chuir sé an dlí ar dheachtóireacht Libia agus ar Al Qaïda.

D'éirigh idir McCue agus Victor Barker. Is dlíodóir agus comhairleoir coimeádach é McCue, ar maraíodh a mhac James sa bhuama. Dúirt Barker: "Jason (McCue) seems to now regard me with a degree of contempt because I have the audacity even to question what he does and my honest opinion (for what it is worth) is that his firm is not good value for money..." Scríobhann Ruth Dudley Edwards, duine de lucht tacaíochta McCue, sa leabhar 'Aftermath': "... while Jason was often chaotic - especially when it came to administration ..."

Tugann daoine sa bhunaíocht tacaíocht do McCue. Tá sé ina stiúrthóir ar an chomhlacht slándála MODA, in éineacht leis an Tiarna Brennan agus le Des Browne, iar-Aire sóiséarach in Oifig Thuaisceart Éireann. Tá an comhlacht H20 anois ag scoilteadh. Ní fios cad a spreag an scoilt. Tá McCue le bheith ina chomhpháirtí i gcomhlacht eile, McCue and Partners.

Múinteoirí agus daltaí Ghaelscoil Eois ag ceiliúradh a scoile nua.

Rannpháirtithe 'Honda Run' i Loch an Iúir ag tógáil sosa i Machaire i nDún na nGall an tseachtain seo caite. Bhailigh siad airgead ar son an Ionaid Chúram Lae de Shláinte Intinne sa Chlochán Liath le linn an rith.

úrnua acu. Tá sin ar Bhóthar Ros Liath i gCluain Eois, ar shuíomh a bhíodh ag Coláiste Learga

Thosaigh Gaelscoil Eois i 1995, i siopa i gCluain Eois. I gcionn cúpla bliain d'aistrigh siad amach faoin dtuath, go sean-scoil náisiúnta Eanach Cille. Tógadh sin roimh an Dara Cogadh Mór. Tá 45 dalta anois ann, agus beirt mhúinteoir. "Tá súil agam go mbeidh thart ar 60 ann Meán Fómhair seo chugainn, agus an tríú múinteoir," arsa Brian Mac Uaid, duine den dream a bhunaigh an scoil.

## Contae Dhoire

# Dianchúrsa Gaeilge: Rang Cruinnis

**Katie McGreal**

BEIDH an dara cuid den Ghearrchúrsa Gaeilge, Rang Cruinnis le Pádraig Ó Mianáin, ar siúl ar an Satharn seo, 31 Márta, ag 10rn sa Charn ar Bhóthar Thír Chiana i gContae Dhoire.

Clúdófar an tuiseal ginideach agus an aidiacht shealbhach le linn an lae. Críochnóidh an cúrsa ag 3in agus beidh costas £10 air, ach clúdaíonn sin an lón freisin. Beidh foclóir Uí Dónaill de dhíth don chúrsa.

Caithfear d'áit a chur in áirithe roimh dheireadh an lae inniu, Dé Céadaoin, 28 Márta. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó 028 79549978.

**An bhfuil scéilín agat?** Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

Ag Féile Drámaíochta Rann na Feirste, a bhí ar siúl in Áislann Rann na Feirste agus a d'eagraigh An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta, ag an deireadh seachtaine seo caite. Ó chlé: Gearóid Ó Fátharta, Aisteoirí Mhic Easmuinn, An Cheathrú Rua; Ciara de Barra, Aisteoirí Charn Tóchair, Doire; Bríd Anna Ní Bhaoill, Rann na Feirste; Seosamh Mac-Donnacha, Aisteoirí Mhic Easmuinn; Ann Mhic Conluain, Aisteoirí na gCopaleen, An tSrath Bán, Tír Eoghain; Máire Ní Dhochartaigh, Aisteoirí na gCopaleen; Proinsias Ó Cuilinn, Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh, Tír Chonaill agus Aodh Mac Ruairí, Rann na Feirste.

# Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

## Gaeilge- Ardteistiméireacht 2012 le Mícheál Ó Ruairc

### **Béaltriail Shamplach –** ar lean ón tseachtain seo caite]- CUID 2

**Scrúdaitheoir:**
Tá dúil mhór agat sa léitheoireacht mar sin, ní foláir?
**Dalta:**
Is aoibhinn liom a bheith ag léamh. Faraor géar ní féidir liom é sin a rá faoi na téacsleabhair atá ar scoil againn. Léitheoireacht éigeantach atá ansin faid is gur léitheoireacht roghnach atá sna leabhair eile. Is aoibhinn liom úrscéalta de gach sórt, scéalta grá agus filíocht ó am go chéile. Is maith liom an fhilíocht a scríobhann Emily Dickinson agus Paul Durcan.
**Scrúdaitheoir:**
Luaigh tú na focail 'éigeantach' agus 'roghnach', a Cháit. Luaitear na focail chéanna leis an nGaeilge go minic. An dóigh leat go bhfuil sé ceart go bhfuil an Ghaeilge éigeantach sna scoileanna nó ar cheart go mbeadh sí roghnach.
**Dalta:**
Ceist an-chasta agus an-chrua í sin, dar liom agus ceist nach bhfuil freagra simplí uirthi. Go hidéalach ba chóir go mbeadh an Ghaeilge agus, ar ndóigh, an Mata, an Stair, an Eolaíocht roghnach ach ní mhairimid i ndomhan idéalach, faraor. Abair, dá ndéanfaí freastal ar scoil roghnach cad a tharlódh? Ní dóigh liom go mbeadh duine ná deoraí ar scoil Dé Luain gan trácht ar Dé hAoine. Caithfidh an Ghaeilge a bheith éigeantach chun í a choinneáil beo Caithfear freastal ar scoil a bheith éigeantach chun na scoileanna a choinneáil oscailte. Mar an gcéanna iad.
**Scrúdaitheoir:**
Sin an-chliste, a Cháit? An bhfuil suim ar bith agat sa spórt?
**Dalta:**
Is ar éigean é. Ní bhíonn an t-am agam leis an síor-staidéar, an tsíorscoil agus an tsíor-léitheoireacht. Gan trácht ar na scrúduithe damanta. Ach nuair a bhíonn an samhradh ann agus na Dubs i mbarr a maitheasa cuirim orm mo léine ghorm agus seo liom go dtí Cnoc a Sé Déag agus leanaim ag béiceadh go gcaillim mo ghuth - gan trácht ar mo chiall!
**Scrúdaitheoir:**
Tá saol crua ag aos óg an lae inniu, an gceapann tú?
**Dalta:**
Tá agus níl. Tá's againn go léir go bhfuil neart fadhbanna againn sa tsochaí Éireannach sa lá atá inniu ann, fadhbanna ar nós dífhostaíocht, bochtaineacht, imirce, coiriúlacht, foréigean agus mar sin de. Tás againn freisin go bhfuil cúlú eacnamaíochta uafásach ar siúl agus go bhfuil an tír scriosta, bancbhriste agus croíbhriste ag polaiteoirí leisciúla agus ag baincéirí santacha ach ag deireadh thiar thall ní dhéanfaidh sé puinn maitheasa domsa a bheith buartha, brónach, éadóchasach i dtaobh na gcúrsaí seo go léir mar ag deireadh an lae is duine óg mé agus tá mo shaol romham amach agus caithfidh mé a bheith dearfach agus dóchasach nó rachainn as mo mheabhair glan.
**Scrúdaitheoir:**
An raibh tú riamh sa Ghaeltacht, a Cháit?
**Dalta:**
Bhí mé ann go minic, a dhuine uasail. Bhí mé ar an gCeathrú Rua dhá shamhradh ó shin. Thaitin sé go mór liom. Is í an Ghaeltacht foinse na teanga labhartha tar éis an tsaoil. Is aoibhinn liom an Ghaeilge a chloisteáil á labhairt ag cainteoirí dúchais, daoine a bhfuil sí ón gcliabhán acu. Tugann sé sin misneach dom. Tugann sé sin ardú meanman dom. Bhí mé thíos i nGaeltacht Chorca Dhuibhne i gCiarraí dhá shamhradh as a chéile nuair a bhí mé sa chéad bhliain agus sa dara bliain. Bhí an-chraic go deo agam thíos ansin. Tá muintir Chiarraí go léir as a meabhair glan tá's agat!
**Scrúdaitheoir:**
N'fheadar faoi sin, a Cháit. Is Ciarraíoch mé féin tar éis an tsaoil agus ní dóigh liom go bhfuilim as mo mheabhair . . . fós ar aon chaoi!
**Dalta:**
Fan go dtiocfaidh tráthnóna Dé hAoine! Nílim ach ag magadh, a dhuine uasail. Faid agus a bhuann Baile Átha Cliath orthu sa pheil is aoibhinn liom iad! Ó, ba bheag nach ndearna mé dearmad a rá leat bhí mé thuas i nGaoth Dobhair fosta nuair a bhí mé fós sa bhunscoil. Ceantar aoibhinn, álainn agus Gaeilge ghalánta á labhairt ag muintir na háite.
**Scrúdaitheoir:**
Cad ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú críochnaithe leis an scoil, a Cháit?
**Dalta:**
Níl tuairim dá laghad agam, a dhuine uasail, agus sin an freagra macánta. Ba bhreá liom freastal ar an ollscoil má fhaighim go leor pointí agus Gaeilge agus Béarla a dhéanamh mar ábhair ann. Ba bhreá liom freisin cúrsa iriseoireachta a dhéanamh agus obair sna meáin chumarsáide dá bhféadfainn. 'Sé is dóichí a tharlóidh ná go dtógfaidh mé bliain saor agus go rachaidh mé ar mo chamchuairt go dtí an Astráil. B'aoibhinn liom a bheith i mo shuí thuas ar Uluru nó ar Ayer's Rock mar a ghlaonn lucht an Bhéarla air. Ba bhreá liom staidéar a dhéanamh ar chultúr agus ar theanga na mbundúchasach Astrálach nó na Aborigines mar a ghlaotar orthu. Tá's agam go bhfuil cúrsaí fostaíochta go hainnis sa tír seo faoi láthair. Ach nach cuma. Nach bhfuilim óg agus aislingeach agus 'sé an domhan m'oisre, mar a déarfá. Beidh craic agam pé ar bith!
**Scrúdaitheoir:**
Táim cinnte go mbeidh, a Cháit. Sin deireadh an agallaimh. Go dté tú slán.
**Dalta:**
Go raibh míle maith agat, a dhuine uasail. Gurab amhlaidh duit. An-deas a bheith ag labhairt leat. Slán agat.
**Scrúdaitheoir:**
Slán leat

**Éist le podchraoladh don Bhéaltriail Shamplach seo ag www.oideachas.gaelsceal.ie**

### Focal Scoir

Agus tú ag labhairt leis an scrúdaitheoir, beidh sé/sí ag faire ar **do chumas teanga**. Tá sé an-tábhachtach go ndéanfaidh tú iarracht labhairt go cruinn. Thar aon rud eile, bí **cainteach** agus ná bíodh eagla ort labhairt amach **go macánta is go muiníneach** faoi chúrsaí.

**N.B. Ní scrúdú eolais é seo. Ná bí buartha faoi fhíricí ná faoi eolas. Smaoinigh freisin gur cara** é/í an scrúdaitheoir atá **ag cuidiú** leat marc ard a fháil sa scrúdú áirithe seo. Níl i gceist dáiríre ach **dreas cainte, comhrá beag** is ná bíodh aon drogall ort aghaidh a thabhairt air/uirthi.

**Seicliosta**
(i) Do scrúduimhir
(ii) Cóipeanna de na dánta
(iii) Bí ullamh agus réidh chun cainte!

**Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / scoil@gaelsceal.ie**

# Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

# Gaeilge- Teastas Sóisearach 2012 le Mícheál Ó Ruairc

## Páipéar 11 ROINN 1: Prós Liteartha

### Ceist 1- giota as 'An tÁdh'

**1.** Chuamar isteach sa bhád agus ba bheag an mhoill orainn cúpla mála a fháil ar thóin an bháid. "Anois, a chomhluadair," a deirimse, "is é an cleas atá ceaptha agamsa dul isteach sna málaí seo agus fanacht go réidh socair ar thóin an bháid i measc na muc go mbeimid amuigh ar an domhain. Ní baol do Thom filleadh ansin."
"Níl sé i ndán ach do bheirt againn dul ag seoltóireacht inniu," a deirimse. "Caithfidh duine againn fanacht ar an gcaladh lena insint do Thom gur fágadh an dá mhuc sa bhád."
"Ach cé fhanfaidh?" arsa Séamas.

**2.** B'shin í an cheist. Ní raibh ceachtar againn sásta fanacht, ar ndóigh. Shílfeá go mbeidís sásta mise a ligean sa bhád agus duine acu féin a fhanacht ar an gcaladh, mar ba mise a chuimhnigh ar an gcleas i dtosach. Ach ní raibh siad.
"Cuirimis ar chrannaibh é," a deirimse. . .

**3.** Réitíodh leis sin. Chuaigh mé féin go claí agus bhain mé trí thráithnín. Chuir mé d'fhiacha ar an mbeirt eile a ndroim a thabhairt liom. Ghearr mé na tráithníní ionas nach raibh aon cheann acu ar aon fhad le ceann eile. Thug mé aghaidh orthu ansin.
"An té a tharraingeoidh an ceann is faide caithfidh sé fanacht," a deirimse.
"An ceann is faide," arsa Micilín, agus déarfá leis an gcaoi a ndúirt sé é go raibh sé ag guí Dé nach dtarraingeodh sé féin an ceann is faide.
"An ceann is f-a-i-d-e," arsa Séamas agus é ag cuimhneamh ar an lá breá seoltóireachta a chaillfeadh sé dá mbeadh a oiread den mhí-ádh air is go dtarraingeodh sé féin é.
"Tarraing, a Mhicilín."
"Tarraing, a Shéamais."

**4.** Tharraing an bheirt. Fágadh an ceann is faide agamsa.
Is é an chéad rud a cheap mé a dhéanamh ach a rá nach ndearnadh an tarraingt i gceart; go mba chóir é a dhéanamh trí huaire i ndiaidh a chéile. Ansin cheap mé a rá go mba é an té ag ar fhan an ceann is giorra a chaithfeadh fanacht, ach thug mé faoi deara go raibh 'an ceann is faide' scríofa ar stiúir bháid a bhí caite ar an gcé ag Micilín. Ní raibh neart air. Bhí orm fanacht.
"Ná déagaigí aon mhoill ach isteach libh sna málaí," arsa mise, "ní mórán moille a bheidh ar Thom anois ó tá an bád ar snámh."

**5.** Chuaigh siad isteach go meidhreach. Cheangail mé féin ruóg ar bhéal na málaí, agus d'fhan siad go ciúin ar thóin an bháid leis na muca. Anois agus arís ligeadh duine acu scread bheag as ag ligean air féin gur muc a bhí ann i ndáiríre.
Nuair a thosaigh an bád á luascadh anon is anall tar éis an taoide a theacht fúithi, d'éirigh na muca mífhoighneach agus shíl siad siúl. Chuaigh ceann nó dhó ar mhullach Mhicilín agus is ann a bhí an greann. D'imigh an croí agus an misneach uaim.
"Beidh lá eile agatsa, a dheartháir," arsa Micilín ag déanamh trua liom.
"Cinnte beidh agus lá mór," arsa Séamas.
"Chugainn é! Chugainn é!" arsa mise leis an mbeirt a bhí sna málaí.

**6.** Chuaigh mé féin go claí agus bhuail mé fúm ar an stiúir. Chonaic mé Tom ag teacht agus maide rámha ar a ghualainn aige. Bhí cúigear fear in éineacht leis agus anchaint acu. Ní raibh Tom féin ag rá focal ar bith. Cúigear táilliúr a bhí ag caitheamh lá spóirt a bhí iontu.

- **Pádraic Ó Conaire**

**Gluais**

**ar an domhain** - amuigh i lár na farraige
**ar chrannaibh** - draw lots
**tráithnín** - ribe féir
**ruóg** - twine
**maide rámha** - oar

### Ceisteanna (iad ar cómharc)

**A (Buntuiscint)**

**(i)** **(a)** Cén cleas a bhí ceaptha ag an údar? (Alt 1)
**(b)** Cén ceist a bhí le réiteach? (Alt 2)

**(ii)** **(a)** Cad air a raibh Séamas ag cuimhneamh? (Alt 3)
**(b)** 'Ní raibh neart air. Bhí orm fanacht.' Cad chuige go raibh ar an údar fanacht siar? (Alt 4)

**(iii)** **(a)** Cad ba chúis leis an ngreann? (Alt 5)
**(b)** Cé a chonaic an t-údar ag teacht? (Alt 6)

**B (Léirthuiscint Ghinearálta)**

**(i)** Luaigh dhá thréith a bhaineann leis an údar mar dhuine óg, dar leat.
I gcás ceann amháin den dá thréith sin, tabhair píosa eolais as an téacs a léiríonn an tréith sin.

**(ii)** Tugann údar an ghiota seo léiriú cumasach ar an gcleasaíocht a bhíonn ar siúl ag daoine óga. Do thuairim uait faoi seo. (Is leor dhá phointe a lua.)

**(iii)** Cad é do thuairim faoi chríoch an ghiota? Cad is dóigh leat a tharla ina dhiaidh sin sa scéal? (Is leor 50 focal i do fhreagra.)

## An tÁdh, An Seabhac agus An Buille - www.oideachas.gaelsceal.ie

Sa tsraith drámaíochta, 'Údar', tá saothar clasaiceach próis na Gaeilge athscríofa don scáileán beag. Tugann scríbhneoirí agus stiúrthóirí ár linne léargas úr dúinn ar na mothúcháin chéanna a chuaigh i bhfeidhm ar scríbhneoirí agus ar léitheoirí thar na blianta agus a théann i bhfeidhm orainne sa lá atá inniu ann: an grá, an streachailt, an cruachás, an dúil agus na gnéithe uile a mbíonn tionchar acu ar an gcine daonna. Is iad na mórscríbhneoirí a bhfuil athchóiriú déanta ar a gcuid saothar ná Pádraig Ó Conaire, Pádraig Mac Piarais, Liam Ó Flaithearta, Micheál Ó Conghaile agus Pádraig Ó Siadhail.

Is féidir féachaint ar fhíseáin d'Údar ag **www.oideachas.gaelsceal.ie** agus tá bileog oibre bunaithe ar an fhíseáin le fáil freisin.

# Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

## OSPS – Déagóirí ina dtuismitheoirí

Go hiondúil ní bhíonn sé ar intinn ag déagóirí leanaí a bheith acu. Níl sé éasca leanaí a thogáil ag aon aois ach tá sé níos deacra leanaí a thogáil mar dhéagóir. Is dúshlán d'aon ógánach a bheith ina dtuismitheoirí .Tá sé deacair a bheith ag tógáil páiste agus ag iarradh cailíochtaí oideachas a bhaint amach. Go minic mothaíonn déagóirí óga nach bhfuil siad ullmhaithe, agus bíonn siad treascrach nó faiteach fiú. Déantar go leor cainte faoi mháithreacha óga ach uaireanta déantar dearmad ar aithreacha óga agus an tionchar a bhíonn ar a saol. Go minic bíonn aithreacha óga ag iarradh páirt a bheidh acu i saol a bpáiste ach níl sé éasca ag aithreacha óga cearta a bhaint amach.

**Cearta Aithreacha Óga**
In Éireann, braitheann cearta aithreacha óga ar iad a bheith pósta le máthair an pháiste. Ciallaíonn cearta caomhnóireacht go bhfuil sé de cheart agat a bheith páirteach i gcinntí móra do pháiste go dtí go mbeidh siad 18 mbliana d'aois, m.s cúram sláinte, creideamh agus oideachais. Má tá tú pósta le máthair an pháiste beidh na cearta céanna agat agus atá ag an mháthair. Má bhriseann an caidreamh síos agus mura bhfuil tú ag cónaí le máthair an pháiste beidh gá cinntí a dhéanamh faoi thógáil an linbh.

Tá cúplaí ann a bhíonn in ann a theacht tar réiteach idir iad féin agus tá cúplaí eile ann nach mbíonn. Murar féidir le cúpla a theacht ar réiteach beidh gá le cúnamh dlíthiúil a fháil agus dul chun cúirte. Déanfaidh an breitheamh an cinneadh is fearr faoi thógáil an pháiste. Déanfaidh sé/sí cinneadh faoi cá mbeidh cónaí ar an pháiste, cé chomh minic agus cén uair a bheidh cónaí ar an pháiste ansin.

In Éireann, braitheann cearta aithreacha óga ar iad a bheith pósta le máthair an pháiste

Mura bhfuil tú pósta le máthair an pháiste, níl aon chearta dlíthiúil agat go huathoibríoch ar thógáil an linbh, fiú má tá d'ainm ar teastas breithe an pháiste mar athair. I gcásanna den chineál sin, tagann an máthair agus an t-athair ar shocrú go hiondúil má bhíonn caidreamh maith eatarthu. Is rud maith é seo ar bhunús laethúil , ach b'fhéidir go mbeadh deacaireachtaí ann nuair a bheidh cinntí móra caomhnóireachta le déanamh, m.s. ag socrú faoi leigheas a thabhairt do leanbh.

**Ar féidir le hathair cur isteach ar chaomhnóireacht a linbh?**
Is féidir. Le cead na máthar is féidir le hathair cur isteach ar chomhchaomhnóireacht trí dearbhú reachtúil a dhéanamh i láthair coimisinéir mionnaí, coimisinéir síochána nó nótaire poiblí.

**TPSP - Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí sna Déaga**
Soláthraíonn an TPSP seirbhís thacaíochta do mháithreacha agus d'aithreacha i rith an toirchis agus ina dhiaidh. Tugann siad cúnamh freisin do sheanmháithreacha agus do seanaithreacha. Tugann an TPSP eolas duit faoi rudaí cosúil le hullmhú don bhreith, ag tabhairt aire don leanbh, toircheas, ag fáil áit chun fanacht, ag dul ar ais ar scoil/coláiste, cúram leanaí agus go leor eile.

**Físeán faoin TPSP ag www.oideachas.gaelsceal.ie**
Labhraíonn Margaret Morris, Comhordaitheoir Náisiúnta TPSP le Gaelscéal ar Scoil faoi thoircheas mar dhéagóir agus an tacaíocht agus cúnamh a thugann an Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí sna Déaga

teenparents support programme

### GLUAIS

**Tuismitheoirí** - parents
Dúshlán- challenege
**cailíochtaí oideachais** - Education qualifications
**Cearta Aithreacha Óga-** Young Fathers rights
**Caomhnóireacht** - Guardianship

## OSSP – Dlíthe Cosanta Tomhaltóirí

**Leagann dlíthe cosanta tomhaltóra síos na cearta atá againn mar thomhaltóir. In Éireann tá dhá phríomhdhlí i gceist:**
• An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978
• An tAcht um Díol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980.

Tugann na dlíthe seo cosaint dúinn in aghaidh eolas míchruinn ó dhéantóirí agus ó mhiondíoltóir. Tugann na dlíthe seo eolas imlíneach freisin faoinár gcearta má cheannaíonn muid earraí lochtacha nó má fhaighimid seirbhísí nach bhfuil sásúil.

**De réir an dlí caithfidh gach earra a bheith :**
• ar chaighdeán maith agus in ann an jab atá le déanamh aige a dhéanamh
• ar aon dul leis an cur síos a bhí tugtha faoi agus ar an sampla déanta.
• praghsáilte go soiléir.

**Mura bhfuil na hearraí den chaighdeán atá luaite thuas tá cearta áirithe agat faoin dlí tomhaltóra. Tá tú i dteideal:**
• Deisiúchán
• Earra a fháil in ionad an earra lochtach
• Aisíoc

Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra a fhaigheann tú is féidir leat dhul chuig Cúirt na nÉileamh Beag.

### GLUAIS

**Tomhaltóir** - consumer
**An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978** - The Consumer Information Act
**An tAcht um Díol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980** - The Sale of Goods and Supply of Services Act 1980
**earraí lochtach** - faulty goods
**Cúirt na nÉileamh Beag** - small claims court

# Gaelscéal AR SCOIL

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

## Smaointe Ceoil don Seomra Ranga




**Ceol** – Tá an iliomad amhrán nua-aimseartha aistrithe go Gaeilge ar líne anois. Is féidir ceachtanna suimiúla spraíúla a bhunú orthu do Sheachtain na Gaeilge. Féachaigí ar ár liosta de cheol nua-aimseartha atá aistrithe go Gaeilge.

**Raidió-** Raidió Rírá http://www.rrr.ie/ - Áis iontach, go leor clár maith, á chraoladh. Bainigí triail as sa rang mar chuid de SnaG 2012

**Cluichí Ranga** – Biongó, Scrabble, 20 ceist… – Taitníonn cluichí linn go léir; is féidir réimse leathan cluichí ranga a eagrú do Sheachtain na Gaeilge. Ná déan dearmad gur féidir Scrabble a fháil anois as Gaeilge.

**Céilí / Damhsa Gaelach** – Eagraigh céilí scoile nó céilí ranga mar chuid d'imeachtaí na seachtaine. D'fhéadfá fiú an deis agus an fhreagracht a thabhairt don idirbhliain céilí na céad bliana a eagrú. Chuirfeadh sé go mór leis an atmaisféar agus bheadh neart cuntóirí ann chun súil a choinneáil ar chúrsaí agus chun cinntiú go ndéanfaidh chuile dhalta a ndícheall le linn an chéilí




**Comórtais**
- Tóraíocht Taisce trí Ghaeilge
- Comórtas Cainte na nDaltaí & na Múinteoirí
- Comórtas Díospóireachta /Aistí
- Comótas ealaíne – Póstaeir a dhearadh

**Spórt**
Cluichí a eagrú trí Ghaeilge ag am lóin [Bíodh liosta do théarmaí / fhocail thábhachtacha an chluiche clúdaithe sa rang chun cinntiú go reáchtálfar an cluiche trí mheán na Gaeilge



**Fógraí Scoile**
Déan iarracht na fógraí uile a bheith trí Ghaeilge do SnaG 2012

**Seó Talann & Ceolchoirm**

**Cáirióice: Bain triail as cáirióice Gaeilge a reáchtáil!**
Tá Léim Thart le Des Bishop ar fáil ar líne, i bhfoirm fiseáin agus taispeántar na focail le linn an fhiseáin . www.youtube.com/watch?v=lQ2fHciKdvg&feature=related
Dlúthdhioscaí - Amhrán is fiche

Gaelsceal.ie
Gaeltacht gan teorainn

**Físeáin Oideachasúla**
- Tá go leor leor físeán ar fáil ar líne anois trí Ghaeilge. Roghnaigh físeán le taispeáint i rith Sheachtain na Gaeilge. Pioc topaic atá bainteach leis an nGaeilge más féidir, mar shampla an tOireachtas: seinn an físeán agus bíodh plé ranga agaibh faoi ag deireadh an fhíseáin. An tOireachtas 2011 OTV / Gaelscéal – físeáin ghearra ó Oireachtas na bliana 2011
http://beo.gaelsceal.ie/
An tOireachtas 2010 (12) BBC Uladh – clár faoi Oireachtas na bliana 2010
http://www.bbc.co.uk/programmes/p00bxjts

## Ceol ar fáil ar líne & ar Dhlúthdhioscaí 'Ceol'

| | |
|---|---|
| *Listen Dear - Éist a Ghrá [The Coronas]* Ceol 10' | www.youtube.com/watch?v=lBd4-en-ncE |
| *It's got to be Perfect* Ceol 09' | www.youtube.com/watch?v=G6G9j1nScXo |
| *Galway Girl Cailín na Gaillimhe[Mundy]* Ceol 08' | www.youtube.com/watch?v=luvlMA_jyw |
| *An Poc ar Buile le John Spillane* Ceol 09' | www.youtube.com/watch?v=sFHO2gVeiN8 |
| *An Dreoilín* | www.youtube.com/watch?v=_dJ5zcNUROk |
| *An Spailpín Fánach* | www.youtube.com/watch?v=9o9Qy71OvNE&feature=related |



## Físeáin Eile / Agallaimh & Físeáin

**Canonball [Damien Rice] – aistrithe ag JJ Ó Dochartaigh**
http://www.youtube.com/watch?v=fUNRtm-IcAE&feature=related
Tá agallamh deas le JJ Ó Dochartaigh tógtha ó nuacht 24 ag dul leis seo. Labhraíonn JJ faoin gceol agus na dúshláin agus na féidearthachtaí a bhaineann le haistriú na n-amhrán nua-aimseartha 'pop' go Gaeilge inniu

**TG LURGAN**
Teilifís Lurgan: Tá fáil ar go leor fiseán pop trí Ghaeilge ar TG Lurgan agus tá na hamhráin go léir ar ardchaighdéan. Tá aistriúchán déanta ar leithéidí Jessie J, LMFAO, MGMT, agus BEYONCE fiú!

| | | |
|---|---|---|
| -LMFAO | Cóisir Rac | (Stoifáin ó Fearghaill) |
| -MGMT | Kids | (Stiofáin Ó Fearghaill) |
| -JESSIE J | Price Tag | (Jennie Russell) |
| -BEYONCE | Halo | (Joanne Ní Dhufaigh) |

# www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

## Tasc Labhartha - Ar an Modh Coinníollach

**Déan iarracht an Modh Coinníollach a úsáid le cur síos ar an bpictiúr thíos**

**1 Bheinn...**_____

_____

**2 Theastódh...** _____

_____

**3 Ní fhéadfainn...**_____

_____

**4 Dá mbuafainn**_____

_____



**Déan iarracht tú féin a shamhlú i ról an duine seo.**

**1** _____

_____

**2** _____

_____

**3** _____

_____

**4** _____

_____

**Anois samhlaigh go bhfuil post an fhir seo agat, cad a dhéanfá ...**

**1** _____

**2** _____

**3** _____

**D'athróinn, Chuirfinn, Dhéanfainn, Rachainn...**

## An Modh Coinníollach - Should Would Could!!

**An Fhoirm Cheisteach**

- An mbeifeá?
- An rachfá?
- An ndéanfá?
- An ndéarfá?
- An bhfeicfeá?
- An bhfuair tú?
- Ar chuala tú?
- Ar ith tú?
- Ar rug tú ar...?
- Ar tháinig tú...?
- Ar thug tú...?

**Freagra Dearfach**

- Bheinn
- Rachainn
- Dhéanfainn
- Déarfainn
- D'fheicfinn
- Fuair
- Chuala
- D'ith
- Rug x ar...
- Tháinig
- Thug

**Freagra Diúltach**

- Ní bheinn
- Ní rachainn
- Ní dhéanfainn
- Ní déarfainn
- Ní fheicinn
- Ní bhfuair
- Níor chuala
- Níor ith
- Níor rug x...ar
- Níor tháinig
- Níor thug

**An dtugann tú aon phatrún faoi deara thuas?**
**Conas a dhéanann tú an fhoirm cheisteach leis na briathra rialta sa Mhodh Coinníollach?**

## An Eoraip

**Géarchéim na hEorpa- ÉIRE 2012 - CÉARD É DO BHARÚIL FAOI???**



**Foclóir**
Ballraíocht
Na Baill
Comhphobal
Méid na dtíortha
Parlaimint na hEorpa
Féiniúlacht
Géarchéim fiachais
Bagairt
Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta
Athruithe chun feabhais
Athruithe chun donais

**Na Fadhbanna**
Easpa féiniúlachta
Dlíthe comónta
An Euro i mbaol?

**Cén ghné den ghramadach atá i gceist anseo thíos?**

An Eoraip → An tAontas Eorpach
An Eoraip **ACH** Tíortha na hEorpa
An Eoraip → Na hEorpaigh

1. An bhfuil cur amach agat ar na rudaí atá ag titim amach san Aontas Eorpach faoi láthair?
2. Ar chuala tú mórán cainte faoi bhuiséad 2012 agus na ciorruithe a rinneadh?
3. An bhfuil suim agat i gcúrsaí reatha?
4. An bhféachann tú ar / an éisteann tú leis an Nuacht go rialta?
5. An mbeadh an tír níos fearr as meas tú gan an Euro agus an Eoraip?

## 2011 Bliain Chinniúnach - Céard a Cheap Tusa Faoi?

**Foclóir**
Géarchéim Fiachais
An Eoraip & An Euro
Tubaistí nádúrtha
Tragóidí móra
Cogaí
Círéibeacha
Éirí amach
Cúlú
Ciorruithe
'Is féidir linn'

**Nathanna cainte**
Níl mórán suime agam i gcúrsaí reatha/polaitíochta/spóirt ach
Chauigh X i bhfeidhm go mór ormsa
Chuaigh scéal X i gcion orm, caithfidh mé a admháil
Chuir X isteach go mór orm.
Ní fhéadfá gan suntas a thabhairt do X
Bhí X go mór i mbéal an phobail i 2011
Lá i ndiaidh lae bhí na nuachtáin breac le scéalta faoi X
Tá ár ndóthain cloiste againn faoina leithéid!
Táimse bréan de!!
Teastaíonn athrú meoin is intinne.
Caithfimid a bheith níos dearfaí!!

**Ábhar Machnaimh & Obair le Déanamh**
Cad iad na scéalta móra ó 2011 a chuaigh i gcion go mór ortsa? Roghnaigh:
**1.** Scéal mór idirnáisiúnta
**2.** Scéal bainteach le hÉirinn
**3.** Scéal mór ó shaol na réaltaí móra teilifíse is spóirt

# Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

## Comhairle Gairmthreorach

# An Státseirbhís - An tSeirbhís Phoiblí, Rialtas Áitiúil & Polaitíocht

**Patricia Uí Fhlaithearta,**
*Comhairleoir Gairmtreorach*

Is é an fáth a bhfuil Rialtas agus Státseirbhís againn ná go gcaithfear bainistiú a dhéanamh ar an tír. Tá an méid daoine agus an méid oibre a dhéantar sa Stáitseirbhís fíor fhairsing. Bhíonn daoine ag obair sa Rialtas agus thar ceann an Rialtais. Glactar cinnidh ag dhá leibhéal; Leibhéal Náisiúnta agus Leibhéal Áitiúil.

**Leibhéal Náisiúnta**

I bParlaimint Náisiúnta na hÉireann, tá an Oireachtas, agus an tUachtarán. Tá dhá theach an Oireachtais ann: Dáil Éireann agus Seanad Éireann.

Tá 166 ball tofa sa Dáil agus tugtar Teachtaí Dála orthu seo. Freastalaíonn siad ar an bparlaimint agus déileálann siad le saincheisteanna sóisialta, dlíthiúla agus eacnamaíocha na tíre. Ullmhaíonn siad dlíthe agus déantar díospóireacht orthu sula ritear iad. Tá go leor díospóireachta faoi láthair faoin gcostas breise a bheas ar dabhchanna séarachais (septic tanks) agus an táille €100 a bheas le n-íoc ag teaghlaigh. Sin cuid de na díospóireachtaí atá ar siúl sa Dáil faoi láthair. Tá 60 ball sa Seanad.

**An Státseirbhís**

Tá breis agus tríocha eagraíocht éagsúla in earnáil na seirbhísí poiblí ar a dtugtar an Státseirbhís. Oibríonn na heagraíochtaí seo thar ceann an Rialtais. Le chéile comhdhéanann siad na ranna éagsúla Rialtais, mar shampla, Airgeadas, Oideachas agus Eolaíocht, Sláinte agus Iompar. Tá a ról riachtanach do shaol eacnamaíochta agus sóisialta na hÉireann, de réir mar a chuireann siad polasaithe i bhfeidhm agus mar a soláthraíonn siad seirbhísí. Cuireann an Státseirbhís go leor deiseanna fostaíochta ar fáil mar go bhfuil breis agus 36,000 duine fostaithe i ranna éagsúla. Mar chuid dá ról, oibríonn siad leis an Rialtas chun polasaithe agus seirbhísí nua a chruthú agus a chur i bhfeidhm. Bíonn siad ag déileáil leis an bpobal chun taighde margaidh a chur ar fail. Tá na deiseanna sa Státseirbhís an-éagsúil, idir chuntasaíocht agus Acmhainní Daonna agus sheirbhísí do chustaiméirí. Is cuma cén réimse saineolais atá agat, is dócha go bhfuil post sa tSeirbhís Phoiblí a bheadh oiriúnach duit. Tá gá le foireann cléireachais, riaracháin, bainistíochta, theicniúil agus speisialtachta. Roimhe seo, ní bhíodh scálaí pá tarraingteacha ar fáil ach tá rudaí athraithe anois agus tá na tuarastail inchomparáide leis na tuarastail san earnáil phríobháideach. Déantar an earcaíocht do na poist go léir seo trí mheán na Seirbhíse Ceapacháin Phoiblí.

Déantar Státseirbhísigh a fhostú i réimsí éagsúla, idir chléireachas, riarachán, phoist ardbhainistíochta agus róil ghairmiúla agus theicniúla. Tá raon leathan roghanna gairme ar fáil san oideachas, seirbhísí sláinte, iompar, airgeadas, seirbhís leabharlainne, deiseanna pobalbhunaithe agus deiseanna ealaíne.

**An Rialtas Áitiúil**

Tá breis agus céad údarás áitiúil in Éirinn a chuimsíonn ár gcóras rialtais áitiúil agus a chuireann go leor seirbhísí atá ríthábhachtach ar fáil do gach cathair, baile agus sráidbhaile sa tír. An cuspóir atá le Rialtas Áitiúil ná cuidiú le daoine ag an leibhéal áitiúil chun seirbhísí a sholáthar dóibh féin, rialú áirithe a bheith acu ar a ngnóthaí féin agus a chinntiú go bhfuil an phróiseas daonlathach.

Toghann muintir an cheantair ionadaithe le feidhmiú thar a gceann ar na húdaráis éagsúla. Déanann na hionadaithe tofa cinnidh thar a gceann sa dáilcheantair agus gearrann siad cánacha áitiúla chun íoc as an tseirbhís a chur ar fail.

Bíonn Údaráis Áitiúla i mbun gníomhaíochtaí a dhéanann difríocht shuntasach d'fhorbairt a bpobail.

**I measc na seirbhísí sin tá:**

Pleanáil Fhisiceach agus Forbairt, Bóithre, Seirbhísí Sláintíochta, Tithíocht, Bainistiú Dramhaíola, Cosaint Dóiteáin, Leabharlanna agus Iarsmalanna, Cosaint Comhshaoil, Páirceanna, Conláistí agus na hEalaíona.

Tá breis agus 38,000 duine fostaithe i réimse leathan postanna cléireachais, gairmiúla, ceardaíochta agus teicniúla, i seirbhísí leabharlainne, sa tseirbhís dóiteáin, i bpoist airgeadais agus sa phobal, i poist ealaíne agus fóillíochta. San iomlán toghtar 1,627 Comhairleoir Contae ina gceantair féin ar fud na tíre. Is post páirtaimseartha a bhíonn acu agus iad ag freastal ar chruinnithe chun déileáil le saincheisteanna éagsúla.

D'fhéadfadh na cainteanna seo a bheith faoi fhodhlíthe, faoi phleananna forbartha, faoi iarratais phleanála agus faoi bhuiséid.

**Polaitíocht**

In Éirinn toghann an pobal na polaiteoirí chun feidhmiú ar a son sa rialtas, agus chun a leas a chosaint. Toghann an pobal Comhairleoirí don rialtas áitiúil agus Teachtaí Dála don pharlaimint náisiúnta gach 5 bliana ar a laghad. Chun a bheith cinnte go dtoghfaidh an pobal tú, ní mór meas a bheith ag daoine ar do chuid oibre sa phobal áitiúil.

An bealach is fearr chun dul leis an bpolaitíocht ná ballraíocht a ghlacadh le páirtí polaitiúil, mar shampla, Fianna Fail, Fine Gael, Páirtí an Lucht Oibre, An Páirtí Glas, nó Sinn Féin.

Ní mhór duit a bheith chomh gníomhach agus is féidir agus cúnamh a thabhairt go forleathan, go háirithe i rith thréimhse an toghcháin.

Toghtar daoine de ghnáth ar dtús mar Chomhairleoirí i gComhairle Contae sula dtéann siad chuig an gcéad chéim eile, sin go dtoghfaí iad ina dTeachtaí Dála.

## Tairiscintí ar shíntiúis Gaelscéal ar Scoil

Tá síntiúis do Gaelscéal ar Scoil le fáil ar phraghas speisialta íseal do mhúinteoirí agus do dhaltaí. Chomh maith le praghas speisialta faigheann múinteoirí a ghlacann síntiúis :

**Dearbhán do Chló Iar-Chonnacht saor in aisce don mhúinteoir!**
Tá Gaelscéal ar Scoil i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht ag tabhairt deise do mhúinteoirí dearbhán luach €20 saor in aisce a bhuachan má chuireann siad isteach ordú de thrí shíntiús ar a laghad do Ghaelscéal!

**agus: Cóip de Ghaelscéal saor in aisce don mhúinteoir!**

Tá Gaelscéal ar Scoil ag tabhairt deise do mhúinteoirí a chuireann ordú mór isteach dá ranganna cóip den nuachtán a fháil dóibh féin, saor in aisce, don chuid eile den scoilbhliain!

**Is féidir foirm síntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó www.oideachas.gaelsceal.ie .**

**Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir oideachais ag scoil@gaelsceal.ie nó 091-897766.**

# BEATHA

# An féidir tuiscint a fháil ó na réalta?

## Amharcann **Katie McGreal** ar na comharthaí réaltógacha

Ní chreideann gach duine iontu ach creideann go leor agus úsáidtear comharthaí an Stoidiaca nó comharthaí réaltógacha (star signs) mar a ghlaoitear orthu freisin chun tuiscint a fháil ar phearsantacht daoine.

Tá 12 chomhartha ann agus tá tréithe áirithe ag baint leo uilig. Deirtear má rugadh tú taobh istigh de thréimhse áirithe gur cheart go mbeadh na tréithe atá ag baint leis an gcomhartha sin, agat. Ciallaíonn an focal 'Stoidiaca' ainmhithe.

Tagraíonn na comharthaí do chruthanna atá le feiceáil sna réaltaí. Sin an fáth go bhfuil an t-ainm 'comharthaí réaltógacha' orthu freisin.




### An Reithe
**(21 Márta – 19 Aibreán)**

Is daoine cneasta agus flaithiúil iad 'An Reithe'. Bíonn siad meargánta agus cinntithe freisin agus bíonn neart fuinnimh acu. Is daoine iomaíocha iad agus ní maith leo cailliúint! Ní féidir leo a bheith mícheart ach an oiread ach, is cairde, polaiteoirí agus ceannairí iontacha iad.

### An Tarbh
**(20 Aibreán – 20 Bealtaine)**

Tá sé éasca 'An Tarbh' a thuiscint mar gur daoine oscailte iad agus tá bia fiorthábhachtach dóibh. Ní dhéanann siad aon rud sciobtha, tógann siad a n-am féin agus iad ag déanamh cinntí. Ní maith leo rudaí a bheith ag athrú agus is daoine dílse iad. Bíonn siad thar a bheith cruthaitheach agus is breá leo bláthanna.

### An Cúpla
**(20 Bealtaine – 20 Meitheamh)**

Is daoine an-cliste iad 'An Cúpla'. Is féidir leo an-chuid eolais a choinneáil ina gcloigne. Is daoine ríogacha, ceanúla agus flaithiúla iad freisin. Ní bhíonn siad ar a shuaimhneas mórán agus tá siad go maith ag déileáil le páistí. Is breá leo jócanna praiticiúla, fad is nach ndéantar aon chinn orthu féin.

### An Portán
**(21 Meitheamh – 22 Iúil)**

Tá cuimhne iontach ag 'An Portán' agus is breá leo stair agus aon rud atá sean; músaeim agus seandachtaí san áireamh. Is daoine rúnda iad agus coimeádann siad rudaí áirithe i bhfolach. Ní imíonn siad i bhfad ó bhaile agus tá acmhainn grinn an-mhaith acu. Go hiondúil, cócairí maithe a bhíonn iontu.

### An Leon
**(23 Iúil – 22 Lúnasa)**

Is daoine cabhrach iad 'An Leon' agus is breá leo rudaí costasacha. Ní maith leo an ceann is fearr a fháil orthu agus más smaoineamh maith atá ann, tháinig siad aníos leis agus más smaoineamh dona atá ann, ní raibh baint ar bith acu leis. Tá ardchaighdeáin acu agus iad ag déanamh rudaí agus déanann siad sáriarracht gan éinne a ligean síos.

### An Mhaighdean
**(23 Lúnasa – 22 Meán Fómhair)**

Bíonn 'An Mhaighdean' i gcónaí ag iarraidh gach rud a bheith foirfe. Bíonn siad i gcónaí ag cur ceisteanna agus ní féidir leo a scíth a

ligean. Bíonn siad anmhaith i ngéarchéimeanna. Bíonn siad i gcónaí ag bogadh thart ionas gur féidir leo an oiread agus is féidir a fhoghlaim sula mbogann siad ar aghaidh.

### An Mheá
**(23 Meán Fómhair – 22 Deireadh Fómhair)**

Is daoine ríogacha lena mothúcháin iad 'An Mheá' agus bíonn siad in ísle brí nuair nach mbíonn siad i ngrá. Ní maith leo a bheith ag déanamh cinntí, leanann siad chuile dhuine eile. Is daoine ceanúla agus báúla iad agus bíonn an-suim acu i ndaoine. Is breá leo bia agus mar sin bíonn siad i gcónaí ar aiste bia.

### An Scairp
**(23 Deireadh Fómhair – 21 Samhain)**

Is daoine suimiúla, cabhracha agus cairdiúla iad 'An Scairp' agus mura ndéanann tú aon rud dona orthu, beidh siad mar chara agat ar feadh do shaoil. Bíonn éad orthu go minic agus is breá leo díoltas a phleanáil. Is daoine cliste iad freisin.

### An Saighdeoir
**(22 Samhain – 21 Nollaig)**

Ní insíonn 'An Saighdeoir' bréaga, ní féidir leo. Bíonn siad thar a bheith oscailte faoi chuile rud. Bíonn iomas iontach acu agus is féidir leo a bheith drochbhéasach toisc go bhfuil siad chomh hionraic. Deir siad go díreach céard atá siad a smaoineamh. Is breá leo taisteal, caitheamh airgid agus marcaíocht.

### An Gabhar
**(22 Nollaig – 19 Eanáir)**

Is maith leis 'An Gabhar' gnáthamh agus bíonn a gcuid rudaí uilig san áit cheart an t-am ar fad. Go hiondúil, bíonn cuma níos óige orthu agus iad ag fás aníos. Is daoine cúthaileacha iad agus bíonn siad an-mhaith nuair a bhíonn rud éigin práinneach le déanamh. Réitíonn siad anmhaith lena muintir.

### Iompróir an Uisce
**(20 Eanáir – 18 Feabhra)**



Bíonn 'Iompróir an Uisce' i gcónaí déanach agus bíonn siad i gcónaí ar an bhfón! Bíonn siad thar iontach cairdiúil agus osclaíonn siad a dteach do gach duine, i gcónaí. Déanann siad rudaí aisteacha le faisean freisin – gnáth rud dóibh bróga reatha a chaitheamh le gúna, mar shampla.

### Na hÉisc
**(19 Feabhra – 20 Márta)**

Go ginearálta, ní leanann 'Na hÉisc' gnáth-chleachtais an lae agus is maith leo a bpríobháideachas. Caitheann siad neart ama ina saol féin. Is maith leo damhsa agus canadh agus is breá leo a bheith ag léamh, go háirithe ag léamh filíochta. Scríbhneoirí maithe a bhíonn iontu go hiondúil. Ní maith leo freagracht a ghlacadh.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 28 Márta, 2012

# TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

# 'Baile an Droichid' ar ais arís

Chaitheamar 10 mbliana, ó 1987, ag éisteacht le agus ag cur aithne ar mhuintir an bhaile bhig thuaithe, Baile an Droichid, go dtí 1997 nuair a tháinig deireadh leis an gclár ar chúiseanna éagsúla. Ach tá siad ar ais arís mar chuid de cheiliúradh 40 bliain RTÉ Raidió na Gaeltachta, i ndiaidh sosa 15 bliana.

Tá na carachtair uilig mar an gcéanna, seachas beirt a bheidh in easnamh. Beidh na haisteoirí Josie Ó Cualáin, Máire Uí Dhroighneáin, Seán Ó Drisceoil, Máirín Uí Neachtain, Máire Ní Mháille, Mícheál Mac Con Iomaire, Caitlín Uí Chonghaile agus Joe Steve Ó Neachtain le cloisteáil ann.

Is é Joe Steve Ó Neachtain atá fós ina scríbhneoir an dráma ach beidh na scéalta beagáinín athraithe ó bhí siad 15 bliana ó shin. Táthar ag iarraidh íomhá scáthánaigh den saol a chruthú sa bhaile beag seo agus mar is gnáth, cuireann imeachtaí an tsaoil mhóir as dóibh.

Cloisfear trácht ar 'cappuccinos' agus 'conservatries' le linn na sraithe chomh maith le fadhbanna dífhostaíochta agus cúrsaí eacnamaíochta. Ach, toisc go bhfuil an oiread drochnuachta le cloisteáil na laethanta seo, bhíodar ag iarraidh píosa spraoi a bheith acu agus greann a chruthú, mar a rinneadar na blianta ó shin.

"Toisc go bhfuil an saol i ndiaidh athrú, níl tú cinnte an n-oibríodh sé," a deir Joe faoin script. "Tá sé aisteach ar bhealach a bheith ar ais á scríobh."

Ba dhráma é Baile an Droichid a mheall idir óg agus aosta chuig an raidió chuile seachtain ar feadh na mblianta le héisteacht leis an gclár.

Foireann Bhaile an Droichid ag obair go crua ionas go dtosóidh an tsraith arís ar 1 Aibreán.

Bhí ionadh ar Joe nuair a chuala sé go raibh daoine óga ag éisteacht leis. Shíl sé gur daoine níos sine amháin a bheadh ag éisteacht leis toisc nach raibh mórán carachtair óga ann.

Deir Joe go bhfuil sé neirbhíseach agus Baile an Droichid ag dul amach ar an aer arís.

"Bím i gcónaí neirbhíseach. Bíonn sé deacair éisteacht le (mo shaothar féin)," a deir sé.

Tá Josie Ó Cualáin ar ais an babhta seo mar léiritheoir na sraithe agus mar aisteoir. Tá páirt Michael aige sa tsraith seo, páirt a bhí ag Seán Leainde, nach maireann, na blianta ó shin.

"Tá sé aisteach a bheith ar ais agus ag léiriú," a deir sé, "Agus tá sé aisteach domsa a bheith i bpáirt Michael freisin. Bíonn nósanna ag daoine nuair atá páirt áirithe acu agus téann an lucht éisteachta i dtaithí air."

Thosaigh smaoineamh Bhaile an Droichid ag Oireachtas na Samhna 1987 agus ar feadh na chéad 6 mhí, ní raibh ach 10 nóiméad i gceist le gach clár. Ní raibh aon airgead ag baint leis agus bhí na haisteoirí agus gach duine á dhéanamh go deonach.

"Ach ba chuma, bhí muid ag baint spraoi as," a deir Josie.

"Táimid an-ghar lena chéile," a deir sé faoi chaidreamh na haisteoirí.

Toisc gur d'éirigh chomh hiontach leis an dráma sna chéad 6 mhí úd, thug lucht RTÉ Raidió na Gaeltachta deis dóibh clár 30 nóiméad a dhéanamh agus bhí sé ar an aer ar feadh 10 mbliana.

Táthar ag obair ar shraith amháin de faoi láthair ina mbeidh 15 chlár, leathuair an chloig an ceann. Níl aon phlean acu ina dhiaidh sin ach b'fhéidir go mbeadh tuilleadh sraitheanna ag teacht amach anseo. Tá sé á thaifead go neamhspleách ó RTÉ Raidió na Gaeltachta i stiúideo an chomhlachta Katcom ar an gCeathrú Rua i gConamara.

Beidh Baile an Droichid ar ais ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ar an Domhnach seo, 1 Aibreán, ag 10rn agus gach Domhnach ina dhiaidh sin ar feadh 15 seachtainí. Beidh an t-athchraoladh ar siúl gach Céadaoin ag 10.15rn i ndiaidh Iris Aniar.

## Féach ar

**TG4: Muintir na Mara**
Tá an tógálaí báid, Pádraig Ó Duinnín, ar ais don séú sraith, ag leanúint ar aghaidh lena thuras timpeall chósta na hÉireann in churach, ina veain agus ar a rothar. Feicfidh sé cósta Dún na nGall i mbliana. Dé Domhnaigh @ 9.30in.

**RTÉ 1: Fleadh Cheoil**
Casfaidh John Creedon agus Aoibhinn Ní Shúilleabháin leis an bhfliúiteadóir, Seamus Tansey, agus neart daoine eile sa chéad chlár den tsraith nua seo faoin bhféile bhliantúil, Fleadh Cheoil na hÉireann. Dé hAoine @ 7.30in.

**TV3: Toddlers and Tiaras: Stars of Pennsylvania**
Tá 100 comórtas áilleachta buaite ag Meadow, ach tá tuilleadh uaithi agus toisc go bhfuil na cailíní eile ag fáil crutha ar a malaí, an gciallaíonn sé sin gur ceart go bhfaigheadh iníon Christina, atá 3 bliana d'aois, cruth ar a mhalaí freisin? Dé Sathairn @ 5in.

Aoibhinn Ní Shúilleabháin agus John Creedon

## Éist le

**RTÉ Raidió 1: Book on One**
Léifidh Stephen Rea an leabhar deireanach sa bhailiúchán gearrscéalta, 'Dubliners', le James Joyce an tseachtain seo. 'The Dead' is ainm don leabhar agus insíonn sé scéal fir agus é ag foghlaim neart faoi chúlra a mhná céile. Luan - Aoine seo chugainn @ 11.10in.




**RTÉ Raidió na Gaeltachta 1972 - 2012: Ceiliúradh 40 Bliain**
Labhróidh Seán Bán Breathnach le Breandán Feiritéar, Timlín Ó Cearnaigh, Maidhc P Ó Conaola, Seán Ó Tuairisg agus Máirtín Ó Fátharta, cúigear as seachtar de na céad chraoltóirí a bhí ar Raidió na Gaeltachta nuair a thosaigh sé 40 bliain ó shin. Dé Luain @ 3in.

**RTÉ Lyric fm: Marty in the Morning**
An tseachtain seo, labhróidh Marty faoi Hans Christian Anderson a rugadh cothrom na seachtaine seo in 1805. Beidh ceol aige ó 'The Godfather' agus labhróidh sé leis an gcócaire cáiliúil, Neven Maguire' chomh maith le neart rudaí eile. Luan - Aoine @ 7rn.

## NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

# Gearrliosta Ghradaim Leabhar na Bliana CBI fógartha

Dé Máirt seo caite, nochtadh an gearrliosta le haghaidh an 22ú Gradaim Leabhair na Bliana CBI, lena n-áirítear an Gradam 'Rogha na bPáistí' a mbeidh deich ngiúiré speisialta ag vótáil ar a shon ar fud na tíre. Fógrófar an buaiteoir ag searmanas i mí na Bealtaine.

Is iad seo a leanas na teidil atá ar an ngearrliosta (in ord aibítreach): 'A Greyhound of a Girl' le Roddy Doyle, 'Bruised' le Siobhán Parkinson, 'Into the Grey' le Celine Kiernan, 'Matríósca' le Siobhán Parkinson, 'My Dad is Ten Years Old: And it's Pure Weird' le Mark O'Sullivan, 'Ó Chrann go Crann' le Caitríona Hastings agus Andrew Whitson, 'The Butterfly Heart' le Paula Leyden, 'Stuck' le Oliver Jeffers, agus 'Will Gallows and the Snake Bellied Troll; le Derek Keilty.

Tá Gradaim Leabhair na Bliana CBI, a bunaíodh sa bhliain 1990, ar cheann de na gradaim leabhair do pháistí is tábhachtaí in Éirinn. Déanann siad ceiliúradh ar fheabhas na litríochta agus an mhaisiúcháin do pháistí agus is féidir leabhair phictiúr agus úrscéalta atá scríofa i nGaeilge nó i mBéarla le húdair nó maisitheoirí a rugadh nó a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus a foilsíodh idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig gach bliain a chur san iomaíocht.

I measc na ndaoine a fuair gradaim cheana tá John Boyne leis an leabhar The Boy in the Striped Pyjamas; Chris Haughton le A Bit Lost, Siobhan Dowd lena leabhair The London Eye Mystery agus Bog Child (iarbhás) agus Kate Thompson leis na leabhair The New Policeman, Annan Water agus The Alchemist's Apprentice.

Dúirt Keith O'Sullivan, cathaoirleach na moltóirí a léigh níos mó ná 70 teideal eatarthu, go bhfuil naoi leabhar 'den scoth' ar an ngearrliosta i mbliana.

"Tá ábhar saibhir sásúil iontu do pháistí," ar sé. "Tá ábhar tromchúiseach deacair i gcuid acu, agus an chuid eile spraíúil éadrom, Tá ceardaíocht álainn agus dearadh iontach sna leabhair go léir."

Beidh Leabhair Pháistí Éireann (CBI). riarthóirí na ngradam, ag obair go dlúth arís le grúpaí léitheoireachta ó scoileanna agus leabharlanna ar fud na hÉireann. Piocfaidh deich ngiúiré a roghnaíodh go speisialta buaiteoir Ghradam Rogha na bPáistí. Bronnfar cúig ghradam eile chomh maith i mí na Bealtaine - Gradam Leabhar na Bliana, Gradam Eilís Dillon do scríbhneoir nó maisitheoir céaduaire, Gradaim Onóra Ficsin agus Maisiúcháin agus Gradam Speisialta na Moltóirí.

"Is iontach an pléisiúr é leabhair den scoth a roinnt le léitheoirí óga agus tá naoi leabhar againn i mbliana a bhfuilimid cinnte fúthu go mbainfidh idir óg agus aosta taitneamh astu. Tá údair agus maisitheoirí den chéad scoth againn in Éirinn agus táimid anbhródúil mar sin as an ngearrliosta atá á fhógairt againn inniu," a dúirt Mags Walsh, Stiúrthóir CBI.

I mbliana, den chéad uair riamh, tá leabhar i nGaeilge agus i mBéarla ag údar amháin ar an ngearrliosta. Tá na húrscéalta Bruised agus Maitríóisce le Siobhán Parkinson, Laureate na nÓg faoi láthair, ainmithe do na gradaim.

Údair nua is ea beirt atá ar an ngearrliosta, Paula Leyden le The Butterfly Heart agus Derek Keilty le Will Gallows and the Snake Bellied Troll. Tá Oliver Jeffers, Roddy Doyle agus Mark O'Sullivan, triúr a ghnóthaigh gradaim cheana, ar ais an ngearrliosta i mbliana. Is é seo an chéad ainmniúchán do Celine Kiernan.

> **"Tá ábhar saibhir sásúil iontu do pháistí," ar sé. "Tá ábhar tromchúiseach deacair i gcuid acu, agus an chuid eile spraíúil éadrom, Tá ceardaíocht álainn agus dearadh iontach sna leabhair go léir."**

Tabharfaidh sibh faoi deara go bhfuil leabhar Gaeilge le Caitríona Hastings agus Andrew Whitson ar an ngearrliosta i mbliana. Tá éacht i ndiaidh éachta á bhaint amach acu beirt, agus comhghairdeas leo. Séard a dúirt na moltóirí faoina leabhar, ná go bhfuil sé 'léirithe go gleoite' agus 'draíochtúil le léamh'.

"Ba é sárshaothar bunúil cumhach Ó Chrann Go Crann a dhíríonn ar an dúil a bhíonn againn go léir don dúchas, don chosaint agus don bhaile," ar siad. Sa scéal, tá cailín óg darb ainm Nia chun bogadh óna teach álainn faoin tuath chuig teach nua sa chathair mar go bhfuair a Dhaid post nua ansin. Níl sí róshásta faoi seo mar go mbeidh uirthi a cairde sa phobal agus sa scoil go léir a fhágáil.

Faighimid amach gurb iad na préacháin ag bun an ghairdín an dream is brónaí go bhfuil sí ag fágáil. Léirítear dúinn go mbíodh na préacháin ag súgradh le Nia i gcónaí agus go raibh sí in ann bráth orthu nuair a bhíodh sí faoi ghruaim.

Maidir leis an leabhar Gaeilge eile ar an ngearrliosta, deir na moltóirí gur úrscéal é seo 'atá inmholta ó thaobh simplíocht a phlota'.

"Léirítear turas an phríomhphearsa atá ina déagóir agus í sa tóir ar ghinealas a teaghlaigh ag dul siar trí cúig ghlúin máthartha," ar siad.

Sa scéal seo, le Siobhán Parkinson, nuair a shroicheann Mara trí bliana déag d'aois tá sí ag súil go mór lena bronntanas ach nuair a osclaíonn sí é, athraíonn an scéal. Ní iPod ná seodra atá ann ar chor ar bith ach sraith bábóg maitríóisce ón Rúis. Séad fíne óna seanmháthair atá ann agus ar dtús níl suim dá laghad aici sa bhronntanas páistiúil seo.

Ní hamháin sin ach tá ceann de na bábóigíní ar strae!

De réir a chéile, tuigeann Mara go bhfuil stair taobh thiar den bhábóg atá caillte agus téann sí sa tóir ar an fhírinne faoi bhrí agus scéal na bábóige seo.

Lena cara Dorota lena taobh, glacann Mara ról an bhleachtaire agus í ag iarraidh níos mó a fhoghlaim faoina gcúlra agus faoi stair na bábóige.

Ar ndóigh, beidh iomaíocht ghéar ann anois don duais mhór ach comhghairdeas le gach éinne a ainmníodh ar an ngearrliosta i mbliana, agus beidh le feiceáil cé a roghnófar mar bhuaiteoir sa deireadh.

## Crosfhocal 28.03.2012



### NODANNA

**TRASNA**

1 Mothúchán a ardaíonn an meanma (6)
4 Marbh leis, marbh gan é? (3)
8 Tír san Oirthear atá roinnte thuaidh agus theas (5)
9 An damáiste a dhéantar ar mhiotal ag taise nó uisce (5)
11 Tionól gach dara bliain a eagraíonn Comhdháil Náisiún ta an Gaeilge (6)
13 Bean chéile James Joyce, Bean Barnacle (4)
14 Ní bhíonn an duine seo gan locht (4)
16 Buaileann daoine seo chun meas a thabhairt ar shaothar duine eile (3)
17 Is as seo a thagann bainne bó (3)
18 Abair arís (5)
20 Dóthain (4)
22 Bealach, dóigh (3)
24 Labhair i nguth íseal (5)
26 Ainmhí fiáin a chónaíonn i rapach (6)
27 Roinnt, easaontas in eagraíocht mar shampla (6)

**SÍOS**

1 Tabhair barántas (8)
2 Mála (3)
3 As feidhm, as ord (6)
5 Fásta, sean (5)
6 Abairt atá ag iarraidh freagra (5)
7 Comhartha oifigiúil teaghlaigh nó clainne, atá faighte ar sciath mar shampla (5)
10 Aimsir nach bhfuil go maith do thiománaithe (3)
12 Comhartha tine: bíonn sé ag rince ar bharr coinnle (6)
15 Miotal coitianta: ritheann traenacha ar ráillí déanta as seo (6)
16 Cuan (2)
19 Athraigh ó uisce go hoighear (3)
21 Barr as a dhéantar fuisce (5)
23 Flaithiúil, cineálta (4)
24 Sliabh (4)
25 Áit ard charraigeach os cionn gleanna (4)

**Crosfhocal**
21.03.2012

**Buaiteoir na Seachtaine seo:**

**Caralín Cuirtís**
**Co Chill Dara**

**Duais na seachtaine**

**Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.**

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 02.04.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

# An focal deireannach

**Le Síle Ní Bhraonáin**

# Fad ar an lá

Faoi dheireadh thiar thall, tá fada tagtha ar an tráthnóna agus leis sin tá an ghrian ag scaladh go hard sa spéir. Ní go minic a tharlaíonn sé go mbíonn roinnt laethanta maithe againn in Éirinn, go háirithe agus iad ag teacht lá i ndiadh lae. Beidh lucht féachana TG4 sásta liom don chéad uair le fada.

Is deas an rud dea-scéala a thuar ó am go chéile. Tá sé beagnach dochreidte go mbeadh aimsir chomh maith againn chomh luath seo sa mbliain ach ní aon rud dona é sin. Níl radharc ar bith ar an domhan mór seo níos deise ná an méid a bhíonn le feiceáil in Éirinn le linn dea-aimsire.

Nuair a thagann an ghrian amach, bíonn meangadh gháire ar aghaidh chuile dhuine. Ní cosúil go mbíonn an saol leath chomh dona is a cheapann muid rudaí a bheith nuair a bhíonn sé ag cur baistí.

Tá cumhacht iontach ag an ngrian sórt dóchais éigin a thabhairt dhúinn. Bíonn chuile dhuine taobh amuigh ag siúl, ag snámh fiú, agus ag baint suilt as an áit álainn atá againn. Níl tada níos deise ná a bheith ag féachaint ar ghasúir óga ag spraoi dhóibh fhéin amuigh sa ngarraí.

Agus ní bhíonn sé ait daoine a fheiceáil ag dul thart le huachtar reoite! Sin é an rud is mó a thaitníonn liomsa nuair a thagann an aimsir bhreá! An uair deireanach a bhí '99' i mo lámh agam, ná nuair a bhí mé thall i mBrighton Shasana anuraidh, agus an lá céanna sin rinne gainéad mór ionsaí orm agus é ag iarraidh mo '99' a ghoid uaim.

Ach cé go raibh an t-éan úd mór milleach, agus é ag iarraidh suí ar mo ghualainn, fós fhéin ní bhfuair sé mo '99'. Sin an chomh mór is a thaitníonn uachtar reoite liom. Ach b'fhéidir nach mbeidh mé ag ithe ceann in aice na farraige arís!

Nach iontach an bealach atá ag aimsir dheas fonn spraoi a chuir ar dhaoine. Fiú más ag obair a bhíonn daoine, bíonn siad ag súil le dhul abhaile agus ag súil le suí taobh amuigh dhóibh fhéin. Nach deas go bhfuil rud éicínt againn le bheith ag tnúth leis in Éirinn faoi láthair, mar gur deacair a bheith dearfach faoi aon rud nuair a fheiceann tú agus a chloiseann tú an drochrud sa nuacht chuile lá.

Ar ndóigh, tá a fhios againn ar fad nach mairfidh an aimsir bhreá atá againn go brách ach baineadh muid taitneamh aisti chomh fada agus is is féidir.

## Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

# Bíodh eolas agat ar do Chearta: JobBridge

**Ceist** Chaill mé mo phost agus chuala mé go bhfuil scéim um thaithí oibre ann a thabharfaidh íocaíocht bhreise dom sa mhullach ar mo Shochar Cuardaitheora Poist. An féidir leat a insint dom fúithi?

### Freagra

Scéim náisiúnta intéirneachta is ea JobBridge a chuireann deiseanna taithí oibre ar fáil do dhaoine dífhostaithe. Bíonn intéirneacht a mhaireann idir 6 agus 9 mí ar thairiscint do rannpháirtithe sa scéim le heagraíocht óstaigh. Má ghlacann tú le hintéirneacht, is féidir leat d'íocaíocht leasa shóisialaigh a choimeád agus gheobhaidh tú €50 sa bhreis air seo sa tseachtain. Oibreoidh tú mar intéirneach in eagraíocht óstaigh ar feadh ar a laghad 30 uair sa tseachtain, gan 40 uair a shárú.

D'fhonn a bheith incháilithe do scéim JobBridge, ní mór duit bheith dífhostaithe agus Sochar Cuardaitheora Poist nó Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil agat nó bheith ag síniú do chreidmheasanna ar feadh 3 mhí ar an iomlán nó níos mó le 6 mhí anuas.

(D'fhéadfaí tréimhsí a caitheadh ar an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, SDOG, cúrsaí oiliúna FÁS Fháilte Éireann, Youthreach, FIT, Scéimeanna Fostaíochta Pobail, Tús, an Scéim Shóisialta Tuaithe, Tionscnamh Poist nó Postchúnamh Ioncaim a chur san áireamh chun teidlíocht do JobBridge a chomhlíonadh).

Má bhíonn tú incháilithe don scéim, is féidir leat na deiseanna reatha intéirneachta a sheiceáil ar jobbridge.ie. Nuair a bheidh intéirneacht arna sainaithint agat, déanann tú iarratas ar an eagraíocht óstaigh amhail a shonraítear san fhógra. Má roghnaíonn an eagraíocht óstaigh thú, tabharfaidh siad duit foirm theidlíochta a bheidh le stampáil ag d'Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh. Má dheimhnítear teidlíocht, seolfaidh an Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh na foirmeacha comhlánaithe do chliaint incháilithe ar ais chuig JobBridge le haghaidh próiseála.

Is féidir leat níos mó faisnéise a fháil faoin scéim ag jobbridge.ie. Tá an scéim oscailte le glacadh le hiarratais go dtí an 30 Meitheamh 2013.

Chuir an tIonad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh: 0761 07 4000

# Go leor iomána le himirt fós

Cillian Ó Conchúir

TÁ Sraith Iomána Allianz ag teacht chun críche ach tá mórán imeartha le déanamh fós. Tar éis d'fhoireann Jimmy Barry Murphy an bua a fháil ar Chill Chainnigh, caithfidh go bhfuil an lámh in uachtar aige agus é ag tabhairt cuairt ar Staid Semple chun aghaidh a thabhairt ar Thiobraid Árann. Gan ach pointe eatarthu sa tsraith, is cinnte go mbeidh an dá fhoireann ag iarraidh na babhtaí ceannais a bhaint amach.

Ag an taobh eile, tabharfaidh Baile Átha Cliath aghaidh ar Phort Láirge agus a fhios acu go bhfuil siad sa chluiche dícháilithe chun fanacht sa tsraith. Is ar fhir Anthony Cunningham atá an t-amhras is mó faoina dtodhchaí sa tsraith. Le bua, tá seans go mbeidh siad sna babhtaí ceannais.

Má cailleann siad, áfach, agus má fhaigheann Port Láirge an lámh in uachtar ar Bhaile Átha Cliath, is iadsan, seachas Port Láirge a imreoidh Baile Átha Cliath sa cluiche dícháilithe.

**Jimmy Barry Murphy** (Corcaigh) "Tá bealach fada le dul againn, ach diaidh ar ndiaidh táimid á bhaint amach." Is cosúil go bhfuil dúshlán á leagadh síos ag na reibiliúnaigh do na Cait i mbliana.

**Brian Cody** (Cill Chainnigh) "Tógaimid an tsraith dáiríre gach bliain, theastaíonn uainn buachan agus ní chuirfinn i géill gurb a mhalairt a bhí fíor." Seans nach bhfuil na Cait i cruachás tar éis an chéad cailliúint den séasúr i gcoinne Chorcaigh.

**Declan Ryan** (Tiobraid Árann) "Cibé foireann a bhuann idir Tiobraid Árann agus Corcaigh, beidh siad sa cluiche leathcheannais." Is mór an difríocht idir foireann na bliana seo agus an fhoireann a d'imir i gCraobh na hÉireann, ach ní cóir beagán a dhéanamh d'fhoireann Ryan.

Declan Ryan

**Anthony Cunningham** (Gaillimh) "Bhíomar leamh, le an-chuid den imirt lag, ag cur liathróidí amú, á tógáil ón talamh go dona, ag cosaint go dona, ionsaithe dona agus ag tógáil na roghanna míchearta." An-chuid le déanamh (bua i gcoinne Chill Chainnigh) ag fir Cunningham chun na babhtaí ceannais a bhaint amach.

**Anthony Daly** (Baile Átha Cliath) "Tá cluiche againn ar an 15 Aibreáin chun dícháiliú a sheachaint agus d'fhéadfadh sé sin a bheith níos déine ná cluiche leathcheannais na sraithe." In ainneoin sár-taispeántais in aghaidh Chorcaigh, Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann, tá curaidh sraithe na bliana seo caite ar tí dul síos go roinn a dó.

**Michael Ryan** (Port Láirge) "Tá mé á rá le fada, is iad na daoine sa seomra feistis amháin atá tábhachtach." Bhí Ryan ag tagairt do na roghnóirí, Nicky Chasin agus Philip Ryan, a d'fhág an foireann.


Anthony Daly

Jimmy Barry Murphy

# Iomaíocht ghéar sna cluichí deireanacha

Cillian Ó Conchúir

TÓGANN an tSraith Allianz briseadh an tseachtain seo cé go bhfuil Baile Átha Cliath ag tabhairt aghaidh ar Mhaigh Eo. Is athimirt é an cluiche seo ar an gcluiche a cuireadh deireadh go luath leis níos luaithe sa séasúr de bharr ceo. Ach níl aon amhras ach gurb í foireann Jack Uí Chonchúir an fhoireann is fearr faoi láthair.

Is iad Ciarraí an t-aon fhoireann atá deimhnithe críochnú sa chéad ceithre háit sa tsraith. Beidh buaiteoir an chluiche idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath in éindí leo, mar aon leis an Dún má fhaigheann siad sin an lámh in uachtar ar Laois. Ar an taobh eile, tá Ard Mhacha, Maigh Eo, Dún na nGall agus Laois i mbaol a ndícháilithe go roinn a dó.

Murar féidir le Maigh Eo pointe a ghnóthú in aghaidh Bhaile Átha Cliath, ní bheidh siad ró-mhuiníneach agus iad ag imirt as baile i gcoinne Chiarraí sa cluiche deireanach. Imreoidh Dún na nGall agus Ard Mhacha cluiche cáilithe agus a fhios ag an mbuaiteoir go mbeidh siad i Roinn a hAon an bhliain seo chugainn.

**Jack Ó Conchúir** (Ciarraí) "Fiú amháin dá gcríochnódh an tsraith anois, bheimíd sásta go leor toisc go bhfuair cuid mhaith imreoirí nua deis sa tsraith."

**Conor Counihan** (Corcaigh) "Tá an tsraith ann ar dhá chúis; chun triail a bhaint as rudaí éagsúla agus súil a chaitheamh ar roghanna éagsúla."

**James McCartan** (An Dún) "Táimid i bhfad níos cóngaraí dár bhfoireann don chraobhchomórtas ná mar atá Ard Mhacha agus tá sé sin díomách, nár thapaigh muid an deis."

**Pat Gilroy** (Áth Cliath) "Ba chóir go mba leor dhá pointe chun na cluichí ceannais a bhaint amach."

**Paddy O'Rourke** (Ard Mhacha) "Ní féidir déanamh gan é (Ciaran McKeever) má theastaíonn uait cluichí (móra) a bhuachan."

**James Horan** (Maigh Eo) "Níl mé róchinnte cad as an mhíchéatcht agus an ghruaim."
Jim McGuinness (Dún na nGall) "Tá cluiche amháin fágtha agus caithfimid toradh a fháil chun fanacht sa tsraith."

**Justin McNulty** (Laois) "Caithfimid foghlaim conas a bheith chomh cliniciúil le Ciarraí."

Jim McGuinness

James McCartan

James Horan

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 28 Márta, 2012

## Ar an gclaí

Le John Allen

# Ualach cluichí ar imreoirí agus ar bhainisteoirí araon

An tseachtain seo caite bhí chuid maith daoine ag caitheamh anuas ar fhoireann rugbaí na hÉireann i ndiaidh an chluiche i gcoinne Shasana. B'shin an ceathrú cluiche dóibh i ndiaidh a chéile agus caithfidh go raibh tuirse orthu agus cuid maith imreoirí le gortaithe de shórt éigin ag dul isteach sa choimhlint sin. Tá an spórt sin chomh fisiciúil go bhfuil sé ionann is dodhéanta ceithre chluiche i ndiaidh a chéile a imirt agus a bheith ar ardform i ngach ceann dóibh.

Sna cluichí sraithe iománaíochta faoi láthair, táimíd ag druidim chuig an deireadh de na cluichí babhta agus an ceathrú cluiche i ndiaidh a chéile á imirt an deireadh seachtaine seo. Ag ullmhú don tríú cluiche, bhí cúigear de m'fhoireann féinig, Luimneach, a bhí gortaithe agus dabht fúthu ag dul isteach go dtí an cluiche i gcoinne Uíbh Fháilí an Satharn seo caite.

Tá sé thar a bheith deacair ar imreoirí amaitéaracha, atá ag obair, nó ag freastal ar choláiste i rith na seachtaine, an scíth ceart a fháil, nó fáil ar ais ó ghortú laistigh de chúpla lá, agus cluiche tábhachtach eile ceithre seachtainí i ndiaidh a chéile acu. Bheadh sé níos fearr, b'fhéidir, trí cluiche a cur le chéile ansin briseadh de choicís a thabhairt agus ansin an dá chluiche eile a imirt.

Agus chun cur leis an ualach cluichí sin, beidh craobhchluiche roinn 1b an Domhnach i ndiaidh an chluiche dheiridh babtha, rud a chiallaíonn go mbeidh cúig chluiche i ndiaidh a chéile ag an dá fhoireann sin.

É sin go léir ráite, is dóigh go bhfuil an córas seo níos fearr ná an ceann a bhí ann roimhe. Go dtí seo bhí fiúntas i ngach cluiche agus tá sé mar an gcéanna ag dul isteach go dtí an babhta deiridh.

Cibé rud e, leanann na cluichí ar aghaidh an deireadh seachtaine seo agus tá orainn an turas fada a dhéanamh go Béal Feirste chun tabhairt faoi Aontroim ar an Domhnach. An Satharn seo chaite bhí farasbarr sé chúilín againn ag druidim isteach sa deich nóiméad deiridh i gcoinne Uíbh Fhailí ach theip orainn greim a choimeád ar an gcluiche a chríochnaigh ar chomhscór. Mar sin níl sé cinnte cé bheidh ag imirt i gcoinne an Chláir sa chraobhchluiche fós.

Tá seans ag Uíbh Fhailí, Aontroim agus Luimneach fós a bheith sa chraobh agus níl sé cinnte freisin cé bheidh le Laois sa chluiche dícháilithe.

**Tosaí Chrois Mhic Lionnáin agus Ard Mhacha, Jamie Clarke, ag iarraidh éalú ó John Gaffey, Garraí an Chaisleáin, i gCluiche Ceannais Peile na gClubanna ar Lá Fhéile Pádraig. Beidh na foirne ag dul chun páirce arís an Satharn seo.** PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE

Is maith an rud go bhfuil fiúntas i gcluichí na deireadh seachtaine sa roinn agus b'fhéidir go mbeidh orainn na ríomhairí a úsáid níos déanaí tráthnóna Dé Domhnaigh chun na foirne a scaradh óna chéile .

Tá an-tábhacht ag baint le babhta deiridh na príomhroinne freisin. Mar go mbeidh trí fhoireann ón roinn ag imirt sna leathchraoibh, mar aon le buaiteoir roinn 1b, agus nach bhfuil a fhios againn fós cé bheidh sa chéad, dara nó tríú áit agus ar an taobh eile den tábla níl a fhios againn cé bheidh le BÁC sa cluiche dícháilithe , tá mórán fiúntais ag baint le cluichí na deireadh seachtaine anseo freisin.

Agus cé nach bhfuil ach pointe amháin ag fir na príomhchathrach go dtí seo, ceapaim go bhfuil Anthony Daly sásta go leor le dul chun cinn na foirne agus é gan chuid mhaith imreoirí atá gortaithe.

Ní dóigh liom go bhfuil bainisteoir na nDéise, Michael Ryan, mar an gcéanna ach tabharfaidh taispéantas agus toradh an deireadh seachtaine muinín dó. Tá trua agam dó mar tá a fhios agam cé chomh deacair is atá sé dó agus é ina chéad shéasúr. Ach má bhuann siad sa bhaile i gcoinne BÁC an Domhnach seo agus má chaileann an Ghaillimh i bPáirc Uí Nualláin beidh orainn na ríomhairí a úsáid arís.

I bpríomhroinn na sraithe peile, beidh na ríomhairí céanna ag teastáil chun na foirne atá ar bhun na roinne a scaradh óna chéile. Bhí an méid sin toradh gan choinne sa roinn go bhfuil sé thar a bheith deacair a rá ag an bpointe seo cé a bhuafaidh an roinn agus cé a bheidh ag fágáil slán léi. Dar ndóigh is ag Ciarraí atá an form is fearr go dtí seo.

Sa dara roinn, tá Tír Eoghain ar bharr agus Cill Dara agus an Ghaillimh ar na sála orthu.

I bpeil sinsir na gclub, caithfidh Caisleán an Gharraí agus Raonaithe na Croise aghaidh a thabhairt ar a chéile arís an Satharn beag seo san athimirt craoibhe.

Chuir foireann an Gharraí ionadh ar chuid mhaith daoine leis an taispéantas a thugadar i bPáirc an Crócaigh ar Lá 'le Pádraig ach ba iad fir Ard Mhaca a chríochnaigh níos láidre agus ceapaim go mbeidh an corn ag taisteal ar ais ó thuaidh arís i mbliana.

Mar sin leanann an féasta cluichí ar aghaidh agus súil againn go mbeidh rudaí níos soiléirí i ndiaidh chluichí na deireadh seachtaine.

Cúige Laighean agus na Mumhan in iomaíocht i Staid Aviva i mí na Samhna anuraidh.
GRIANGHRAF LE PAT MURPHY / SPORTSFILE

# An mbeidh paca na Mumhan láidir go leor do na Laighnigh?

**Gráinne McElwain**

NÍL ach trí bhabhta fágtha sa tSraith Rabo Direct Pro 12 agus is é an cluiche idir Cúige Mumhan agus Cúige Laighean a sheasann amach an deireadh seachtaine seo.

Ní bhíonn mórán idir na foirne seo nuair a chasann siad ar a chéile agus anuraidh ba iad Cúige Laighean a fuair an lámh in uachtar ar na Muimhnigh san Aviva (13-9) ach nuair a thug siad aghaidh ar a chéile i bPáirc Thuamhan ina dhiaidh sin bhuaigh grúpa Tony McGahan faoi dhó i mí Aibreán (24-23) agus sa chluiche ceannais (19-9), an tseachtain tar éis gur bhuaigh Cúige Laighean Corn na hEorpa.

Feicfear na himreoirí idirnáisiúnta ar ais don dá chlub ar an Satharn ach is le Cúige Laighean a bheas an bhuntáiste le hochtar imreoirí a ainmníodh ar an fhoireann in aghaidh Shasana i gComórtas na Sé Náisiún ar fáil dóibh. Níl ach triúr le theacht ar ais do Chúige Mumhan a thosaigh an lá sin ach tá imní faoi ghortú ar dhuine acu, Donncha Ryan. Chaill na Laighnigh le húd slánaithe ag deireadh na himeartha in aghaidh na nOspreys an tseachtain seo caite (23-22) ach thug Seaimpíní na Sraithe ó anuraidh, Cúige Mumhan, na cosa leo ar éigin in aghaidh Chonnacht (20-13). Cé go bhfuair Cúige Mumhan na pointí, d'ardaigh an taispeántas sin go leor ceisteanna do Tony McGahan.

Ní raibh an chlibirt a bhí acu go maith agus bhí siad faoi bhrú. Tá imní mór faoi Paul O'Connll nach bhfuil tar éis imirt ó thús na míosa nuair a ghortaigh sé a glúin ag imirt d'Éirinn in aghaidh na Fraince agus ní fios fós an mbeidh Donncha Ryan ag imirt ach an oiread. Más rud é go raibh paca na Mumhan i dtrioblóid in aghaidh phaca Chonnacht, beidh feabhas dochreidte de dhíth in aghaidh paca Laighean le himreoirí ar nós Cian Healy, Mike Ross (má thagann sé ar ais ó ghortú), Richardt Strauss, Seán O'Brien agus Jamie Heaslip le theacht ar ais, gan trácht ar Brad Thorn sa phaca a bhuaigh Corn Rugbaí an Domhain leis an Nua-Shéalainn. Dúshlán mór eile mar sin atá ag paca na Mumhan agus déarfainn go mbeidh an-tionchar aige seo ar thoradh an chluiche.

Luaigh Tony McGahan i rith na seachtaine gurb iad na gortuithe an fhadhb is mó atá acu agus seans nach mbeidh Conor Murray réidh don chluiche seo ach an oiread. Ach dea-scéal dóibh gur imir David Wallace daichead nóiméad an tseachtain seo caite ach beidh le feiceáil an mbeidh sé ábalta cluiche iomlán crua fisiciúil ochtó nóiméad a imirt fós nó an bhfuil sé róluath aige.

Tá Cúige Laighean i bhfad chun cinn sa chéad áit ar chlár na bpointí ach níl ach trí phointe idir Cúige Mumhan atá sa dara áit agus na hOspreys atá taobh thiar dóibh agus Glasgow Warriors sa cheathrú háit, cúig phointe taobh thiar dóibh siúd arís. Mar sin má tá cluiche leathcheannais sa bhaile ó Chúige Mumhan tá na pointí ag teastáil Dé Sathairn ach sílim go mbeidh na Laighnigh róláidir dóibh.

Cúige Mumhan v Cúige Laighean
Dé Sathairn @ 7.30i.n

# Craobhchomórtas Rugbaí na mBan idir ollscoileanna i nGaillimh

**Gráinne McElwain**

FEICFEAR 200 imreoir rugbaí ban ó dheich gcoláiste dhifriúla ag imirt inniu agus amárach ar pháirceanna peile an Daingin ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus iad ag réiteach do Chraobhchomórtas Rugbaí na mBan idir choláistí oideachais tríú leibhéal. Seo an deichiú bliain ina bhfuil an comórtas ar siúl agus tá Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag iarraidh é a bhaint den chéad uair. "Chuaigh muid chomh fada leis an gcluiche ceannais in 2010 ach chaill muid in aghaidh Ollscoil Luimnigh," a deir Louise Kelly, an captaen agus uimhir a hocht atá ar fhoireann na hOllscoile i nGaillimh.

Is iad Ollscoil Luimnigh an fhoireann is láidre i roinn a haon agus an comórtas seo buaite acu le cúpla bliain anuas. Beidh Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC), agus Ollscoil Luimnigh (UL) san iomaíocht le NUIG chun áit a bhaint amach sa chluiche ceannais amárach. Cúig fhoireann a bheas ag casadh ar a chéile i roinn a dó: IT Luimnigh (LIT), IT Chorcaí (CIT), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), IT Phort Láirge (WIT) agus Ollscoil na Banríona (QUB).

"Tá aithne measartha maith ag na cailíní uilig ar a chéile agus muid san iomaíocht in aghaidh a chéile i Sraith na gColáistí i rith na bliana, ach cinnte beidh gach imreoir ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar an bhfreasúra ach fanfaidh gach rud ar an bpáirc," a deir Louise.

Is é an rud is iontaí faoi rugbaí na mban nach gcaithfidh tú a bheith ag imirt ó bhí tú i do chailín beag agus sin an dóigh ar thit Louise isteach sa spórt. "Thosaigh mé ag imirt sa chéad bhliain sa choláiste nuair a thug cara cuireadh dom dul ag traenáil léi. Tharla sé sin ceithre bliana ó shin agus táim fós ag imirt. Is aoibhinn liom an spórt," ar sise.

Is ó mhí Mheán Fhómhair anuraidh atá Ollscoil na Gaillimhe ag ullmhú don chomórtas seo agus leis na pleananna uilig déanta anois is ar na cluichí atá siad ag smaoineamh. "Níl aon ghortú ag cur as dúinn agus muid ag súil go mór leis an gcomórtas a thosú. Beidh muid féin ag cur tús leis an imirt in aghaidh UCC ag 11.30r.n inniu agus le cuidiú Dé beidh muid ann don chluiche ceannais amárach ag a trí a chlog. Bheadh sé thar a bheith deas é a bhuachan," a dúirt Louise.

Foirne na mban ó chúige Chonnacht agus Laighean in aicsean san fhearthainn. GRIANGHRAF LE RAY RYAN / SPORTSFILE

# Deis caillte ag Garraí an Chaisleáin?

**Gráinne McElwain**

"CIBÉ foireann is mó a d'fhoghlaim sa tréimhse idir an cluiche a chríochnaigh ar chomhscór agus an athimirt, de ghnáth is acu sin a bhíonn an bua ar an dara hiarracht ," a dúirt Anthony Cunningham, bainisteoir Gharraí an Chaisleáin as an Iarmhí leis na meáin i ndiaidh cluiche den scoth idir Crois Mhic Lionnáin agus Garraí an Chaisleáin i gCluiche Ceannais na gClub ar Lá le Pádraig.

Beidh sé suimiúil a fheiceáil cad iad na ceachtanna atá foghlamtha ag an dá fhoireann. I gcás Gharraí an Chaisleáin, beidh siad ag súil go mbeidh siad chomh maith céanna sa chéad leath is a bhí siad an lá cheana agus máistreacht i lár na páirce acu, ach beidh orthu díriú go hiomlán ar an tríú ceathrú nuair a thiocfaidh Crois Mhic Lionnáin ar ais go láidir agus an cháil sin orthu. I gcás Chrois Mhic Lionnáin, caithfidh siad tús níos fearr a fháil mar lá éigin rachaidh an nós seo ina n-aghaidh.

Bhí Crois Mhic Lionnáin ag cuartú a séú Craobh Club na hÉireann agus Garraí an Chaisleáin ón Iarmhí ag imirt den chéad uair i bPáirc an Chrócaigh.

Bhí gach rud againn sa dara leath go speisialta le cártaí dearga, teannas, drámaíocht agus ár ndóigh deiseanna scórála a chuaigh ar strae i dtreo deiridh an chluiche, ach mhothaigh an slua de níos mó ná fiche is a cúig míle duine go raibh comhscór féaráilte ar an lá.

Níl easpa taithí ar na Seaimpíní as Ard Mhacha ar an lá mór ach níor thosaigh siad go maith agus chuaigh Garraí an Chaisleáin 0-5 le 0-3 chun cinn tar éis cúig nóiméad déag. Nuair a fuair Paddy Mulvihill cúl go luath ina dhiaidh sin do Gharraí an Chaisleáin bhí an cuma ar an scéal go raibh Crois Mhic Lionnáin i dtrioblóid.

Bhí siad 1-8 in aghaidh 0-7 taobh thiar ag leatham. Ach sin an nós le Crois Mhic Lionnáin, is cuma cé chomh fada chun cinn is atá an fhoireann eile, is féidir leis na buachaillí seo a theacht ar ais. Chonaic muid sin i gCluiche Leathcheannais an chomórtais níos luaithe i mbliana nuair a bhí siad taobh thiar in aghaidh Crócaigh Chill Airne agus tháinig siad ar ais. Gan dabht is é mana an ghrúpa imreoirí seo ná Is Féidir Linn.

D'éirigh le Crois Mhic Lionnáin cúig chúilín a aimsiú gan freagra ón 43ú nóiméad ar aghaidh le Tony agus Aaron Kernan agus ar ndóigh Oisín McConville ag cur tuilleadh leis. Bhí deiseanna ag Crois Mhic Lionnáin an cluiche a bhuachan agus chuir siad ocht n-iarracht ar fóraoil ag deireadh an chluiche, rud nach raibh Tony McEntee, bainisteoir na foirne róshásta faoi.

Bhí Dessie Dolan thar barr do Gharraí an Chaisleáin ag aimsiú 0-6 agus é sa líne lántosach. Beidh air é a dhéanamh arís nuair a chasfaidh na foirne ar a chéile in athuair ar an Satharn i bPáirc Breffni Kingspan. Ní fhaigheann tú mórán deiseanna an lámh in uachtar a fháil ar Chrois Mhic Lionnáin ar an dara iarracht mar a d'fhoghlaim Crócaigh Chill Áirne san athimirt in 2007.

Beidh captaen na foirne, Stephen Kernan, ar ais acu tar éis téarma fionraíochta agus ní fheicim go ndéanfaidh Crois Mhic Lionnáin na botúin chéanna is a rinne siad an lá cheana.

**Patrick Mulvihill ó Gharraí an Chaisleáin tar éis dó seans a chailliúint i bPáirc an Chrócaigh. Cé orthu an bheidh an díomá san athimirt Dé Sathairn?**

GRIANGHRAF LE STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE

**Dé Sathairn**
**Cluiche Ceannais na gClub AIB**
**Crois Mhic Lionnáin v Garraí an Chaisleáin**
**Páirc Breffni Kingspan @ 5.00i.n**

# Babhtaí cáilithe Chomórtas Peile na Gaeltachta 2012

**Gráinne McElwain**

TÁ neart cluichí fós le n-imirt ag roinnt foirne Gaeltachta chun a n-áit a chinntiú le dul ó thuaidh deireadh seachtaine na Cincíse do Chomórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta ón 1ú go 4ú Meitheamh i nGaoth Dobhair, Dún na nGall. Cheana féin, tá roinnt foirne cáilithe, ar nós Cill tSeáin as Maigh Eo a bheas ag glacadh páirt sna gráid shóisir agus shinsir, agus is iad Naomh Abán ionadaithe Chorcaigh sna sinsir. Feicfear trí fhoireann Conallacha i ngrád na sinsear.

Sin iad seaimpíní an chomórtais sinsir ó anuraidh, Cloich Chionnaola, Gaoth Dobhair an fhoireann baile agus buaiteoirí an chomórtas áitiúil atá fós le cinntiú. Is ag tús mhí na Bealtaine a beidh an t-eolas sin againn. Gan dabht beidh Gaoth Dobhair ag iarraidh dea-shampla Cloich Chionnaola a leanúint mar b'iad a reáchtáil an comórtas anuraidh agus a bhuaigh amach é. Mar sin beidh roinnt brú ar Ghaoth Dobhair?

Ní fheicfimid aon fhoireann shóisearach as Ciarraí i mbliana ach sna sinsir tá An Ghaeltacht buailte ag an Daingean agus caithfidh fir an bhaile aghaidh a thabhairt ar Naomh Mícheál/An Fhaill Mhór chun áit a bhaint amach sa chomórtas.

Sna sinsir i nGaillimh, tá na cluichí leathcheannais le n-imirt go foil. Tabharfaidh na buaiteoirí idir Bearna agus Maigh Cuilinn aghaidh ar Naomh Anna nó An Cheathrú Rua sa chluiche ceannais agus is i mí na Bealtaine a bheas sé sin ar siúl. Ina theannta sin, roghnófar buaiteoirí i ngrád na sóisir an mhí chéanna.

Is iad An Rinn agus An Seanphobal ionadaithe Phort Láirge i ngrád na sinsear agus na sóisear agus beidh foirne eile sna sóisir ag teacht as an Mhí, sin iad Clann na nGael, Laochra Loch Laoi ó Bhéal Feirste, Na Gaeil Óga ó Baile Átha Cliath agus Móin Dearg as Londain. Deireadh seachtaine den scoth a bhíonn ann i gcónaí agus bí ag súil leis na mílte lena mbealach a dhéanamh ó thuaidh. Tá súil agam go mbeidh an aimsir go maith.